# TAISCEADÁIN

**Faisnéis agus Acmhainní do Scoileanna maidir le hÍomhánna Gáirsiúla a Chruthaigh an Duine Féin a Chomhroinnt**



# Réamhrá

Tá go leor deiseanna agus dúshlán nach rabhthas ag súil leo faighte ag scoileanna, tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne mar gheall ar an ráta tapa ag a bhfuil teicneolaíochtaí nua á bhforbairt agus mar gheall ar na bealaí athraitheacha a nglacann leanaí leo go minic. Tá na bealaí a dhéanann daoine cumarsáid lena chéile athraithe mar gheall ar an teacht atá againn ar an idirlíon agus ar ghairis ghutháin chliste. Ar cheann de na hathruithe seo tá grianghraif, teachtaireachtaí nó físeáin gríosaitheacha nó gnéasacha a sheoladh, ar a dtugtar "gnéastéacsáil".

Cé go bhfuil an chosúlacht air nach bhfuil in íomhánna nó teachtaireachtaí téacs gáirsiúla ach píosa spraoi soineanta do roinnt daoine óga, d'fhéadfadh iarmhairtí sóisialta agus dlí tromchúiseacha bheith le gnéastéacsáil. Cion coiriúil atá i ndéanamh, tógáil, ceadú le tógáil, taispeáint, sealbhú agus/nó dáileadh íomhánna gáirsiúla mionaoiseach; mar sin is gá go mbeadh scoileanna an-chúramach faoin gcaoi a láimhseálann siad na heachtraí seo.

Do cheannairí scoile, tá sé tábhachtach go mbeidh eolas acu nuair a thagann tú trasna ar eachtraí a bhaineann le comhroinnt íomhánna gáirsiúla ina scoil. Nuair a roinntear íomhánna gnéasacha a chruthaigh an duine féin go neamhthoiliúil, d'fhéadfadh na hiarmhairtí baint go mór ó fholláine scoláirí. D'fhéadfaí comhroinnt mhailíseach bheith i bhfoirm cibearbhulaíochta agus d'fhéadfadh comhroinnt mhí-úsáide imní um chosaint leanaí a thabhairt le fios. Tá sé mar aidhm ag an acmhainn seo roinnt faisnéise úsáideach a thabhairt le cuidiú le ceannairí scoile déileáil go héifeachtach le heachtraí um gnéastéacsáil a tharlódh.

Ina theannta sin, is gá dúinn gníomh a ghlacadh laistigh den seomra ranga ar mhaithe le feasacht a ardú agus leis an iompar dochrach lena mbaineann an tsaincheist seo a chosc. Ós rud é go dtéann sé i gcion go mór ar dhearcthaí, ar luachanna agus ar iompar scoláirí a mhúnlú, léirítear go seasta i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil an múinteoir cáilithe ranga ar an duine is fearr chun obair a dhéanamh go híogair agus go comhsheasmhach leis na scoláirí. Leagtar amach san acmhainn seo sraith ceachtanna ina bpléitear gnéastéacsáil agus comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla agus a bhfuil prionsabail an churaclaim OSPS mar bhonn agus taca leo.

Táthar ag súil go gcabhróidh an acmhainn seo le scoláirí chomh maith caidrimh níos dearfaí a bhunú agus a choinneáil le chéile agus go gcuirfidh sí ar a gcumas déileáil ar bhealach níos éifeachtaí le coimhlint idirphearsanta mar go mbaineann na ceachtanna le forbairt ionbhá, athléimneachta agus treallúis.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt na hacmhainne seo; comhaltaí foireann Sláinte agus Folláine SFGM agus foireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas, an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, an Chigireacht sa Roinne Oideachais agus Scileanna, Clár um Thoirchis Ghéarchéime Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Pauline Walley SC, Brian Hallissey BL agus an Garda Síochána.

Ciara O'Donnell,

An Stiúrthóir Náisiúnta,
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# CLÁR ÁBHAR

## Cuid 1:

### Faisnéis do Scoileanna maidir le hÍomhánna Gáirsiúla a Chruthaigh an Duine Féin a Chomhroinnt


Réamhrá .......... 2

Creat dlíthiúil .......... 10

Impleachtaí do bheartas scoile .......... 23

Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atáthar ag déileáil le heachtra .......... 19

Feasacht agus cosc .......... 33


## Rannóg 2:

### Taisceadáin: Acmhainn OSPS maidir le Comhroinnt Neamhthoilteanach Íomhánn Dlúthphearsanta


CEACHT 1: An dlí maidir le hábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt .......... 41

CEACHT 2: Nuair a théann comhroinnt ar líne in aimhréidh .......... 49

CEACHT 3: Milleán a chur ar an íospartach .......... 57

CEACHT 4: Brú piarghrúpa agus comhroinnt neamhthoilteanach .......... 65

CEACHT 5: Tionchar na meán agus steiréitíopaí inscne .......... 71

CEACHT 6: Cúnamh a fháil .......... 79

Aguisíní .......... 88


Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atáthar ag déileáil le heachtra

# Cuid 1:

## Faisnéis do Scoileanna maidir le hÍomhánna Gáirsiúla a Chruthaigh an Duine Féin a Chomhroinnt



## Réamhrá

Cumadh an téarma 'gnéastéacsáil' i dtús an 21ú haois; is comhfhocal é de na focail 'gnéas' agus 'téacsáil'. Úsáideadh é ar an gcéad dul síos chun cur síos a dhéanamh ar mhalartú ábhair ghnéasaigh, téacs ghnéasaigh agus íomhánna gnéasacha, ar fhóin phóca. Le cúpla bliain anuas, cumhdaítear ann comhroinnt téacs, físeáin, agus ábhair fhótagrafaigh ghnéasaigh ar fhóin phóca, ar fheidhmchláir, trí sheirbhísí líonraithe shóisialta agus le teicneolaíochtaí eile ar an idirlíon. Cé go n-áirítear le sainmhínithe teicniúla uaireanta malartú ábhar pornagrafaíochta, sa treoir seo díreoimid ar chomhroinnt íomhánna gáirsiúla a chruthaigh an duine féin. Is ábhar fótagrafach agus físe iad na híomhánna sa chás seo. I mbeagán focal, díreoimid den chuid is mó ar shaincheisteanna a bhaineann le comhroinnt féinphiceanna de dhaoine nocht nó 'nude selfies' mar a thugann daoine óga orthu.

Déantar iarracht sa doiciméad seo ceannairí agus múinteoirí scoile a chur ar an eolas faoin úsáid atá daoine óga a bhaint as gnéastéacsáil in Éirinn. Is é an aidhm atá ann aird a tharraingt ar na rudaí nach mór do scoileanna a chur san áireamh, i gcás ina dtarlaíonn eachtraí ina gcomhroinntear íomhánna gáirsiúla. Is é ról na scoile sna cásanna seo thar aon rud eile ná na leanaí atá i gceist a chosaint agus tacú leo agus ní tús a chur le himscrúdú faoin eachtra. Is ábhar dúshlánach, casta, agus leochaileach é seo do scoileanna; go háirithe toisc go bhféadfaí cásanna ina bhfuil íomhánna gáirsiúla de mhionaoisigh i gceist a mheas mar chionta coiriúla, dar leis an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. D'fhéadfadh smachtbhannaí tromchúiseacha a bheith mar thoradh ar ionchúisimh faoin acht sin, rud a athraíonn saol gach duine a bhíonn i gceist. Ar an gcúis sin táimid ag iarraidh a rá arís nach comhairle dlí í an fhaisnéis sa doiciméad seo. Moltar do scoileanna labhairt leis na Gardaí agus comhairle dlí shonrach a lorg nuair a tharlaíonn cásanna den sórt seo.

### Treoirlínte tábhachtacha chun dul i ngleic le comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla le rang

1. Moltar do mhúinteoirí go mbeadh an cúrsa dhá lá ina bhfuil tús eolais ar OSPS curtha i gcrích acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag múinteoirí faoi aon saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí sa rang sula gcuireann siad tús leis an gclár Taisceadáin.
2. Is cleachtas maith é do mhúinteoirí labhairt leis an treoirchomhairleoir agus leis an teagascóir ranga sula múintear an clár Taisceadáin. Ba cheart príomhoide na scoile agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas roimh ré freisin.
3. Ba cheart do mhúinteoirí comhoibriú le rannóga Riachtanais Speisialta Oideachais a gcuid scoileanna lena chinntiú go dtuigfidh các na ceachtanna agus na príomhtheachtaireachtaí.

Tá treoirlínte dea-chleachtais níos mionsonraithe ag tús na hacmhainne oideachais.

## Cén fáth ar cheart duit a bheith buartha faoi?

Tá sé tábhachtach go mbeidh eolas agat nuair a thagann tú trasna ar eachtraí a bhaineann le comhroinnt íomhánna gáirsiúla i do scoil. Ar an drochuair, nuair a roinntear íomhánna gnéasacha a chruthaigh an duine féin go neamhthoilteanach, d'fhéadfadh na hiarmhairtí baint go mór ó fholláine scoláirí faoi do chúram. D'fhéadfaí comhroinnt mhailíseach bheith ina chineál cibearbhulaíochta agus d'fhéadfadh comhroinnt mhí-úsáide imní um chosaint leanaí a thabhairt le fios.

Is féidir íomhánna gáirsiúla a roinnt i gcomhthéacs dlúthchaidrimh ach i gcásanna éagsúla chomh maith. Roinneann daoine ábhar dlúthphearsanta mar bhealach le haird a fháil nó le cliúsaíocht a dhéanamh le daoine a bhfuil suim rómánsúil acu iontu. D'fhéadfadh brú piarghrúpa bheith ina thoisc le gnéastéacsáil daoine óga áirithe. D'fhéadfadh scoláirí, scoláirí leochaileacha go háirithe agus iad siúd a bhfuil scileanna digiteacha níos laige acu, ábhar dlúthphearsanta a chruthú in ngan fhios dóibh féin nuair a dhéanann siad dearmad ceamaraí a mhúchadh. I gcásanna eile, níos tromchúisí, d'fhéadfaí scoláirí a mhealladh, iallach a chur orthu nó bob a bhualadh orthu chun íomhánna gáirsiúla díobh féin a chruthú.

D'fhéadfadh sé bheith anacrach nuair a roinntear íomhánna gáirsiúla a chruthaigh an duine féin, a roinneadh faoi rún ó thús, gan toiliú le lucht féachana níos leithne. D'fhéadfadh scoláirí a bhíonn ina n-íospartaigh de chomhroinnt neamhthoilteanach (dá dtagraítear go minic mar phornagrafaíocht díoltais; cleachtas ina ndáiltear ábhar gnéastéacsála, gan toiliú, chun díoltas a bhaint amach agus duine a náiriú go poiblí) nó gnéas-sracadh (cineál sracaidh nuair a bhagraíonn an coirpeach go scaipfear ábhar gáirsiúil den íospartach mura n-íocann an t-íospartach suim airgid nó mura seolann sé/sí tuilleadh ábhar gáirsiúil) fulaingt ó dhúlagar nó imní agus d'fhéadfadh siad bheith i mbaol láithreach.

Nuair a tharlaíonn eachtraí a bhaineann le híomhánna gáirsiúla ba cheart duit an cás a chur faoi bhráid an Gharda Síochána lena fhiosrú. Ba cheart duit dul i gcomhairle agus oibriú freisin le Tulsa, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Mar gheall gur cion coiriúil atá i sealbhú nó dáileadh íomhánna gáirsiúla mionaoiseach, caithfidh tú bheith an-chúramach faoin gcaoi a láimhseálann tú eachtraí. D'fhéadfadh na céimeanna a ghlacann tú chun eachtraí a réiteach bheith éagsúil ón gcaoi a ndéileálann tú le heachtraí eile cibearbhulaíochta. Nuair atá tú ag dul i ngleic le saincheisteanna cibearbhulaíochta moltar uaireanta na teachtaireachtaí agus postálacha a choinneáil mar fhianaise ar an mbulaíocht agus an eachtra a thaifeadadh i gcónaí mar a leagtar amach sna *Gnásanna Frithbhulaíochta*. Ba cheart a chur san áireamh agus formáid do thaifead lena mbaineann íomhánna gáirsiúla leanaí faoi 17 mbliana d'aois á roghnú gur cion atá i stóráil agus dáileadh na n-íomhánna seo faoin Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.

Nuair a tharlaíonn eachtraí a bhaineann le híomhánna gáirsiúla ba cheart duit an cás a chur faoi bhráid an Gharda Síochána lena fhiosrú. Ba cheart duit dul i gcomhairle le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, lena chinntiú go bhfaigheann na leanaí bainteacha an tacaíocht agus an chosaint riachtanach.

## Faisnéis chúlra agus comhthéacs

### Cén fáth a mbíonn leanaí i mbun gnéastéacsála?

Tá sé seo ina ábhar taighde acadúla le blianta beaga anuas. Tá go leor cúiseanna a malartaíonn leanaí téacsanna gáirsiúla. Go minic malartaítear teachtaireachtaí mar chuid de chaidreamh rómánsúil, mar mheán le caidreamh a chur ar aghaidh nó mar chuid de chéim cliúsaíochta tosaigh. Déanann roinnt leanaí cur síos ar gnéastéacsáil mar chineál gnéis shábháilte mar "ní féidir leat éirí torrach ná galar gnéas-tarchurtha a fháil uaidh".[1] Tá cúiseanna a eile a mbíonn leanaí i mbun gnéastéacsála. Cloíonn go leor de na cuspóirí seo leo siúd a bhíonn taobh thiar d'iompair eile déagóirí.

Is ionann cuid mhaith de na cúiseanna a bhíonn le gnéastéacsáil agus iad siúd a spreagann iompar eile déagóirí.

1. **Léiriú gnéasach:** Déanaí leanaí i gcaidrimh rómánsúla a bheith ag gnéastéacsáil chun a gcaidreamh féin a chur ar aghaidh agus mar bhealach chun a muinín ina chéile a léiriú[2]. Úsáideann siad gnéastéacsáil chomh maith chun cliúsaíocht a dhéanamh agus mar dhreasacht chun caidreamh a thosú. Is féidir gnéastéacsáil a úsáid chun gnéasacht duine a chur in iúl (úsáideann daoine faisean chun a mbanúlacht nó a bhfireannacht a chur in iúl, ach d'fhéadfadh daoine eile íomhánna gnéastéacsála a phostáil ar líne).
2. **Cumarsáid:** Bíonn leanaí i mbun gnéastéacsála chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile. Seolann déagóirí níos óige teachtaireachtaí gáirsiúla gnéis chuig cairde platónacha mar chineál grinn. Do leanaí i gcaidrimh rómánsúla bunaithe, d'fhéadfadh cómhalartacht bheith ina chúis le gnéastéacsáil mar gach a sheolann tú ábhar gnéastéacsála, gheobhaidh tú an rud céanna ar ais.[3] Gné de ghnéastéacsáil a thaitníonn le daoine óga is ea gur foirm phríobháideach cumarsáide atá ann go hiondúil, nach féidir le daoine fásta a fheiceáil.
3. **Aird/dearbhú:** Tá go leor samplaí feicthe sa chultúr pobail do dhaoine atá cáiliúil agus saibhir mar gheall ar fhíseán gnéis a sceitheadh. Mar gheall air seo, creideann roinnt daoine óga go bhfuil seans ann go bhfeicfí iad agus go beadh gairm acu mar mhainicín nó mar phearsa teilifíse má chuireann siad pictiúir ghháirsiúla ar líne.[4] Úsáideann daoine óga eile gnéastéacsáil chun aird, dearbhú agus meas a fháil ó dhaoine a bhfuil spéis rómánsúil acu iontu.

4. **Brú sóisialta agus piarghrúpa:** Bíonn brúnna sochaí níos leithne ina chúis le roinnt daoine óga bheith ag gnéastéacsáil. Is é is ciall le 'gnéasú cultúir' go mothaíonn go leor daoine óga go bhfuil aon ionchas go mbreathnóidís ar bhealach áirithe agus go mbeidís gníomhach go gnéasach.[5] Síníonn an brú seo chuig gnéastéacsáil. Féadfaidh brú piarghrúpa an brú seo ar` dhaoine óga chun ábhar gnéastéacsála a sheoladh a dhianú.
5. **Bainistiú imprisin:** Glacann go leor daoine óga féinphiceanna nó grianghraif a thairgeann siad féin mar trína dhéanamh sin tá siad in ann smacht bheith acu ar an gcaoi a fheiceann an domhan i gcoitinne iad.[6] Is beag nach bhféadfá a rá gur féinphortráidí iad féinphiceanna agus gnéastéacsáil den ré nua-aimseartha. Tugann sainghné roghnaitheach agus féintáirgthe na gnéastéacsála saghas cosanta do dhaoine óga nuair atá siad páirteach i gcumarsáid dhlúthphearsanta.
6. **Trí thimpiste/go meargánta:** Chuir roinnt leanaí ábhar gnéastéacsála ar fáil trí thimpiste. Tharla sé seo nuair nach raibh a fhios ag leanaí go raibh ceamaraí gréasáin ar ríomhairí nó ar ghairis láimhe ar siúl agus gur athraigh siad éadaí os comhair an cheamara. I ndomhan ina mbíonn guthán le ceamara réidh ag duine éigin i gcónaí, tá sé éasca ábhar gnéastéacsála a chruthú agus a dháileadh go meargánta agus gan chuimhneamh ar na hiarmhairtí.
7. **Comhéigean/dúmhál agus díoltas:** Ar an drochuair, bhí eachtraí ann nuair a dhéantar comhéigean ar dhaoine óga chun ábhar gnéastéacsála a chruthú agus a sheoladh.[7] Nuair a chuirtear íomhá dlúthphearsanta amháin chuig páirtí, féadfaidh an duine seo an íomhá sin a úsáid chun dúmhál a dhéanamh ar an íospartach ionas go seolfaidh siad tuilleadh íomhánna. Tá cásanna ann inar chreach coirpigh ar dhaoine óga agus d'úsáid siad ábhar gnéastéacsála chun suimeanna móra airgid a fháil ó na daoine óga. I gcásanna eile, dháil iarleannán ábhar gnéastéacsála, chun díoltas a fháil ar iarpháirtí.
8. **Turgnamhach:** De réir mar a fhásann leanaí, tá sé réasúnach go mbeidís ag iarraidh tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil a gcolainn ag athrú. Glacann roinnt leanaí pictiúir dá gcolainn nochta le cuidiú leo amharc níos fearr a fháil ar a gcolainn féin.[8] B'fhéidir nach mbeadh sé i gceist acu riamh na híomhánna seo a sheachadadh ach, trí shainmhíniú dlíthiúil, d'fheadfaí féachaint ar na híomhánna seo mar phornagrafaíocht leanaí agus d'fhéadfadh siad chomh maith bheith ina n-ábhar gnéastéacsála, dá roinnfí na híomhánna.

## An comhthéacs do ghnéastéacsáil Cá dtarlaíonn gnéastéacsáil?

Bíonn sé deacair a bheachtú cá dtarlaíonn gnéastéacsáil déagóirí ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, athraíonn teicneolaíochtaí agus an úsáid a bhaintear as aipeanna chomh tapa go mbíonn úsáid á baint ag déagóirí as rud nua faoin am go mbeireann daoine fásta orthu. Ar an dara dul síos, déantar formhór na gnéastéacsála a bhíonn ar bun ag déagóirí go príobháideach agus ní bhíonn sé le feiceáil den chuid is mó.[9]

Mar gheall ar ghutháin chliste, bíonn sé níos éasca ag déagóirí a bheith i mbun gnéastéacsála.[10] Mar gheall ar sheirbhísí teachtaireachta saor in aisce, cosúil le WhatsApp, Viber, Snapchat agus Facebook Messenger, tá sé an-éasca agus saor grianghraif agus físeáin a roinnt le duine ar bith a bhfuil guthán cliste nó táibléad acu. Mar gheall ar an athrú ó théacsáil go seirbhísí teachtaireachta níl gnéastéacsáil teoranta d'ábhar scríofa, mar nach ngearrtar na táillí céanna ar úsáideoirí as pictiúir a sheoladh agus a gearradh cheana. Mar gheall ar chomh coiteann is atá gutháin chliste tá gnéastéacsáil níos éasca mar gur féidir le gutháin chliste ceangal leis an idirlíon ach ní theastaíonn ceangal gan sreang.[11]

Mar gheall gur gairis phearsanta iad gutháin chliste, bíonn an-tóir orthu chun ábhar níos dlúthphearsanta a mhalartú. Seans go raibh daoine óga neirbhíseach roimhe seo faoi íomhánna ábhar gnéastéacsála a sheoladh ar ríomhaire nó ríomhaire glúine teaghlaigh, ar fhaitíos go bhfeicfeadh a dtuismitheoirí é. Tugann gutháin chliste agus aipeanna teachtaireachta dúnta, atá ar fáil go coitianta anois, ómós príobháideachais níos mó do dhaoine óga. Coinníonn tuismitheoirí súil ar roinnt de na líonraí sóisialta bunaithe agus úsáideann siad féin iad. Is fearr le daoine óga aipeanna agus seirbhísí a úsáid nach bhfuil in úsáid ag a dtuismitheoirí/gcúramóirí le haghaidh gnéastéacsála.[12]

Déantar formhór na gnéastéacsála a bhíonn ar bun ag déagóirí go príobháideach agus ní bhíonn sé le feiceáil den chuid is mó. Mar gheall gur gairis phearsanta iad gutháin chliste, bíonn an-tóir orthu chun ábhar níos dlúth-phearsanta a mhalartú.

Braitheann an cineáil seirbhísí a úsáidtear le haghaidh gnéastéacsála ar an spreagadh taobh thiar den ghnéastéacsáil. Má tá na daoine óga i gcaidreamh rómánsúil príobháideach is mó an seans go n-úsáidfidís aip teachtaireachta príobháidigh nó seirbhís físghlao. B'fhéidir gur fearr le daoine ag tús caidrimh nó atá ag cliúsaíocht lena chéile aip éadrom a úsáid ina "n-imíonn" an t-ábhar tar éis cúpla soicind. D'fhéadfadh daoine óga a bhíonn ag cuardach airde agus dearbhaithe agus a bhíonn ag iarraidh cloí le noirm áirithe a bpictiúir gháirsiúla a phostáil ar líonra sóisialta poiblí.[13] D'fhéadfadh déagóirí a bhíonn ag lorg daoine chun ábhar gnéastéacsála a mhalartú úsáid a bhaint as aipeanna caidrimh nó ardáin mheán sóisialta áirithe.[14]

Má bhailíonn duine (buachaill de ghnáth) roinnt íomhánna gnéastéacsála, d'fhéadfadh a stádas agus a sheasamh feabhsú i ngrúpa piara.[15] Cuireann na daoine seo ina luí nó comhéigníonn siad daoine óga eile le híomhánna dlúthphearsanta a sheoladh. Stóráiltear na híomhánna seo ansin i bhfillteán nó ar ghuthán

agus roinntear le cairde iad i gcomhrá grúpa teachtaireachta príobháidigh.

## Cé atá rannpháirteach?

Den chuid is mó, tarlaíonn gnéastéacsáil i measc piaraí. Tarlaíonn gnéastéacsáil de ghnáth i gcomhthéacs caidreamh rómánsúil inmhianta nó bunaithe le piaraí, [16]tar éis roinnt áitithe go minic agus de bharr brú ó ionchas sóisialta.[17]

Léirítear i dtaighde *Páistí an AE ar Líne agus Net Children Go Mobile* gur mó an seans go bhfuair leanaí níos sine teachtaireachtaí gnéasacha ar líne. Cé nach bhfuair ach 4% do leanaí 11-12 bhliain íomhánna gnéasacha, fuair 22% de leanaí 15-16 bliana iad. Cé nach raibh formhór na leanaí a ndearnadh suirbhé orthu trína chéile mar gheall ar na teachtaireachtaí gnéasacha a fuair siad, ba dóchúla go raibh cailíní ná buachaillí trína chéile ag an ábhar.[18]

Mar aon le bheith níos sine, is dóchúil go raibh leanaí a bhíonn páirteach i ngnéastéacsáil páirteach i réimse iompar ar líne agus as líne rioscúil.[19] Creidtear chomh maith go bhfuil tionchar ag cultúr, aicme, cine, gnéasacht agus inscne, go háirithe ar chleachtais agus ar thaithí gnéastéacsála.[20]

Tá roinnt eachtraí tarlaithe inar comhéigníodh daoine óga chun íomhánna gnéastéacsála a sheoladh nó comhrá físe a dhéanamh le grúpaí coiriúla gairmiúla. Is iondúil go gcuireann na grúpaí seo, a bhíonn bunaithe i dtíortha eachtracha de ghnáth, ina luí ar dhaoine óga go bhfuil siad ag labhairt le duine a bhféadfadh caidreamh rómánsúil bheith acu leo. Nuair a fhaigheann na coirpigh seo roinnt íomhánna/físeáin gháirsiúla úsáideann siad na híomhánna chun dúmhál a dhéanamh ar an duine óg chun suimeanna móra airgid a sheoladh chucu. Bagraíonn na coirpigh seo go roinnfidh siad an t-ábhar príobháideach, dlúthphearsanta ar líne mura n-íocann an duine óg iad.

## Iarmhairtí ar an bhfolláine

Ní cuid de ghnáthshaol déagóra í an ghnéastéacsáil. Gníomhaíocht atá ann nach mbíonn formhór déagóirí páirteach ann. Caithfear a rá chomh maith nach mbíonn dochar mar thoradh ar ghnéastéacsáil i gcónaí. Bíonn suim nua i ngnéasacht agus caidreamh rómánsúil ina cuid d'fhorbairt ógánach.[21] D'fhéadfadh an ghnéastéacsáil bheith ina léiriú suime.

Ag an am céanna, tá go leor cásanna ann ina ndeachaigh gnéastéacsáil mícheart agus gur baineadh mí-úsáid as ábhar a roinneadh go rúnda. Nuair a tharlaíonn sé seo d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha, diúltacha bheith ann d'fholláine

na ndaoine lena mbaineann. Mar aon le héifeachtaí suntasacha sóisialta agus síceolaíocha, tá eachtraí ann inar bhásaigh daoine óga trí fhéinmharú agus ina raibh imscrúduithe coiriúla mar thoradh orthu.

Go minic, bíonn sé deacair líne a tharraingt idir gnéastéacsáil ionsaitheach agus cibearbhulaíocht mar go bhféadfadh gnéastéacsáil a bheith comhéigneach agus nasctha le ciapadh, le bulaíocht agus le foréigean.[22] Cé gurb í an chibearbhulaíocht an riosca ar líne is mó a chuireann isteach ar leanaí, bíonn éifeachtaí gnéastéacsála an-chosúil le héifeachtaí cibearbhulaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh paranóia agus mothú aonraithe[23], imní agus náire go roinnfí na pictiúir gan toiliú mar thoradh ar ghnéastéacsáil. I gcás déagóirí a bhíonn i mbun gnéastéacsála bíonn faitíos mór orthu chomh maith maidir le smachtbhannaí a chuirfeadh tuismitheoirí nó scoileanna i bhfeidhm orthu.[24] Go minic ní fhíoraítear an faitíos ná an imní seo.

Is ar chailíní is mó a fheictear na drochthionchair a bhaineann le gnéastéacsáil. Tugtar 'striapacha' go minic ar chailíní a bhíonn ag gnéastéacsáil agus bíonn dímheas ag a bpiaraí orthu.[25] Tarlaíonn sé go coitianta i gcultúr seo againne go gcuirtear an milleán ar an íospartach maidir le gnéastéacsáil, agus cuireann go leor daoine an milleán ar an duine a sheol na híomhánna i dtús báire as aon mhí-ádh a bhíonn air/uirthi. Tuairiscíodh i dtaighde *Net Children Go Mobile* go raibh sé seo ar cheann de na cleachtais ba dhochraí.[26] Mar aon le bheith faoi réir noirm áilleachta leatromacha agus bheith faoi réir scrúdú amhairc níos déine mar gheall ar ghnéastéacsáil,[27] is mó an seans chomh maith go ndéanfaí damáiste do chlú cailíní mar gheall ar ábhar gnéastéacsála a seoladh. Mar gheall go bhfuil an t-idirlíon uileláithreach bíonn sé níos éasca iarratais ghnéasacha a chur chuig cailíní arís is arís eile. Chomh maith leis sin, mar nach bhfuil daoine in ann a n-íospartaigh a fheiceáil, mar gheall ar dhí-urchoilleadh, is é sin nach mbíonn náire ná bac orthu, is mó an seans go seolfaidh siad teachtaireachtaí gnéasacha atá fíorionsaitheach. Ar an drochuair, is iondúil gurb iad na cailíní a fhaigheann na teachtaireachtaí seo.

Ní cuid de ghnáthshaol déagóra í an ghnéastéacsáil.

Is féidir le teachtaireachtaí gáirsiúla cur isteach go mór ar leanaí níos óige agus níos leochailí, agus imní agus mearbhall a chur orthu.[28] Comhartha a d'fhéadfadh a bheith i ngnéastéacsáil go bhfaca leanaí iompar gnéasach nó go deimhin go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu.[29]

## Coitiantacht gnéastéacsála

Fuarthas i dtaighde ina ndearnadh scrúdú ar iompraíochtaí gnéastéacsála i measc déagóirí in Éirinn gur iarradh ar bheagnach leath chuid díobh íomhánna gnéasúla a sheoladh ag pointe éigin. ***Ní amháin íomhánna gnéasúla ata i gceist:*** Rinne an tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta imscrúdú **ar iompar agus fadhbanna iompraíochta i measc déagóirí i dtaca leis an gnéastéacsáil.** Ghlac 848 dalta idir 15-18 mbliana d'aois a bhí ag freastal ar an gceathrú go dtí an séú bliain in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre páirt sa staidéar .

**Torthaí príomhúla:**

- Iarradh ar níos mó ná leath na ndéagóirí a ndearnadh suirbhé orthu íomhá díobh féin lomnacht a sheoladh i dtéacs, ríomhphost nó trí aip, agus 44% díobh a dúirt gur iarradh orthu go minic agus 12% díobh ar iarradh orthu aon uair amháin. Mar sin féin, bhí breis is trí cheathrú (76%) de na freagróirí nár sheol íomhá dá leithéid. Tá na torthaí seo cosúil le taighde idirnáisiúnta atá déanta roimhe seo ina léirítear go mbíonn claonadh ag déagóirí tuairisciú a dhéanamh ar iompar gnéastéacsala níos éighníomhaí seachas gníomhach.

- Den chuid is mó, comhpháirtí rómánsúil (buachaill nó cailín), a iarrann ar féiníní gnéasúla, agus a sheolann iad agus a fhaigeann iad, (agus ina dhiaidh sin duine éigin a raibh splanctha ina dhiaidh).

- Iarradh ar níos mó cailíní (29%) ná buachaillí (15%) íomhá gnéasach a sheoladh.

- Tá sé níos dóchúla gur buachaillí a bhíonn ag iarraidh ar íomhánna gnéasúla a fháil. Tá na torthaí seo ar aon dul le taighde atá déanta roimhe seo ina léirítear go bhfuil sé níos dóchúla gurb iad buachaillí a bhíonn ag iarraidh ar íomhánna gnéasúla a fháil.

- Luaigh 30% de na daltaí gur minic a bhfuair siad íomhá gnéasúil (teachtaireacht ghnéastéacs) tráth nach raibh sé á iarraidh uathu, agus beagnach 22% de na cailíní san áireamh, agus fuair 15% de na daltaí íomhá sa tslí sin aon uair amháin. Tugtar le fios sa toradh sin go bhfuil seans maith ann, go háirithe i gcás cailíní, go mbeifear ag fáil teachtaireacht ghnéastéacs gan iarraidh, agus gur rud é sin a chuirfeadh isteach ort.

I dtaighde a rinne Zeeko a bhí dírithe ar thuiscint a fháil ar na treochtaí digiteacha atá ann faoi láthair i measc déagóirí in Éirinn, fuarthas gur tháinig ardú ar an ráta de theachtaireachtaí gnéastéacála de réir mar a théann na déagóirí in aois agus 4% de na daltaí sa chéad bhliain a luaigh gur sheol siad íomhá gnéastéacsála, i gcomparáid le 34% de na daltaí sa séú bliain a luaigh siad go raibh amhlaidh déanta acu. Fuarthas sa tuarascáil gur dóichí go mbeidh déagóirí in Éirinn ag glacadh páirte i dtéacsáil ghnéasúil de réir mar a théann siad in aois, agus admháil 13% de dhaltaí meánscoile gur sheol siad grianghraif nó físeáin díobh féin lomnocht nó leath-ghléasta. Tá buachaillí dhá oiread níos dóchúla ná cailíní glacadh páirt i dteachtaireacht ghnéasúla - 17% de bhuachaillí i gcomparáid le 9% de chailíní. I meánscoileanna DEIS, tá céatadáin na n-iompraíochtaí maidir le teachtaireachtaí gnéasúla níos airde, go háirithe i measc na buachaillí agus grúpaí a meastar níos mó riosca ag gabháil leo, mar shampla teachtaireacht ghnéasúil a dhéanamh le neamhpháirtí nó le duine ar líne an chéad uair a chuireadh aithne orthu.

## Creat dlíthiúil

Tá reachtaíocht choiriúil ar leith tugtha isteach in Éirinn le déanaí - an tAcht tum Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 - chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhroinnt neamh-chomhthoiliúil d'ábhar follasach agus don "phornagrafaíocht díoltais".

*Cad is pornagrafaíocht díoltais ann?*

D'fhéadfaí an roinnt d'íomhánna gáirsiúla de dhuine gan a thoiliú chun dochar a dhéanamh dó a léirmhínú mar chiapadh. Is í Pornagrafaíocht díoltais an téarma coitianta ar dháileadh mailíseach íomhánna dlúthphearsanta, gan toiliú an duine lena mbaineann, chun díoltas a bhaint amach agus chun duine a náiriú go poiblí. Tarlaíonn sé den chuid is mó nuair a chliseann ar chaidreamh agus déanann an páirtí a fágadh iarracht díoltas a bhaint amach ar iarpháirtí.

## An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020

Tá dhá chion tugtha isteach leis an Acht seo. Sula ndéanaimis na cionta a mheas go mionsonrach, bheadh sé fiúntach na sainmhínithe ábhartha atá san Acht a leagan amach. Luaitear ann:

Ciallaíonn "íomhá dhlúthphearsanta", maidir le duine, aon amharcléiriú (lena n-áirítear aon fhuaim nó doiciméad a ghabhann leis) a dhéantar ar bhealach ar bith lena n-áirítear aon léiriú grianghrafadóireachta, scannáin, físe nó digiteach—

(a) den limistéar ginitiúil, masa nó anasach, nó de limistéar a bhfuil sé curtha le fios a bheith limistéar dá leithéid, agus, sa chás gur duine baineann atá ann, dá cíocha,

(b) de na fo-éadaí agus iad ag clúdach limistéar ginitiúil, masa nó anasach agus, sa chás gur duine baineann atá ann, a cíocha,

(c) ina bhfuil an duine lomnocht, nó

(d) ina bhfuil an duine i mbun gníomhaíochta gnéis;

áirítear le "díobháil" an díobháil shíceolaíoch;

ciallaíonn "foilsiú" foilsiú, seachas tríd an gcraoladh, don phobal nó do chuid den phobal.

Tá sé tábhachtach mar sin na rudaí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Cuimsítear le hÍomhá dhlúthphearsanta íomhá de dhuine ina fho-éadaí. Ní gá go mbeadh an duine san íomhá nó san fhíseán lom-nocht nó gan éadaí, go huile is go hiomlán.

- Cuimseoidh an sainmhíniú leathan ar "foilsiú" dáileadh íomhá nó físe ar WhatsApp, Snapchat nó ar aon ardán eile sna meáin shóisialta.

- Áirítear pictiúr nó físeán de dhuine atá i mbun gníomhaíochta gnéasaí freisin. Maidir le pictiúr nó físeán a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach, is féidir an duine arna léiriú ann a bheith lán-ghléasta ach b'Íomhá dhlúthphearsanta a bheadh i gceist leis fós, beag beann air sin.

- Íomhá dhlúthphearsanta a bheidh i bpictiúr fótachóipeáilte nó i bhfíseán “domhainbhrionnúcháin ” má chuirtear le fios leis gur íomhá nó gur físeán den duine sin. Dá bhrí sin, is cion faoin Acht é aghaidh duine a chur ar chorp nocht.

***Alt 2 - Íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh, a fhoilsiú nó bagairt a dhéanamh íomhá pearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú agus le hintinn díobháil a dhéanamh nó a bheith meargánta maidir le díobháil a bheith déanta.***

Tugadh an cion seo isteach chun déileáil go sonrach le cásanna den “phornagrafaíocht díoltais”. Is é an ceann is tromchúisí de na cionta nua atá tugtha isteach faoin Acht agus iompraíonn sé na pionóis is tromchúisí má chiontaítear é.

Tá an cion seo dírithe ar dháileadh agus ar fhoilsiú Íomhánna dlúthphearsantaa, nó ar bhagairt íomhánna pearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú agus é ar intinn leis sin díobháil a dhéanamh nó a bheith meargánta maidir le díobháil a bheith déanta.

De réir alt 2 den Acht:

Duine a dháileann, a fhoilsíonn íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile, nó a bhagraíonn go ndéanfaidh sé é a dháileadh nó a fhoilsiú—

(a) gan toiliú an duine eile sin, agus

le hintinn díobháil a dhéanamh nó a bheith meargánta maidir le díobháil a bheith déanta don duine eile sin,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Chun críocha fho-alt (1), déanann duine díobháil do dhuine eile más rud é—

(a) go ndéanann sé nó sí, go hintinneach nó go meargánta, trína chuid nó trína cuid gníomhartha, cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó scaoll a chur sa duine eile nó anó a chur air nó uirthi nó díobháil a dhéanamh don duine eile, agus

(b) gur gníomhartha iad a chuid nó a cuid gníomhartha a n-aithneodh duine réasúnach maidir leo go ndéanfaidís cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó go gcuirfidís scaoll sa duine eile nó anó air nó uirthi nó go ndéanfaidís díobháil don duine eile.

Is é an toiliú an chéad cheist lárnach. Más rud é nach bhfuil toiliú tugtha chun an íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh, mar sin tá an chéad cheanglas maidir le cion faoin Acht ann ina iomláine.

Mar atá luaite thuas, is léir go ndéantar leis an cion an ghné tipiciúil den "phornagrafaíocht díoltais" a choiriúlú, i.e. nuair a sheolann duine íomhá dhlúthphearsanta dá iarpháirtnéir chuig duine dá gcairde, chun iad a ghortú agus díoltas a bhaint amach. Seolann siad an íomhá agus a fhios acu go gcuirfidh sé seo scanradh agus anacair ar an íospartach.
Mar sin féin, tá an alt níos leithne ná sin, agus clúdaíonn sé níos mó cásanna ná na cásanna sin amháin.

Is leor bagairt a dhéanamh an íomhá a dháileadh chun feidhm a thabhairt d'fhorálacha an Achta, fiú mura gcuirtear an íomhá chuig duine ar bith riamh. Ina theannta sin, fiú más rud é nach raibh i gceist leis an mbagairt ach an magadh, agus nach raibh sé i gceist ag an duine a rinne an bhagairt an íomhá a sheoladh riamh, is cion atá i gceist fós.

Mura gcuirtear scanradh nó anacair ar an íospartach (an duine atá léirithe san íomhá nó san fhíseán), beidh sé fós ina chion má chuir sé isteach go mór ar a shíocháin agus ar a phríobháideacht. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, má sheoltar (nó má bhagraítear go seolfaí) pictiúr den íospartach ag athrú a chuid éadaí nó ina fho-éadaí, measfar gur cion é sa chás go meastar gur cur isteach tromchúiseach ar a shíocháin agus a phríobháideacht atá i gceist - fiú mura gcuirtear scanradh nó anacair as an íospartach i ndáiríre. Is faoi Bhreitheamh nó giúiré an cinneadh a dhéanamh an bhfuil cur isteach ar shíocháin nó ar phríobháideacht an duine i gceist, ach i bhformhór na gcásanna, chuirfeadh dáileadh Íomhá dhlúthphearsanta isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine.

Sa chás nach gcreideann an duine a sheolann (nó a bhagraíonn go seolfar) an íomhá go gcuirfeadh sé anacair ar an íospartach, i ndáiríre, nó nach gcreideann sé amhlaidh, d'fhéadfadh sé go raibh cion déanta fós féin faoi mar a fhoráiltear le fo-alt 2(b) sa chás go gcuirfear "duine réasúnach" faoi deara go gcuirfeadh sé anacair ar an íospartach an íomhá a sheoladh, nó bagairt a dhéanamh go seolfar í. Dá bhrí sin, is cion é ag bagairt a dhéanamh pictiúr de do chara ina fho-éadaí a chur suas ar ghrúpa WatsApp dá dtuigfeadh "duine réasúnach" go gcuirfeadh an bhagairt sin scanradh nó anacair orthu nó go gcuirfeadh sé isteach ar a shuaimhneas agus ar a phríobháideacht. I bhformhór na gcásanna, tá sé dóchúil go dtuigfeadh "duine réasúnach" go gcuirfeadh scanradh nó anacair ar an duine íomhá dhlúthphearsanta dó a dháileadh nó bagairt a thabhairt go ndéanfar amhlaidh.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú freisin gur cuma más rud é gurb é an t-íospartach a ghlac an íomhá. Tosaíonn an gnáthchás den phornagrafaíocht díoltais nuair a ghlacann cailín féinín di féin lomnocht agus seolann sí chuig a buachaill é. Nuair a bhriseann siad suas, seolann seisean chuig a chairde é. Is cion é sin toisc nach raibh toiliú aige é a sheoladh chuig duine ar bith. Is cuma gur ghlac an cailín é ar dtús agus gur seoladh chuig a buachaill é.

Fiú mura bhfaigheann an cailín amach riamh gur chuir a hiar-bhuachaill chuig a chairde é agus nach gcuirtear anacair nó scanradh uirthi riamh, is cion é fós toisc go dtuigfeadh duine réasúnach go ndéanfaidís cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó go gcuirfidís scaoll sa duine eile nó anó air nó uirthi nó go ndéanfaidís díobháil don duine eile mar gheall ar an ngníomh (an íomhá a chur ar aghaidh chuig a chairde). Tá an cion déanta an nóiméad a sheoltar an íomhá chuig a chairde.

Féadfar suas le 7 mbliana príosúnachta a bheith mar thoradh ar chiontú faoi Alt 2.

**Alt 3 - *Íomhánna dlúthphearsanta a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú***

Ní gá intinn a bheith ann i ngach uile chás de dháileadh íomhá dhlúthphearsanta scanradh a chur ar dhuine. Uaireanta, roinntear ábhar den sórt sin gan smaoineamh nó gan smaoineamh ar an tionchar a bheadh aige sin ar an íospartach, go háirithe i gcás daoine óga, nó go ndéantar é a scaoileadh ar aghaidh go tríú páirtithe é. Féadfar nach mbeifear in ann na cásanna seo a ionchúiseamh faoi Alt 2 thuas toisc go bhféadfar nach mbeadh intinn ann, anacair nó díobháil a chur i láthair.

De réir Alt 3, tá duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go ndéanann sé nó sí íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú an duine eile sin, agus

(b) go gcuireann taifeadadh, dáileadh nó foilsiú, más ann dó, isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile sin nó go gcuireann sé scanradh nó anacair ar an duine eile sin, nó go ndéanann sé díobháil dó.

Seo an rud ar a dtugtar cion “dliteanas docht” toisc nach gá go mbeadh sé beartaithe ag an duine a dhéanann an íomhá a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú díobháil a dhéanamh.

Déanfaidh an cion seo coir ar dhuine a ghlacann taifeadadh nó grianghraf dlúth-phearsanta de dhuine eile nó a dhéanann a leithéid a dháileadh nó a fhoilsiú.

Tugadh an cion seo isteach chun iompar nach gclúdaítear leis an ngníomhaíocht d'aon ghnó, neamhbhríoch, atá i gceist leis an "pornagrafaíocht díoltais" a dhéanamh ina chion. Is féidir a mheas, ar roinnt bealaí, go bhfuil dlúthbhaint ag an gcion seo ina nglactar íomhá dhlúthphearsanta, nó go ndéantar é a dháileadh, gan toiliú leis an gníomhaíocht ar a dtugtar "an teachtaireacht ghnéasúil" ach tá siad éagsúil ar bhealach bunúsach, is é sin le rá go ndéantar é gan toiliú.[1]

Tá sé éagsúil le hAlt 2 freisin toisc nach bhfuil aon cheanglas an íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh agus is leor an taifeadadh é féin chun an cion a dhéanamh ina iomláine.

Tá sé dóchúil go mbeidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag brath ar alt 3 má tá an fhéidearthacht ann nach mbeidh siad in ann an rún riachtanach faoi Alt 2 a chruthú.

Sampla de chion Alt 3 is ea sa chás ina ndéantar taifeadadh rúnda ar dhuine ag baint a chuid éadaí dó féin agus nach ndéantar é a dháileadh ná a fhoilsiú riamh.

Is é an pionós uasta as an gcion seo ná 2 bhliain príosúnachta.

Maidir leis an dá chion faoi bhun Alt 2 agus 3, sa chas go bhfuil nó go raibh an duine a rinne an cion i gcaidreamh pearsanta le híospartach an chiona, beidh sé ina imthoisc ghéaraitheach a chuirfidh an Breitheamh san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige ar cad ba cheart a ghearradh mar phianbhreith chuí.

Tá teachtaireacht curtha in iúl go breá soiléir san Acht nach ngéillfear d'íomhánna dlúthphearsanta a ghlacadh nó a roinnt gan toiliú an duine in imthosca ar bith.

Tá tríú cion nua ann freisin ar tugadh isteach é faoin Acht 2020 a bhfuil sé oiriúnach é a lua freisin. In Alt 4 den Acht, cruthaítear an cion **"Cumarsáid bhagrach nó an-ghránna a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh"**

Duine a dhéanann, ar aon bhealach, (i) aon chumarsáid bhagrach nó an-ghránna faoi dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó (ii) a sheolann aon chumarsáid bhagrach nó an-ghránna chuig duine eile agus é ar intinn aige díobháil a dhéanamh, beidh cion déanta aige.

Amhlaidh is atá sé in Alt 2, tá sé ar intinn an duine díobháil a dhéanamh nuair a dhéanann sé nó sí, go hintinneach, trína chuid nó trína cuid gníomhartha, cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó scaoll a chur sa duine eile nó anó a chur air nó uirthi nó díobháil a dhéanamh don duine eile.

Clúdóidh an cion seo cásanna ina ndéanann an déantóir bagairt nó cumarsáid an-ghránna a dháileadh nó a fhoilsiú don íospartach nó faoin íospartach agus a bhfuil sé dóchúil go n-úsáidfear é chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht. Is féidir leis cumarsáid aon-uaire atá bagrach nó an-maslach a chumhdach.

Gearrtar pianbhreith uasta suas le dhá bhliain sa chion seo.

Féadfar cion faoi Alt 4 a úsáid chun ionchúiseamh a dhéanamh as "féinín lomnocht" a sheoladh chuig daoine gan iarraidh. Is cion nochta é freisin "féinín lomnocht" a sheoladh faoi Alt 45 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 (féach thíos).

## An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998

Tá comhroinnt íomhánna follasacha de mhionaoisigh clúdaithe san Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Ceapadh an tAcht seo chun leanaí a chosaint ar an dúshaothrú. Má dhéantar íomhánna nó físeáin gnéasúla de leanbh (arna leasú le déanaí chun daoine faoi 18 mbliana d'aois a áireamh anois) a roinnt nó a stóráil ar ghléas is féidir an tAcht a agairt, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-ábhar arna roinnt an sainmhíniú ar an bpornagrafaíocht leanaí. Féadfar íomhánna follasacha féintháirgthe a mhalartaíonn déagóirí, faoi 18 mbliana d'aois, a mheas le bheith pornagrafaíocht leanaí.

Tá an tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998 leasaithe le déanaí leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017.

Is fiúntach é a chur san áireamh an sainmhíniú ar an bpornagrafaíocht leanaí san Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Luaitear ann:

> ciallaíonn "pornagrafaíocht leanaí"—

(a) aon amharcléiriú –

(i) a thaispeánann duine nó, i gcás doiciméid, a bhaineann le duine is leanbh nó a chuirtear i láthair mar leanbh agus atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach nó a chuirtear i láthair amhail is dá mbeadh sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach, bíodh an gníomhaíocht sin fíor nó ionsamhlaithe araon,

(ii) a thaispeánann, nó i gcás doiciméad a bhaineann le, duine a léirítear nó a léirítear mar leanbh agus a léirítear nó a léirítear mar fhinné ar aon ghníomhaíocht den sórt sin ag aon duine nó daoine, nó

(iii) a thaispeánann limistéar ginitiúil nó anasach linbh, nó limistéar ginitiúil nó anasach duine a bhfuil sé curtha le fios gur leanbh é nó í, a chur i láthair chun críche gnéasaí,

(b) aon chlosléiriú ar dhuine is leanbh nó a léirítear mar leanbh agus atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach nó a léirítear amhail is dá mbeadh sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach fhollasach,

(c) aon amharcléiriú nó closléiriú a mholann, a spreagann nó a chomhairlíonn aon ghníomhaíocht ghnéasach le leanaí ar gníomhaíocht í is cion faoi aon achtachán, nó

(d) aon amharcléiriú nó cur síos ar leanbh, nó aon fhaisnéis a bhaineann le leanbh, a thugann le fios nó arb intuigthe as go bhfuil an leanbh ar fáil lena úsáid nó lena húsáid chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi de réir bhrí alt 3.

Go bunúsach, aon ghrianghraf, físeán nó taifeadadh fuaime ina dtaispeántar leanbh ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach, nó ina ndírítear go sonrach ar bhaill ghiniúna linbh, meastar gur pornagrafaíocht leanaí é. Níl sé chomh soiléir sin cibé an bhfuil ábhar atá gríosaitheach, seachas gáirsiúil ar bhonn gnéasach, mídhleathach. D'fhéadfaí Cuid (d) den acht a léirimhíniú ar bhealach ionas go bhféadfaí beagnach aon ábhar gríosaitheach a tháirgtear nó á sheoltar ag leanbh a mheas mar an phornagrafaíocht leanaí. Is í an chúirt amháin a chinnfeadh sa deireadh thiar cibé an bhféadfaí ábhar ar leith a mheas mar ábhar mídhleathach faoin rannán seo. Is féidir le gach cás a bhaineann le híomhánna gáirsiúla de leanaí a chruthú, a dháileadh nó a shealbhú a bheith ina chás coiriúil agus ba cheart tuairisc maidir lena leithéid a thabhairt don Gharda Síochána. Is cosúil go bhfuil an dualgas leis an Garda Síochána a chur ar an eolas sna cásanna seo éilithe ag an Acht um Fhaisnéis a Shiarchoinneáil maidir le Coireanna in aghaidh Leanaí agus Daoine Leochaileacha 2012 agus, le déanaí, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, tá na riachtanais tuairiscithe a chuirtear ar mhúinteoirí (agus "daoine sainordaithe" eile a oibríonn le leanaí) neartaithe. Cuireann an tAcht sin dualgais tuairiscithe ar bhonn reachtúil agus foráiltear leis, sa chás go bhfuil a fhios ag duine sainordaithe, go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, go ndearnadh díobháil dó nó go bhfuil sé i mbaol díobháil a bheith déanta dó, nó go gcreideann sé amhlaidh nó go bhfuil forais réasúnacha aige a bheith in amhras faoi, nach mór dó an creideamh nó an t-amhras sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht. Caithfidh an duine sainordaithe nochtadh a dhéanann leanaí a thuairisciú freisin.

Tá sé luaite san Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí go bhfuil sé mídhleathach an phornagrafaíocht leanaí a chruthú, a dháileadh nó a bheith ina seilbh. Féadfar é sin a léirmhíniú chun tuiscint a dhéanamh as go gciallódh sé go bhféadfar duine ar bith a chruthaíonn, a sheolann, a roinneann, a stórálann nó fiú a fhaigheann íomhánna gnéasacha de leanbh faoi 17 mbliana d'aois a ionchúiseamh faoi Acht 1998.

Is é 17 aois an toilithe le haghaidh na gníomhaíochta gnéasaí in Éirinn. Sa chás go dtéann beirt atá faoi 17 i mbun gníomhaíochta gnéis, tá baol ann go ndéanfar iad a ionchúiseamh. Is faoi rogha an DPP an ndéanfar iad a ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Tá díolúine ó ionchúiseamh do chailíní faoi 17. Má thaifeadann daoine iad féin ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach beidh sé sin ina chion faoi Acht 1998 freisin.

I gcásanna ábhar graosta féin-chruthaithe nó 'féiníní lomnochta', is féidir leis an duine é féin a bheith ina chruthaitheoir, ina dháileoir agus ina sheilbheoir ar ábhar mídhleathach. Is é cuspóir an dlí sa réimse seo ná leanaí a chosaint ar an mí-úsáid seachas chun iad a choiriúnú as a gcuid gníomhartha meargánta. É sin ráite, beidh an cur chuige éagsúil i Stáisiúin an Gharda Síochána éagsúla. Níl aon phrótacal i bhfeidhm chun Gardaí a threorú maidir le conas déileáil le 'féiníní lomnocht' déagóirí.

***Cad iad na pionóis?***

Toisc nach raibh sé i gceist ag an Acht déileáil le 'féiníní lomnocht' déagóirí ar dtús, ach le daoine atá ciontach as íomhánna mí-úsáide leanaí a thrádáil, tá na pionóis do dhaoine a fhaightear ciontach iad faoin Acht géar. I measc na bpionós tá an phríosúnacht, fíneáil agus socrúchán ar chlár na gciontóirí gnéis freisin. Maidir le cionta áirithe, tá lánrogha ann maidir le cibé an gcuirtear duine aonair ar an gclár (sa chás go bhfuil an bheirt i gceist ar an aois chéanna, mar shampla). Mar sin féin, níl aon lánrogha den sórt sin le fáil sna cionta a bhaineann leis an

phornagrafaíochta leanaí a chruthú, a dháileadh agus a sheilbh. Dá bhrí sin, má chiontaítear duine i gcion den sórt sin, cuirfear ar an gclár iad go huathoibríoch ar feadh 2 ½ bliana, ar a laghad.

Cé gur tugadh isteach an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 chun déileáil go sonrach leis an bpornagrafaíocht díoltais agus le dáileadh neamh-chomhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta, sa chás go bhfuil an duine atá léirithe faoi 18, beidh feidhm fós ag an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Féadfar don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh faoin dá Acht fós.

## An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017

Chruthaigh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 cion freisin de bheith mar chúis go "fhéachann leanbh ar ghníomhaíocht ghnéasach."

Luaitear in alt 6 go mbeidh) Duine a chuireann, d'aon ghnó chun sásamh gnéasach a fháil nó leanbh a éilliú nó a dhí-iompar, leanbh a chur i suíomh ina (a) bhféachann sé ar dhuine eile atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach, nó (b) ina bhféachann sé ar íomhá den duine sin nó de dhuine eile i mbun gníomhaíochta gnéis, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear é a chiontú ar díotáil i bpríosún ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana.

Sa chion seo, sainmhínítear leanbh mar dhuine faoi 17.

Is féidir, dá bhrí sin, gur cion faoin alt seo é féinín lomnocht a sheoladh chuig duine faoi 17 más "gníomhaíocht ghnéasach" atá san íomhá nó sa taifeadadh.

Foráiltear le halt 45 freisin: Tá duine a nochtann a baill ghiniúna nó a bhfuil rún aige eagla, anacair nó scanradh a chur ar dhuine eile ciontach i gcion.

Níl aon teorainn aoise ann maidir leis an gcion seo agus arís, má sheoltar "féinín lomnocht" gan iarraidh chuig duine eile, is dóigh go mbeidh cion déanta faoin alt seo sa chás sin.

## An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

Is féidir go mbeadh sé ag teacht faoin sainmhíniú ar an téarma 'ciapadh' faoi Acht 1997 "féiníní lomnochta" gan iarraidh a sheoladh nó teachtaireachtaí a sheoladh ag lorg íomhánna den sórt sin. Ionas go mbreathnófar ar an iompraíocht mar chiapadh ní mór dó a bheith 'leanúnach', mar sin ní ciapadh a bheadh i gceist le teachtaireacht aonuaire. Roimhe seo, ba ghá go mbeadh an chumarsáid go díreach leis an íospartach ach rinneadh an dlí a leasú le déanaí agus is leor cumarsáid leis an íospartach nó "faoi" an íospartach anois chun cion a dhéanamh. Dá bhrí sin, is ciapadh fós é teachtaireachtaí ciaptha a phostáil ar leathanach gréasáin fiú mura seoltar na teachtaireachtaí díreach chuig an íospartach.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus RGCS

Is iad na prionsabail dhlíthiúla eile atá le breithniú maidir le comhroinnt neamh-chomhthoiliúil íomhánna gnéasacha ná an phríobháideacht agus an chosaint sonraí. Faoin dlí um chosaint sonraí, tá sé de cheart ag daoine aonair gan a gcuid sonraí pearsanta, lena n-áirítear a n-íomhá, a bheith bailithe nó foilsithe gan toiliú. Féadfar é a léirmhíniú go bhfuil duine ar bith a fhoilsíonn ábhar príobháideach ar líne ag sárú dlíthe cosanta sonraí agus go bhféadfaí cás dlí sibhialta a thionscnamh ina gcoinne.

Ní leigheas an-láidir, áfach, don fhadhb a bhaineann le comhroinnt neamh-chomhthoiliúil íomhánna gnéasacha iad na dlíthe cosanta sonraí atá ann faoi láthair, agus ní ionann iad agus cosaint rompu ach oiread. Tá cúiteamh as damáiste a dhéantar le fáil leis na dlíthe seo, ach ní chosnaíonn siad an t-íospartach ó dhamáiste a d'fhéadfadh tarlú láithreach bonn, an tráth a roinntear an t-ábhar.

Tá an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne á dhréachtú faoi láthair agus nuair a chuirfear tús feidhme leis, tabharfaidh sé isteach sraith nua dlíthe a bhfuil sé mar aidhm acu creat rialála a chur i mbun chun déileáil le scaipeadh agus aimpliú ábhar díobhálach ar líne. Tá sé seo dírithe ar na hardáin agus na cuideachtaí meán sóisialta a choinneáil freagrach má theipeann orthu ábhar díobhálach a chuirtear ar a suíomhanna a bhaint anuas uathu.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Táthar tar éis an reachtaíocht seo a achtú le déanaí chun leanaí a chosaint ar dhochar. Is féidir go mbeadh an tuairisciú éigeantach don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Theaghlach a bheith i gceist i gcuid de na cionta faoin Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Ní spreagann na cionta nua atá leagtha amach san Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 aon tuairisciú éigeantach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Luaitear san Acht go "n-áiritheoidh soláthraí seirbhíse ábhartha, a mhéid is indéanta, go bhfanann gach leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís ón soláthraí slán ó dhíobháil agus é ag baint leas as an tseirbhís sin." Áirítear le seirbhísí ábhartha "scoil nó ionad oideachais". Ceanglaítear leis an Acht ar sheirbhís ábhartha "measúnú a dhéanamh ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é ag baint leasa as an tseirbhís agus ráiteas i scríbhinn a ullmhú (" ráiteas um chosaint leanaí ") ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le bheith glactha ann lena chinntiú, an oiread is indéanta, go bhfuil an leanbh, agus é ag baint leas as an tseirbhís, slán ó dhíobháil.

Tá sé luaite san Acht, sa chás go gcreideann "duine sainordaithe" (lena n-áirítear múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta), nó go bhfuil forais réasúnacha aige a bheith amhrasach faoi, ar bhonn na faisnéise a fuair sé, nó a tháinig sé ar an eolas faoi sa chúrsa dá fhostaíocht nó dá ghairm mar dhuine sainordaithe den sórt sin, (a) go ndearnadh dochar do leanbh—, (b) go bhfuil dochar déanta dó, nó (c) go bhfuil sé i mbaol díobhála a bheith déanta dó, déanfaidh sé nó sí, a luaithe a bheidh indéanta, an t-eolas, an creideamh nó an t-amhras sin a thuairisciú don Ghníomhaireacht.

Tá eisceachtaí áirithe ann maidir leis an gceanglas chun tuairisciú (faoi Alt 14 (3)) más rud é

(a) go bhfuil leanbh idir 15-17 mbliana d'aois ag glacadh páirte i ngníomhaíocht ghnéasach le duine nach bhfuil níos mó ná dhá bhliain níos sine, agus;

(b) go bhfuil a fhios ag an duine sainordaithe nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir acmhainn nó aibíocht idir na páirtithe atá ag gabháil don ghníomhaíocht ghnéasach i gceist, nó go gcreideann sé é sin, agus;

(c) nach bhfuil an caidreamh idir na páirtithe atá ag gabháil don ghníomhaíocht ghnéasach atá i gceist imeaglach nó dúshaothraithe ag an bpáirtí eile, agus;

(d) go bhfuil an leanbh atá i gceist tar éis a thuairim a chur in iúl don duine sainordaithe nár cheart an ghníomhaíocht, nó an fhaisnéis a bhaineann léi, a nochtadh don Ghníomhaireacht agus gur bhraith an duine sainordaithe ar an tuairim sin.

Tá cionta gnéis áirithe sonraithe san Acht atá sainmhínithe mar an ghníomhaíocht ghnéasach faoin Acht. Táthar tar éis an sainmhíniú ar ghníomhaíocht ghnéasach chun críocha Acht 2015 a leasú le déanaí. Anois cuimsítear Alt 5A d'Acht 1998 leis mar chion "spreagtha". Foráiltear le hAlt 5A go mbeidh a) duine a bhíonn mar chúis, a ghríosaíonn, a chuireann iallach nó a chomhéigníonn, nó (b) a earcaíonn, a thugann cuireadh nó a spreagfaidh leanbh chun páirt a ghlacadh i léiriú pornagrafach, nó a fhaigheann tairbhe as léiriú dá leithéid, ciontach i gcion. Ní chuimsíonn sé na cionta maidir leis an seilbh agus an dáileadh faoi alt 5 agus alt 6 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí.

Tá an chuma ar an scéal, mar sin, go bhféadfadh an tAcht um Leanaí Thús Áite do Leanaí, 2015 dualgais tuairiscithe a fhorchur ar scoileanna i gcásanna gnéasaithe / comhroinnte neamh-chomhthoiligh íomhánna dlúthphearsanta más rud é go bhfuil daoine faoi aois i gceist.

Cuireadh tús feidhme leis an Acht seo i mí na Nollag 2017 agus ba cheart do gach scoil a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoina impleachtaí.

## An Dlí Sibhialta agus Dualgas Cúraim na Scoile

Ní mór don scoil a thabhairt faoi deara chomh maith an nochtadh féideartha le dlíthíocht dhlí sibhialta a d'fhéadfadh éirí as gnéastéacsáil/comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla. Tá sé seanbhunaithe go bhfuil dualgas cúraim ag scoil lena scoláirí agus faoin dualgas sin ní mór a chinntiú nach ndéantar scoláirí a neamhchosaint roimh bhaol gortuithe mar gheall ar bhulaíocht. Mar gheall ar an gcineál rud atá i gceist leis an gcomhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla, is féidir a argóint, ar a laghad, go mbeifear ag súil go nglacfaidh an scoil céimeanna lena chinntiú go mbíonn a scoláirí ar fad ar an eolas faiu na contúirtí agus na hiarmhairtí a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin. Tá scoil a thugann neamhaird ar fhorbairt

shoiléir na gnéastéacsála agus comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla i seomraí ranga agus sa scoil i mbaol go gcinnfidh cúirt go bhfuil sí faillíoch.

Níor chuir na cúirteanna san áireamh go fóill méid an dualgais cúraim i ndáil leis an gcibearbhulaíocht ná an ghnéastéacsáil/comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla. Ach, mar sin fein, ba cheart go mbeadh scoileanna ar an eolas go bhfuil dualgas cúraim acu dá scoláirí agus caithfidh siad a chinntiú go sroichtear an caighdeán cúraim d'fhonn breith gur theip orthu an dualgas seo a chomhlíonadh a sheachaint. Ní fios fós cibé an gcuirfidh na cúirteanna san áireamh dochar mar gheall ar chásanna ina raibh gnéastéacsáil/comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna gáirsiúla. Ba cheart do scoileanna dearcadh réamhghníomhach a ghlacadh agus a chinntiú go dtéitear i ngleic go díreach leis an tsaincheist. Ar an mbealach sin, sa chás go síneann na cúirteanna an dualgas cúraim chun saincheisteanna den sórt sin a chumhdach, beidh scoileanna i bhfad níos cumasaí a thaispeáint gur chomhlíon siad an caighdeán cúraim a bhíothas ag súil uathu agus go ndearna siad gach beart a bhí réasúnach (trí oideachas a chur ar scoláirí agus beartais agus nósanna imeachta láidre, a ndearnadh taighde maith orthu i bhfeidhm).

## Impleachtaí do bheartas scoile

### An cód iompair agus an beartas frithbhulaíochta a athbhreithniú agus a leasú

Ba cheart do do scoil smaoineamh ar do chód iompair agus ar do bheartas frithbhulaíochta a leasú chun comhroinnt íomhánna gáirsiúla agus go háirithe comhroinnt íomhánna gáirsiúla scoláirí gan a gcead a lua go sonrach iontu. Ba cheart duit a lua go soiléir nach bhfuil sé inghlactha agus go bhfuil cosc iomlán air, le hiarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha dóibh siúd lena mbaineann.

Má tá cód iompair á leasú agat, ba cheart duit chomh maith breac-chuntas a thabhairt ar na smachtbhannaí a chuirfear i bhfeidhm. Féadfaidh bord bainistíochta cinneadh a dhéanamh, mar chuid de bheartas na scoile ar smachtbhannaí, agus tar éis próiseas comhairliúcháin leis an bpríomhoide, le tuismitheoirí agus le scoláirí, go gcuirfear scoláire ar fionraí go huathoibríoch mar chomhroinneann sé/sí íomhánna gáirsiúla de scoláirí sa scoil gan a gcead. Ach, ní bhaineann cinneadh ginearálta chun fionraí a chur i bhfeidhm as an gcineál seo iompair an dualgas le próisis chuí agus nósanna imeachta córa a leanúint i ngach cás.

Mar a luadh sna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* "ní chuimsíonn an sainmhíniú seo [sna *Gnásanna*] ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile." Déantar gnéastéacsáil go minic trí sheirbhísí teachtaireachta príobháidí agus d'fhéadfaidís a bheith taobh amuigh de shainchúram an bheartais frithbhulaíochta dá bhrí sin. Dá bharr sin, tá sé an-tábhachtach go dtugtar aghaidh ar an ngnéastéacsáil i gcód iompair na scoile agus go gcuirtear í le beartas frithbhulaíochta na scoile. D'fhéadfadh eachtra amháin de chomhroinnt neamhthoilteanach tionchar tromchúiseach a imirt ar scoláire agus d'fhéadfadh sí a bheith comhionann le ciapadh agus dáileadh pornagrafaíocht leanaí.

Tugtar faoi deara sna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* go "bhféachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta". Nuair a dháiltear ábhar dlúthphearsanta go poiblí, go mailíseach agus gan toiliú, féadfar dul i ngleic leis an iompar faoin mbeartas frithbhulaíochta. Mar shampla, d'fhéadfaí do bheartas a leasú chun an líne seo a leanas a áireamh ann: Is gá comhroinnt neamhthoilteanach ábhar gnéastéacsála a thuairisciú i gcónaí, d'ainneoin an réitítear an tsaincheist laistigh de 20 lá agus cibé an gceapann an múinteoir gur gá an eachtra a thuairisciú nó nach gceapann.

Féadfar a léiriú sa chód iompair agus sa bheartas frithbhulaíochta go dtuairisceofar gach eachtra a bhaineann le cruthú, stóráil nó comhroinnt íomhánna gáirsiúla leanaí faoi 17 mbliana d'aois chuig na Gardaí agus Tusla. Ba cheart eachtraí a láimhseáil faoin mbeartas um chosaint leanaí nuair a tharlaíonn nochtadh, nuair a bhíonn baol dochair nó nuair a bhíonn dóchúlacht ann gur tharla mí-úsáid cheana.

Caithfidh an bord bainistíochta a chinntiú go bhfuil dóthain eolais ag comhaltaí foirne na scoile ar bheartas frithbhulaíochta agus ar chód iompair na scoile lena chur ar a gcumas na beartais a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go comhsheasmhach. Ba cheart go mbeadh tacaí le haghaidh comhaltaí foirne oiriúnach do ról an duine aonair. Caithfidh an bord bainistíochta chomh maith scruithe cuí a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn dóthain eolais ag comhaltaí foirne sealadacha agus ionadaí ar chód iompair agus ar bheartas frithbhulaíochta na scoile.

D'fhéadfá a hathruithe seo le Beartas faoi Úsáid Inghlactha do scoile a chur san áireamh chomh maith.

## Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm as iompar a tharlaíonn taobh amuigh d'am scoile

Mar gheall gur mó an seans go dtarlóidh gnéastéacsáil taobh amuigh d'uaireanta scoile, tá sé tábhachtach go luann scoileanna go sonrach ina mbeartais má bhíonn sé i gceist smachtbhannaí a chur ar scoláirí. De ghnáth, ní bhíonn feidhm ag beartais ná ag cóid iompair scoile ach nuair a bhíonn scoláirí ar scoil nó páirteach i ngníomhaíochtaí scoile. Ach féadfaidh cód iompair scoile a bheith i bhfeidhm taobh amuigh d'am scoile nuair a mhothaítear tionchar an iompair áirithe sin ar scoil agus nuair a dhéantar dochar d'fholláine bhaill phobal na scoile. Tá dualgas cúraim ar scoileanna i leith gach scoláire. Má bhíonn drochthionchar ar leith ag iompar ar scoláirí, féadfaidh scoileanna na scoláirí a chosaint trí chosc a chur ar an iompar sin ina gcóid iompair.

Mar a thugtar le fios i bhfoilseachán an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais, *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna*: "Nuair atá sé líomhnaithe go raibh mac léinn i mbun mí-iompair thromchúisigh lasmuigh den scoil, nuair nach raibh an mac léinn faoi chúram na scoile, ní bheadh feidhm ag an gcód iompair mura bhféadfaí a chruthú go raibh nasc soiléir ann leis an scoil agus go rachadh sé i bhfeidhm ar obair na scoile. Féadfaidh go mbeadh gá ag údaráis na scoile le comhairle dlí i gcás go mbeadh scéal casta i gceist."[35]

Chomh maith leis sin, mar chuid de na *Gnásanna Frithbhulaíochta*tá freagracht ar scoileanna déileáil le bulaíocht a tharlaíonn laistigh agus taobh amuigh den scoil má bhíonn tionchar diúltach aige laistigh den scoil.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh tuismitheoirí agus scoláirí na hiarmhairtí dlíthiúla agus na hiarmhairtí eile a bhíonn ag comhroinnt íomhánna gáirsiúla de leanaí agus go mbeadh cur amach acu ar bheartas na scoile ar an ábhar sin.

## Athruithe ar an gcód iompair agus ar an mbeartas frithbhulaíochta maidir le h ábhar gnéastéacsála a chur in iúl

Molann an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais gur cheart go mbeadh gach duine de phobal na scoile páirteach in athbhreithniú agus i leasú beartais scoile agus i bpléití maidir le hiompar inghlactha.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh tuismitheoirí agus scoláirí na hiarmhairtí dlíthiúla agus na hiarmhairtí eile a bhíonn ag comhroinnt íomhánna gáirsiúla de leanaí agus go mbeadh cur amach acu ar bheartas na scoile ar an ábhar sin. Is féidir é sin a dhéanamh nuair a chláraítear scoláire i dtosach le scoil trí iarraidh ar thuismitheoirí an cód iompair a shíniú, a leasaíodh

Is féidir go bhfuil ar scoláirí le riachtanais speisialta oideachais foghlaim faoi chúiseanna agus éifeachtaí iompair ar dhóigheanna níos inbhraite, cuir i gcás trí phictiúir, scannáin nó trí rólghlacadh

chun gnéastéacsáil a áireamh go sonrach mar iompar coiscthe. Tríd an gcód iompair a shíniú, aontaíonn na tuismitheoirí go nglacann siad leis an gcód agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach a chinntiú go gcloíonn a leanbh leis an gcód.

Luaitear i dtreoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais: "Ní leor é go síneodh tuismitheoirí (go háirithe tuismitheoirí nua don scoil) an cód iompair le go mbeadh tuismitheoirí ag tacú leis an gcód. Beidh clár níos forleithne de dhíth chun cuidiú leis na tuismitheoirí spriocanna agus caighdeáin a thuiscint, leis an dóigh ar féidir leo cuidiú lena bpáistí agus leis an gcuidiú ar féidir leo a bheith ag súil leis ón scoil má bhíonn sé de dhíth. Tá ról ar leith ag an bPríomhoide agus ag an Leas-Phríomhoide a chinntiú go bhfuil modhanna cumarsáide eile ann ionas go mbeidh tuiscint ag tuismitheoirí ar na noirm agus na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcód agus an tábhacht a bhaineann le go dtabharfadh na tuismitheoirí tacaíocht do chothabháil an iompair dhearfa i measc na mac léinn."[36]

Bealach amháin gur féidir le scoileanna athruithe le beartais scoile maidir le gnéastéacsáil a chur in iúl agus tacaíocht tuismitheoirí do na beartais a shlánú
is ea oícheanta eolais nó cruinnithe a eagrú do thuismitheoirí faoin ábhar, mar aon le iarradh orthu na beartais a léamh agus a shíniú. Tabharfar deis do thuismitheoirí a bhfuil scoláirí nua agus reatha acu ag oícheanta eolais le foghlaim faoin ábhar agus le labhairt le pearsanra scoile faoi na hathruithe a rinneadh ar na beartais.

Nuair a dhéantar athruithe, beidh ar scoileanna na scoláirí a chur ar an eolas faoi na beartais leasaithe. Bealach amháin chun athruithe a chur in iúl do scoláirí is ea go n-úsáidfidís an cód iompair mar bhunús dá gcairt ranga féin. Féadfaidh cairt ranga cuidiú le scoláirí na cineálacha iompair inghlactha agus neamh-inghlactha a bhunú agus chun na caighdeáin seo a chur in iúl ar bhealach atá éasca le tuiscint ag na scoláirí. Nuair a leasaítear an cód iompair, d'fhéadfaí cairteacha ranga a leasú chun an méid seo a leanas a chur isteach: "Aontaím gan íomhánna, físeáin ná ábhar eile a chomhroinnt ar líne chun dochar a dhéanamh do dhuine eile".

Ar deireadh, tá sé tábhachtach go mbíonn ceachtanna ag scoláirí a dhírítear go sonrach ar an ábhar agus go bhfoghlaimíonn siad leis na caighdeáin a leagtar síos dóibh a chomhlíonadh.

***Athruithe beartais a chur in iúl do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu***

*Treoirlínte do Scoileanna* an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais: "Ba chóir do mhúinteoirí ranga agus speisialtóirí (Múinteoir Tacaíochta Foghlama, Múinteoir i mbun Acmhainní, Cúntóir

Riachtanais Speisialta srl.) seiceáil go gcuirtear [athruithe ar] na caighdeáin agus na rialacha in iúl ar bhealach ar féidir le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu iad a thuiscint. Beidh sé cuidiúil an tuiscint seo a sheiceáil ó am go chéile, agus go háirithe nuair atá mac léinn le riachtanais speisialta á iompar féin ar bhealach a d'fheicfí de ghnáth mar shárú ar na rialacha."

"Uaireanta bíonn tacaíocht ag teastáil ó mhúinteoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi is fearr cuidiú le mac léinn a bhfuil riachtanas speisialta aige/aici cloí le caighdeáin agus le hionchais na scoile. Do roinnt mac léinn beidh leideanna amhairc nó pictiúir de dhíth. Seans go mbeidh deiseanna de dhíth ar roinnt mac léinn chun cleachtadh a dhéanamh ar na rialacha a chomhlíonadh, le haiseolas ar a ndul chun cinn."[37]

"Is féidir go bhfuil ar mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais foghlaim faoi chúiseanna agus éifeachtaí iompair ar dhóigheanna níos inbhraite, cuir i gcás trí phictiúir, scannáin nó trí rólghlacadh. Is féidir nach mbeidh siad in ann iarmhairtí a réamh-mheas chomh furasta agus a gcuid piaraí agus mar sin, a bheith i mbaol."[38]

## Atreoruithe

Ba cheart a lua go soiléir i mbeartais scoile, de réir *Tús Áite do Leanaí* agus *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, go gcuirfear gach eachtra a bhaineann le híomhánna gáirsiúla leanaí ar aghaidh chuig na Gardaí agus chuig Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

## Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atáthar ag déileáil le heachtra

Tá ról tacúil, ní imscrúdaitheach ag pearsanra scoile i ndéileáil le heachtraí a bhaineann le comhroinnt íomhánna gáirsiúla leanaí. Ba cheart go n-atreoródh scoileanna gach cás gnéastéacsála chuig na Gardaí, a bhfuil acmhainní níos fearr acu le cinneadh a dhéanamh ar tharla cion agus chun fiosrúchán a dhéanamh. Ba cheart go lorgódh scoileanna a gcomhairle dlí féin, a luaithe agus is féidir. D'fhéadfadh sé bheith úsáideach do scoileanna tagairt a dhéanamh dá gcomhlacht bainistíochta (e.g. Bord Oideachais agus Oiliúna, Comhchoiste na mBainisteoirí, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha) mar fhoinse tacaíocht dlí. Ní comhairle dlí atá san fhaisnéis atá sa cháipéis seo. Dá nglacfaí cás lena chiontú, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí scoile i bhfreagairt don eachtra agus beidh tacaíocht dlí ag teastáil ó phearsanra na scoile.

Tá sé an-tábhachtach go gcruthódh scoileanna timpeallacht thacúil do scoláirí ar íospartaigh de ghnéastéacsáil neamhthoilteanach iad. Ba cheart go smaoineodh scoileanna ar dhul i ngleic le haon saincheisteanna a éiríonn trí fheachtais feasachta agus cláir chuí um oideachas caidrimh agus gnéasachta. Ba cheart dóibh cuidiú chomh maith leis na scoláirí a raibh tionchar orthu teacht ar na seirbhísí tacaíochta éagsúla, lena n-áirítear iad siúd a chuireann comhairleoir na scoile agus Tusla ar fáil.

## Nochtadh

Ba cheart go leagfaí amach sa bheartas na prótacail atá le leanúint i gcás nochtadh maidir le comhroinnt ábhar gáirsiúil ó scoláire. Ba cheart go mbeadh cleachtais um chosaint leanaí sa nós imeachta a leanfar.

Seo na céimeanna ba cheart duit glacadh má fhaigheann tú féin nó aon chomhalta foirne eile nochtadh ó scoláire maidir le comhroinnt ábhar dlúthphearsanta:

1. **Éist go tacúil leis an scoláire**. D'fhéadfadh leanbh a bhfuil nochtadh á dhéanamh acu bheith trína chéile agus leochaileach. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí tús áite don leanbh i gcónaí agus nochtadh á fháil. Ba cheart go mbeadh an múinteoir a fhaigheann an nochtadh cúramach gan dochar a dhéanamh don mhuinín a léirigh an scoláire ann trí labhairt leis. Tá sé tábhachtach chomh maith, áfach, go mbíonn an múinteoir soiléir go mbeidh gá daoine fásta eile (an teagmhálaí ainmnithe agus tuismitheoirí) a chur ar an eolas d'fhonn an cás a réiteach. Ba cheart go n-éistfeadh an múinteoir go comhbhách gan aon bhreith a thabhairt ar a bhfuil á rá ag an leanbh.

2. **Taifead an nochtadh**, i bhfocail an linbh féin. Is é ról an mhúinteora tacú leis an scoláire, seachas an eachtra a fhiosrú. Mar sin féin, d'fhonn tacú go cuí leis na scoláirí atá i gceist, caithfidh an múinteoir roinnt fíricí a leagan síos maidir leis an eachtra. Níor cheart an leanbh a cheistiú mura bhfuil na sonraí atá á dtabhairt aige/aici doiléir. Ba cheart don mhúinteoir treoircheisteanna a sheachaint agus ina ionad sin ba cheart ceisteanna oscailte a chur. Nuair a dhéantar gnéastéacsáil neamhthoilteanach, gach seans go gcuirfidh an scoil agus an córas ceartais choiriúil smachtbhannaí i bhfeidhm. Is dóigh go dtabharfaidh tuismitheoirí an scoláire atá i gceist dúshlán dlíthiúil maidir leis na smachtbhannaí sin. Caithfidh scoileanna a bheith an-chúramach faoin mbealach a láimhseálann siad agus a dtaifeadann siad na heachtraí agus caithfidh siad a gcomhairle dlí féin a lorg.

Tá sé an-tábhachtach go gcruthódh scoileanna timpeallacht thacúil do scoláirí ar íospartaigh de ghnéastéacsáil neamhthoilteanach iad.

3. **Seachain gan an fhianaise a chur i mbaol.** Aon eachtra ina ndéantar ábhar dlúthphearsanta faoin aois a chomhroinnt d'fhéadfadh cás coiriúil a bheith i gceist leis. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an gcaoi a stóráiltear fianaise ar thriail ina dhiaidh sin. Coimeádann go leor scoileanna an ceart fóin agus gléasanna leictreonacha eile a choigistiú ina gcuid rialacha scoile. Mar sin féin, d'fhéadfaí cás dlí a chur i gcontúirt nuair a dhéantar gléasanna a choigistiú i ndiaidh eachtraí lenar bhain íomhánna gáirsiúla de leanaí. Ba cheart do scoileanna labhairt leis na Gardaí, a bhfuil an saineolas agus na háiseanna acu chun an fhianaise a chaomhnú, ag an gcéim is luaithe is féidir.

   Ba cheart do scoileanna a chinntiú freisin go bhfuil beartas soiléir i bhfeidhm maidir leis an gceart atá ag scoil scoláirí, nó a gcuid maoine, a chuardach i gcásanna ina bhfuil fianaise go bhféadfadh sé gur tharla cion coiriúil tromchúiseach. Ba cheart do scoileanna beartas den sórt sin a bheith acu i gcás substaintí mídhleathacha (drugaí, alcól) agus i gcás rudaí contúirteacha (sceana, arm, etc.) Ba cheart an beartas sin a shíneadh go sainráite chun cásanna a chumhdach nuair a choimeádann an scoil an ceart scoláirí a chuardach nuair is gá scaipeadh pornagrafaíocht leanaí a chosc. Tabhair faoi deara nár cheart go mbainfeadh an cuardach leis an ngléas soghluaiste féin agus ní leis na sonraí ar an ngléas sin. Níor cheart ach do na Gardaí na cuardaigh sonraí a dhéanamh agus níor cheart do chomhalta foirne na scoile cuardach fisiceach a dhéanamh ar scoláire i gcomhair fóin ach amháin nuair nach bhfuil sé praiticiúil ná indéanta a bheith ag fanacht ar chúnamh na nGardaí. Tá cumhachtaí reachtúla faoi leith ag baill de na Gardaí chun duine a stopadh agus a chuardach, agus níl cumhachtaí den sórt sin ag an bpobal agus d'fhéadfaí dlíthíocht shibhialta a tharraingt orthu má dhéantar cuardach ar bhealach a sháraíonn cearta scoláire. Tá sé riachtanach go gcuirfí na scoláirí agus an fhoireann ar an eolas maidir leis an mbeartas sin.

4. **Cuir an Teagmhálaí Ainmnithe, na tuismitheoirí agus na Gardaí ar an eolas.** Nuair a fhaigheann múinteoir nochtadh faoi eachtra inar comhroinneadh ábhar dlúthphearsanta faoin aois, is é céad phointe teagmhála an mhúinteora ná Teagmhálaí Ainmnithe na scoile. Ba cheart don mhúinteoir cuntas maidir leis an nochtadh a chur ar aghaidh chuig an Teagmhálaí Ainmnithe. Cuirfidh an múinteoir agus an Teagmhálaí Ainmnithe an cás ar aghaidh ansin chuig na Gardaí i gcomhair imscrúdú agus ba chóir don Teagmhálaí Ainmnithe comhairle a lorg ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, maidir le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí atá i gceist. I roinnt cásanna, go háirithe eachtraí inar tharla mealltóireacht, nó a bhí

comhéigneach nó ciapach, caithfear na heachtraí a chur ar aghaidh chuig Tusla. I ngach cás ina dtarlaíonn comhroinnt ábhar dlúthphearsanta faoin aois, ba cheart tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist a chur ar an eolas. Ba cheart don Teagmhálaí Ainmnithe taifead a dhéanamh i gcónaí ar an mbealach ar láimhseáil an scoil an eachtra gnéastéacsála, ag tabhairt sonraí maidir le haon tuairiscí/atreoruithe a rinneadh.

5. **Cinntigh go bhfaigheann na scoláirí an tacaíocht riachtanach.** Is dóigh go mbeidh scoláire trína chéile agus teastóidh tacaíocht thréadach uaidh nó uaithi nuair a bheidh an nochtadh á dhéanamh aige/aici agus ina dhiaidh sin. Ba cheart don mhúinteoir an scoláire a chur ar aghaidh chuig treoirchomhairleoir agus chuig córas cúraim thréadaigh na scoile. Ba cheart don scoil tuismitheoirí/caomhnóirí an scoláire a chur ar an eolas freisin, mura bhféadfadh rud mar sin an leanbh a chur i dtuilleadh contúirte. Is féidir leis an scoil a mheabhrú don leanbh freisin go bhfuil seirbhísí Líne Chabhrach na Leanaí ar fáil dó nó di (Teileafón: 1800 66 66 66, Téacs: 50101).

## Rudaí nach mór smaoineamh orthu nuair atá cásanna aonair á láimhseáil

Ba cheart smaoineamh ar na saincheisteanna seo a leanas lena chinntiú go láimhseáiltear i gceart cásanna aonair:

*Na daoine atá i gceist*
**Cén aois iad na daoine atá i gceist?** Má tá an leanbh atá i gceist an-óg, d’fhéadfadh comhroinnt íomhánna

## Rudaí atá fíorthábhachtach le cur san áireamh

- Cuir na Gardaí ar an eolas láithreach bonn agus téigh i gcomhairle le Tusla nuair a chuirtear ar an eolas thú maidir le heachtra gnéastéacsála, lena bhfuil baint ag mionaoisigh.
- Ná seol, sábháil, priontáil ná bog ó fhearas amháin go ceann eile aon ábhar gnéastéacsála lena bhfuil baint ag mionaoisigh. Tá sé mídhleathach ábhar gáirsiúil ina bhfuil mionaoisigh nó lena bhfuil baint ag mionaoisigh a chruthú, a chomhroinnt nó a shealbhú agus níl aon eisceacht ann d’fhoireann na scoile.
- Lorg comhairle dlí ar conas aon fhianaise a chuirtear faoi do bhráid a láimhseáil.
- Ní mór gach taifead a bhailiú, a stóráil agus a choinneáil de réir na reachtaíochta cosanta sonraí, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Mar gheall ar chomh goilliúnach agus pearsanta a bhíonn eachtraí gnéastéacsála, ba cheart caitheamh le haon tuairiscí nó taifid a chruthaítear maidir le heachtraí gnéastéacsála le dianrúndacht agus ba cheart don Teagmhálaí Ainmnithe iad a chur in áit shábháilte. Tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéanfadh scoileanna aon ábhar gnéastéacsála a chóipeáil, a shábháil ná a stóráil mar dá ndéanfaí amhlaidh d’fhéadfadh sé tarlú go gcuirfí sealbhú nó dáileadh pornagrafaíocht leanaí i leith na scoile.

dlúthphearsanta a bheith ina chomhartha go bhfuil baol ann do fhéinleas an linbh. Tugann gníomhaíocht ghnéasach ag aois an-óg le fios go mb'fhéidir go ndearnadh mí-úsáid ar an leanbh nó gur nochtadh é/í do ghníomhaíocht ghnéasach. Mura bhfuil an leanbh atá i gceist tagtha chun caithreachais fós, ní féidir leis nó léi toiliú a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha agus ba cheart dá bhrí sin an eachtra a chur ar aghaidh chuig Tusla.

Má tá na daoine atá i gceist níos sine, is féidir a bheith ag súil go mbeidh siad ag triail rudaí nua agus go mbeidh suim acu i gcúrsaí gnéis, ag brath ar a gcéim forbartha. B'fhéidir nach cúis mhór imní í gnéastéacsáil a fheiceáil i measc scoláirí níos sine ach toisc go bhféadfadh gach cás gnéastéacsála faoin aois a bheith mídhleathach, caithfear tuairisc maidir leis na heachtraí sin go léir a thabhairt do na Gardaí i gcomhair imscrúdú. Ba cheart tuismitheoirí scoláire a chur ar an eolas i gcónaí nuair a fhaigheann an scoil amach go raibh scoláire páirteach i ngníomhaíocht ghnéasach.

**An raibh duine fásta páirteach san eachtra seo?** Má bhí baint ag duine fásta leis an ábhar gnéastéacsála a tháirgeadh nó a scaipeadh, rinneadh gníomhaíocht mhídhleathach agus ba cheart an eachtra a chur ar aghaidh chuig Tusla agus na Gardaí láithreach bonn.

**An raibh baint ag daoine óga eile leis an íomhá a chruthú/a chomhroinnt?** Tá sé tábhachtach a fháil amach cé eile a raibh baint acu leis an gcás toisc go bhféadfadh folláine daoine óga eile a bheith i mbaol.

**An bhfuil na daoine óga eile a raibh baint acu leis an gcás leochaileach go háirithe? Ar fhulaing siad mí-úsáid agus an bhféadfadh tionchar a bheith ag iompar daoine fásta ar a gcuid gníomhaíochtaí?** Nuair a bhíonn tú ag déileáil le leanaí leochaileacha tá sé tábhachtach comhairle shonrach a lorg ó Tusla.

### *Folláine*

**An dteastaíonn tacaíocht nó cosaint láithreach ón scoláire?** Is féidir leis an tionchar a bhíonn ag comhroinnt neamhthoilteanach ar fholláine duine a bheith an-tromchúiseach. Má bhí baint ag ball den teaghlach nó ag cara leis na híomhánna gáirsiúla a chruthú, b'fhéidir nach mbeadh sé sábháilte don leanbh dul abhaile an tráthnóna sin. Ba cheart labhairt le Tusla agus leis na Gardaí agus ba cheart don scoil aird a thabhairt ar a gcomhairle. Má tá an scoláire trína chéile agus cráite b'fhéidir go mb'fhearr leas a bhaint as seirbhísí chomhairleoir na scoile, nuair is féidir. Mar chuid den tacaíocht sin ba cheart freisin insint don scoláire conas ba cheart dó nó di eachtraí de chomhroinnt ar líne a láimhseáil

nuair a théann siad in aimhréidh agus go deimhin conas iad a chosc ar fad.

**An bhfuil imní ort faoi fholláine daoine eile a bhí bainteach leis an scéal? An dteastaíonn comhairleoireacht/oideachas uathu?** Má tá daoine óga eile i gceist, tá sé tábhachtach go bhfaighidís siúd freisin an tacaíocht a theastaíonn uathu. B'fhéidir go gcaithfí dul i dteagmháil le príomhoide na scoile in aice láimhe.

## Atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile

1. Tá sé tábhachtach **na Gardaí a chur ar an eolas**. Cinnfidh siad cibé an bhféadfadh an t-ábhar gnéastéacsála a bheith coiriúil.

2. Beidh gá comhairle a fháil ó **Tusla** maidir le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí atá i gceist. Má tá amhras ort go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, caithfidh pearsanra na scoile an cás a chur ar aghaidh chuig Tusla agus chuig na Gardaí.

3. Cuir **na tuismitheoirí/caomhnóirí** ar an eolas faoin eachtra gnéastéacsála agus inis dóibh conas atáthar á láimhseáil. Caithfear an chumarsáid sin a láimhseáil go stuama, go háirithe má tá imní ar phearsanra na scoile faoi chosaint an linbh. B'fhéidir nach mbeadh aon chur amach ag roinnt tuismitheoirí ar an téarma 'gnéastéacsáil' agus b'fhéidir go gceapfadh tuismitheoirí eile gan smaoineamh i gceart orthu féin go bhfuil locht ar a leanbh féin as an bpictiúr a chomhroinnt ar an gcéad dul síos. Nuair atá tuismitheoirí á gcur ar an eolas faoi eachtraí gnéastéacsála ní mór a bheith airdeallach gur rud an-ghoilliúnach é seo. B'fhéidir nach raibh a fhios ag tuismitheoirí go raibh a leanbh i gcaidreamh rómánsúil nó b'fhéidir gur chuir siad cosc iomlán ar chaidreamh rómánsúil. Mínigh do na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí go bhféadfadh tuilleadh tacaíochta a bheith ag teastáil ón leanbh agus déan cinnte go bhfuil a fhios ag na tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí conas teacht ar an tacaíocht riachtanach.

4. Déan teagmháil le **hotline.ie** chun tuairisc a thabhairt faoi phornagrafaíocht leanaí nó íomhánna/físeáin ina dtaispeántar gníomhaíocht mhídhleathach eile. Tá uirlisí ag gach soláthróir seirbhíse idirlín, lena n-áirítear seirbhísí meán sóisialta, ar féidir leas a bhaint astu chun tuairisc a thabhairt faoi ábhar mídhleathach agus chun é a bhaint. Tá gach ábhar atá laistigh den sainmhíniú ar pornagrafaíocht leanaí mídhleathach agus bainfear é. Cuireann formhór na seirbhísí meán sóisialta cosc freisin ar

chomhroinnt neamhthoilteanach ábhar dlúthphearsanta ('pornagrafaíocht díoltais') agus bainfidh siad é nuair a inseofar dóibh go bhfuil a leithéid ann.

### Comhtháthú curaclaim

Is é an bealach is fearr chun dul i ngleic leis an gceist a bhaineann le gnéastéacsáil ná i gcomhthéacs an ranga OSPS, agus níos sonraí fós sna ceachtanna a chaitheann leis an topaic maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Ba cheart dul i ngleic leis i gcur i bhfeidhm an churaclaim ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí araon. Tá acmhainní teagaisc ar an ábhar ar fáil ó Webwise agus B4UDecide.

## Feasacht agus cosc

Feasacht agus cosc

Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den ról atá ag an scoil feasacht a chur chun cinn agus cuidiú chun comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna dlúthphearsanta a chosc. Neartóidh tionscnaimh scoile iarrachtaí dearfacha nó cuideoidh siad leis an ngníomhú in aghaidh iarrachtaí mírathúla tuismitheoirí chun iompraíocht dho-ghlactha a athrú. Tá cultúr agus atmaisféar dearfach scoile ríthábhachtach chun ciapadh d'aon chineál a chosc, sa chás seo ciapadh gnéasach agus ar líne. De réir na *Gnásanna Frithbhulaíochta*, ní mór do gach scoil straitéisí oideachais agus coiscthe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta ardaithe feasachta, d'fhonn dul i ngleic le cibearbhulaíocht.

I mbearta a cheaptar chun feasacht a ardú faoi ghnéastéacsáil neamhthoilteanach agus chun é a chosc ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar na cineálacha difriúla de ghnéastéacsáil neamhthoilteanach agus thoilteanach agus ba cheart eolas a thabhairt do scoláirí faoi dhul i ngleic le fadhbanna nuair a thagann siad chun cinn. Ní foláir do na straitéisí díriú go háirithe ar an ionbhá, ar an meas agus ar an teacht aniar a chothú. Ba cheart go ndíreofaí i mbearta coiscthe agus ardaithe feasachta freisin ar oideachas a chur ar scoláirí faoi iompar cuí ar líne, agus ar chultúr a fhorbairt ina dtuairiscítear aon ábhair imní faoi ghnéastéacsáil. Ba cheart go gcuirfí riachtanais scoláirí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh go háirithe i straitéisí coiscthe agus go gcuirfí san áireamh freisin aois agus inscne na scoláirí a bhfuiltear ag díriú orthu.

# Fonótaí

1 Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí: Harmful Communications and Digital Safety (LRC 116-2016) ag alt 1.194
2 SPIRTO, "Self-produced sexual images: Context and consequences. A summary of research findings," *Self Produced Images Risk Taking Online,* arna rochtain an 26 Samhain 2015; ar fáil ó http://www.spirto.health.ed.ac.uk/download/website_files/SPIRTO_Summary_20InterviewsAnalysis_FINAL.pdf
3 Julia Lipmann agus Scott Campbell. "Damned If You Do, Damned If You Don't...If You're a Girl: Relational and Normative Contexts of Adolescent Sexting in the United States." *Journal of Children and Media*, 8:4 (2014): 378.
4 danah boyd, "Teen Sexting and Its Impact on the Tech Industry," cur i láthair ag *Read Write Web 2WAY Conference*, Nua-Eabhrac, NY, 13 Meitheamh 2011.
5 Jessica Ringrose, Rosalind Gill, Sonia Livingstone agus Laura Harvey, "A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC," (2012), 16.
6 Giovanna Mascheroni, Jane Vincent agus Estefania Jimenez, eag, "'Girls are addicted to likes so they post semi-naked selfies': Peer mediation, normativity and the construction of identity online," *Cyberpsychology: Journal of Psychological Research on Cyberspace* 9 (1) (2015): alt 5, 2.
7 Ringrose, 7.
8 danah boyd, "Teen Sexting and Its Impact on the Tech Industry," cur i láthair ag *Read Write Web 2WAY Conference*, Nua-Eabhrac, NY, 13 Meitheamh 2011.
9 *Ibid.*
10 Giovanna Mascheroni agus Andrea Cuman, *Net Children Go Mobile: Final Report* (Milano: Educatt, 2014), 32.
11 Jessica Ringrose, Rosalind Gill, Sonia Livingstone agus Laura Harvey, "A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC," (2012), 27.
12 *Ibid.*, 27.
13 *Ibid.*, 13.
14 SPIRTO, "Self-produced sexual images: Context and consequences. A summary of research findings," *Self Produced Images Risk Taking Online,* arna rochtain an 26 Samhain 2015; ar fáil ó http://www.spirto.health.ed.ac.uk/download/website_files/SPIRTO_Summary_20InterviewsAnalysis_FINAL.pdf
15 Ringrose, 13.
16 Julia Lipmann agus Scott Campbell. "Damned If You Do, Damned If You Don't...If You're a Girl: Relational and Normative Contexts of Adolescent Sexting in the United States." *Journal of Children and Media*, 8:4 (2014): 377.
17 SPIRTO.
18 Brian O'Neill agus Thuy Dinh, *Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland* (Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 2015), 45.
19 Jessica Ringrose, Rosalind Gill, Sonia Livingstone agus Laura Harvey, "A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC," (2012), 15.
20 *Ibid*., 25.
21 Julia Lipmann agus Scott Campbell. "Damned If You Do, Damned If You Don't...If You're a Girl: Relational and Normative Contexts of Adolescent Sexting in the United States." *Journal of Children and Media*, 8:4 (2014): 373.
22 Ringrose, 7.
23 Charlotte Aynsley et al., eag., *'Sexting' in schools: advice and support around self-generated images*, 20.
24 SPIRTO, "Self-produced sexual images: Context and consequences. A summary of research findings," *Self Produced Images Risk Taking Online,* arna rochtain an 26 Samhain 2015; ar fáil ó http://www.spirto.health.ed.ac.uk/download/website_files/SPIRTO_Summary_20InterviewsAnalysis_FINAL.pdf
25 Ringrose, 7 agus Lipmann, 379.
26 Giovanna Mascheroni agus Andrea Cuman, *Net Children Go Mobile: Final Report* (Milano: Educatt, 2014),32.
27 Jessica Ringrose, Rosalind Gill, Sonia Livingstone agus Laura Harvey, "A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC," (2012), 46.
28 Ringrose, 15.
29 Charlotte Aynsley et al., eag., *'Sexting' in schools: advice and support around self-generated images*, Iarscríbhinn 2.
30 Foody, M., Mazzone, A., Laffan, D. A., Loftsson, M., & Norman, J. O. H. (2021). "It's not just sexy pics": An investigation into sexting behaviour and behavioural problems in adolescents. *Computers in Human Behavior,* 117, 106662.
31 Everri, M. & Park, K. (2018). Children's online behaviours in Irish primary and secondary schools. Research report. Zeeko, NovaUCD, University College Dublin.
32 Law Reform Commission's Report: Harmful Communications and Digital Safety (LRC 116-2016) at paragraph 1.194
33 [2002] EWCA Civ 7. Off-campus bullying has also been addressed by the Australian courts in Trustees of the Roman Catholic Church for the Diocese of Bathurst v Koffman where the particular incident occurred 20 minutes after school hours had ended and 400 metres from the boundary of the school. The plaintiff was successful in his action and Shellar J.A. noted that the duty of care could extend to pupils on a school bus or walking to and from school and if the "school authority were aware ... that on a particular journey older children habitually and violently bullied younger children, the duty might well extend so far as to require the school to take preventative steps or to warn parents"
34 National Educational Welfare Board, *Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools,* (National Educational Welfare Board, 2008), 55.
35 National Educational Welfare Board, *Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools,* (National Educational Welfare Board, 2008), 58.
36 National Educational Welfare Board, *Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools,* (National Educational Welfare Board, 2008), 38.
*37 National Educational Welfare Board,* Developing a Code of Behaviour: Guidelines for Schools, (National Educational Welfare Board, 2008), 61.

## Saothair luaite


Aynsley, Charlotte, Hugh Davies OBE QC, Sharon Girling OBE, Ruth Hammond agus Teresa Hughes. *'Sexting' in schools: advice and support around self-generated images*, (Compass Community, 2013), arna rochtain an 26 Samhain 2015; ar fáil ó http://www.parentsprotect.co.uk/files/Sexting%20in%20Schools%2eBooklet%20FINAL%2030APR13.pdf

Boyd, danah. "Teen Sexting and Its Impact on the Tech Industry." Cur i láthair ag *Read Write Web 2WAY Conference*, Nua-Eabhrac, NY, 13 Meitheamh 2011.

Hallissey, Brian. "Sexting and Hate Speech Online." Cur i láthair ag *Digital Bullying: Legal and Security issues surrounding Cyber Safety*, Baile Átha Cliath, 9 Deireadh Fómhair 2014.

Lipmann, Julia agus Scott Campbell. "Damned If You Do, Damned If You Don't...If You're a Girl: Relational and Normative Contexts of Adolescent Sexting in the United States." *Journal of Children and Media*, 8:4 (2014): 371-386.

Mascheroni, Giovanna agus Andrea Cuman. *Net Children Go Mobile: Final Report.* Milano: Educatt, 2014.

Mascheroni, Giovanna agus Kjartan Ólafsson. *Net Children Go Mobile: risks and opportunities. An dara heagrán.*Milano: Educatt, 2014.

Mascheroni, Giovanna, Jane Vincent agus Estefania Jimenez, eag. "'Girls are addicted to likes so they post semi-naked selfies': Peer mediation, normativity and the construction of identity online." *Cyberpsychology: Journal of Psychological Research on Cyberspace* 9 (1) (2015): alt 5.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais. *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna.* An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 2008.


O'Neill, Brian agus Thuy Dinh. *Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 2015.

Ringrose, Jessica, Rosalind Gill, Sonia Livingstone agus Laura Harvey. "A qualitative study of children, young people and 'sexting': a report prepared for the NSPCC." (2012).

SPIRTO. "Self-produced sexual images: Context and consequences. A summary of research findings." *Self Produced Images Risk Taking Online,* arna rochtain an 26 Samhain 2015; ar fáil ó http://www.spirto.health.ed.ac.uk/download/website_files/SPIRTO_Summary_20InterviewsAnalysis_FINAL.pdf

# TAISCEADÁIN

**Acmhainn OSPS maidir le Comhroinnt Neamhthoilteanach Íomhánna Dlúthphearsanta**



## Réamhrá leis an acmhainn seo

Forbraíodh an acmhainn oideachais seo chun tacú le scoileanna agus iad ag dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna dlúthphearsanta i gcomhthéacs an ranga OSPS.

## An dóigh leis an acmhainn seo a úsáid:

Is é an bealach is fearr chun dul i ngleic leis an gceist ná i gcomhthéacs an ranga OSPS, agus níos sonraí fós sna ceachtanna a chaitheann leis an topaic maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Is féidir dul i ngleic leis i gcur i bhfeidhm an churaclaim ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí araon. Tá acmhainní teagaisc ar an ábhar ar fáil ó Webwise (www.webwise.ie) agus ó B4UDecide (www.b4udecide.ie).

Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den ról atá ag an scoil feasacht a chur chun cinn agus cuidiú chun comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna dlúthphearsanta a chosc. Tá sé i gceist san acmhainn comhbhá, ómós agus teacht aniar a chothú i measc daoine óga agus cuidiú leo na hiarmhairtí a bhíonn lena ngníomhaíochtaí a thuiscint.

Mapáiltear an acmhainn seo de réir churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí agus tá sé beartaithe le húsáid le scoláirí sa dara agus sa tríú bliain, mar chuid den chlár OCG. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh an mhapáil seo de réir an churaclaim srian ar an múinteoir. Táthar ag súil go mbeifear in ann an acmhainn a chur in oiriúint lena húsáid le scoláirí na Sraithe Sinsearaí agus go háirithe le Scoláirí na hIdirbhliana. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí áirithe a úsáid i ranganna staidéir ar na meáin agus i ranganna reiligiúin.

Samhlaítear go n-úsáidfear an acmhainn seo nuair a bheidh gá léi, agus nach comhpháirt éigeantach den chlár OCG í. Ba cheart an acmhainn a úsáid mar fhreagra ar fhadhbanna a thagann chun cinn maidir le comhroinnt ábhar dlúthphearsanta ar líne agus mar bheart coisctheach.

B'fhéidir go dteastódh tacaíocht bhreise ó scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu chun an acmhainn seo a thuiscint. Ba cheart cur ar a gcumas teanga atá oiriúnach do chásanna ar leith a thuiscint agus a úsáid agus ba cheart gach deis a thabhairt dóibh an fhoghlaim a chur ina comhthéacs feidhmiúil.

Ba cheart aird speisialta a thabhairt nuair a bhítear ag obair le daoine óga an-leochaileach agus ar fhulaing roinnt acu ó chásanna an-dona de mhí-úsáid ghnéasach. Teastóidh dearcadh


Taisceadáin » Cuid 2: Taisceadáin: Acmhainn OSPS maidir le Comhroinnt Neamhthoilteanach Íomhánna Dlúthphearsanta
37

nó freagra difriúil i gcás na 'leanaí' sin agus ba cheart do dhuine a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha aige nó aici an obair sin a dhéanamh.

## Treoirlínte maidir le dea-chleachtas

I leanúntas shamhail tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais tá an acmhainn seo sa chatagóir 'Tacaíocht do Chách'. Ach faraor, tá i bhfad an iomarca leanaí gortaithe agus leochaileacha i gcuid mhaith scoileanna timpeall na tíre; ní mór do mhúinteoirí a bheith aireach air sin nuair a bhíonn an tsaincheist maidir le gnéastéacsáil á plé acu.

1. Mar thoradh ar chineál íogair an ábhair seo, is gá don mhúinteoir ullmhúchán a dhéanamh roimh gach ceacht.

2. Seiceáil conas atá na scoláirí ó thaobh mothúchán de roimh gach ceacht agus ina dhiaidh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí fhiafraí de na scoláirí conas a mhothaíonn siad faoin ábhar atá le hiniúchadh roimh an gceacht, agus ansin fiafraí díobh ar athraigh a gcuid mothúchán ag deireadh an cheachta. D'fhéadfá cluiche a úsáid freisin a chuideoidh leis na scoláirí teanntás a dhéanamh agus feicfidh tú cén chaoi a bhfuil siad ó thaobh a mothúchán de. Cluiche simplí ar nós ceist a chur ar scoláirí faoin aimsir atá acu féin. Déanann na scoláirí cur síos ansin ar a staid mhothúchánach trí réamhaisnéis aimsire (e.g. "Bhí tús an lae tais agus gruama i mBaile Thomáis ach tá rudaí ag feabhsú anois agus b'fhéidir go scalfadh an ghrian tráthnóna"). Tá sé tábhachtach go bhfuil múinteoirí eolach ar bheartas na scoile um chosaint leanaí agus go leanann siad na gnásanna go cúramach i gcásanna ina ndéanann scoláirí nochtadh íogair sa rang OSPS.

3. Bíodh aithne mhaith agat ar do scoláirí agus bí eolach ar aon fhadhbanna féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu sula dteagascann tú gach ceacht.

4. Bí eolach ar na tacaí uile atá ar fáil duitse agus do na scoláirí i do scoil. Tá sé tábhachtach a bheith an-eolach ar bheartas agus ar ghnásanna frithbhulaíochta na scoile sula dteagascann tú na ceachtanna sa phaca seo.
5. Déileáiltear le saincheisteanna íogaire sna ceachtanna seo agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fholláine na scoláirí i do rang. Ar an gcúis sin, moltar do mhúinteoirí go mbeadh an cúrsa dhá lá ina bhfuil tús eolais ar OSPS curtha i gcrích acu sula gcuireann siad an clár seo os comhair na scoláirí.

6. Tabhair eolas do do scoláirí faoi na tacaí atá ar fáil dóibh agus leag béim ar conas is féidir teacht ar gach taca. Más gá, eagraigh seisiún réamheolais sula reáchtáiltear ceachtanna. Ba cheart don scoil an liosta tacaí a chuirtear san áireamh in Aguisín 2 a dháileadh agus aird na scoláirí a tharraingt ar an acmhainn seo.

7. Déan teagmháil leis an treoirchomhairleoir nó le teagascóir ranga sula dtugann tú faoin gclár seo.

LEID!

SEICEÁIL CONAS ATÁ NA SCOLÁIRÍ Ó THAOBH MOTHÚCHÁN DE ROIMH GACH CEACHT AGUS INA DHIAIDH.

8. Tá sé ríthábhachtach go bhfágann tú am le haghaidh mioncheistiú ag deireadh na gceachtanna. Is féidir go dtógfaidh na gníomhaíochtaí molta níos mó ama ná atá léirithe. Tá fáilte romhat gníomhaíochtaí a athrú agus a fhágáil ar lár chun a chinntiú go dtugann tú aghaidh ar shainriachtanais do ranga.
9. Pléigh ábhar na gceachtanna sin leis an bhfoireann OSPS ar do scoil. Is féidir nach bhfuair gach duine díobh oiliúint faoi conas na ceachtanna sin a sholáthar nó faoi conas OSPS a theagasc.
10. Cinntigh go bhfuil an príomhoide agus na tuismitheoirí eolach ar an gclár agus ar an uair a theagascfar é sa scoil. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí (nó i gcás scoláire os cionn 18 mbliana d'aois, ag an scoláire féin) iarraidh nach bhfreastalódh scoláire ar cheachtanna ar an mbunús nach n-aontaíonn siad leis an ábhar sa cheacht. Tá litir shamplach chuig tuismitheoirí faoi iamh in Aguisín 4.
11. Leag bunrialacha síos maidir le hiompar sa seomra ranga agus le béasaíocht sula ndéanann tú iarracht tús eolais a thabhairt ar na hábhair íogaire a bpléitear leo sa chlár seo. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh bunrialacha samplacha.
12. Tabhair am do scoláirí leibhéal na litearthachta mothúchánaí atá ag teastáil chun an t-ábhar ar fad a úsáid a fhorbairt. Moltar gan tús eolais a thabhairt ar an ábhar seo go dtí go bhfuil a scileanna litearthachta mothúchánaí forbartha ag scoláirí i modúil amhail 'Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile' agus 'Bheith i d'ógánach'.
13. Lean na treoirlínte maidir le cuairteanna scoile (féach ar Aguisín 3) má tá cuireadh le tabhairt do dhuine éigin chun labhairt faoi na hábhair a chuimsítear san acmhainn seo. Is iomaí duine a labhraíonn faoin ábhar seo ach ní chomhlíonann gach duine acu caighdeáin na Roinne Oideachais agus Scileanna, de réir Chiorclán 0023/2010 na Roinne.

## Treoirlínte dea-chleachtais chun an acmhainn seo a úsáid le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

1. D'fhonn a chinntiú go bhfuil an clár seo inrochtana do gach scoláire moltar don mhúinteoir OSPS dul i gcomhairle agus oibriú leis an rannán Riachtanais Speisialta Oideachais. D'fhéadfaidís comhairle a thabhairt a bhaineann le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtéarmaí difreála, rud a chinnteoidh dá réir sin gur féidir leis na scoláirí an t-ábhar a thuiscint, a bheith rannpháirteach sna ceachtanna agus leas a bhaint as tuiscint iomlán ar an tsaincheist seo. Tá sé sin riachtanach toisc gur féidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith leochaileach go háirithe.

2. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar phleanáil i gcomhair difreála sula gcuirtear na ceachtanna ar fáil. B'fhéidir go mbeadh gá an fhoclaíocht a mhúineadh roimh ré do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán acu ar an ábhar. Tarlaíonn sé ceithre huaire san acmhainn seo gur forbraíodh dhá leagan de bhileog oibre; is ar mhaithe le difreáil a rinneadh é sin.

3. Ba cheart go mbeadh cur amach ag na múinteoirí ar na treoirlínte OSPS do scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ginearálta acu ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/PP_SPHE.pdf . 'Déantar iniúchadh in OSPS freisin ar fhás, ar athrú, agus ar shaincheisteanna sábháilteachta agus pearsanta. Is rud tábhachtach é sin do scoláirí a bhfuil míchumas éadrom ginearálta foghlama acu, a mbíonn deacracht acu cásanna sóisialta a leanúint rud a fhágann níos leochailí iad do mhí-úsáid agus do dhúshaothrú. Is rud bunúsach é forbairt scileanna cúraim phearsanta nuair atá daoine á gcur féin i láthair daoine eile. Teastaíonn go leor oibre sa réimse seo ó na scoláirí seo, agus moltar pleanáil chúramach a dhéanamh le haghaidh an rannáin seo, i gcomhthéacs OCG agus an Chláir Bí Sábháilte'. [aistriúchán ar an mbuntéacs Béarla]

4. D'fhéadfadh cúrsa na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, 'Puberty, Relationships and Sexuality for Students with Autism' agus an seimineár, '3'Rs to Bullying for Students with SEN', a bheith mar oiliúint ábhartha le haghaidh roinnt múinteoirí.

5. B'fhéidir go gcaithfí dul i gcomhairle le tuismitheoirí scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sula dtosaítear na ceachtanna. Má tá Cúntóir Riachtanas Speisialta ag an scoláire, caithfear ról agus freagracht an Chúntóra a shainiú go soiléir.

6. Nuair a bheifear ag leagan síos bunrialacha do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is fiú na bunrialacha sin a léiriú ar bhonn amhairc. Seachas liosta rialacha a fhorbairt, b'fhéidir go mb'fhearr a rá le scoláirí pictiúir a tharraingt chun an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis uathu a thaispeáint.

7. Tá sé an-tábhachtach na céimeanna go léir a leanúint ar conas cúnamh a fháil, go háirithe má tá drochscileanna sóisialta agus cumarsáide ag na scoláirí. Cuimhnigh go bhféadfadh scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith an-leochaileach do dhúshaothrú agus nach mór a gcuid cásanna a leanúint suas.

# Ceacht 1:

## An dlí maidir le hábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt



## Ceacht 1: An dlí maidir le hábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt

### Croí-choincheap:

Má tá na scoláirí in ann a aithint go bhfuil sé mídhleathach ag mionaoisigh ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt, agus an díobháil a dhéantar nuair a chomhroinntear ábhar dlúthphearsanta duine éigin eile, gan a gcead, a thuiscint, ansin spreagfar scoláirí chun gníomhú go freagrach nuair a thagann siad ar ábhar dlúthphearsanta ar líne nó nuair a bhíonn siad ag smaoineamh ar ghnéastéacsáil iad féin.

### Toradh:

Beidh scoláirí in ann a chinneadh cathain atá malartú ábhar dlúthphearsanta ar líne mídhleathach agus tosóidh siad ag smaoineamh ar na céimeanna is féidir a ghlacadh nuair a bhíonn malartú ábhar dlúthphearsanta ar líne díobhálach.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí: Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile:** An speictream caidrimh; Gnéasacht, féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis
**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:**Caidreamh agus gnéasacht; Cairdeas

### Acmhainní a theastaíonn:

Bileoga Oibre 1.1 agus 1.2

### Modheolaíochtaí:

Quiz, díospóireacht siúil, obair ghrúpa, plé

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- Ag brath ar an gcineál riachtanais speisialta oideachais atá ag an scoláire, b'fhéidir go mbeadh gá roinnt ceachtanna a thabhairt don scoláire roimh an gceacht seo d'fhonn an teanga chasta a bhaineann leis an ábhar seo a dhíchódú agus a mhíniú dó nó di. Má tá aois léitheoireachta ocht mbliana ag scoláire, cuir i gcás, beidh sé fíor-dheacair aige/aici téarmaíocht mar 'gáirsiúil', 'toilteanach', 'neamhthoilteanach' a thuiscint. Má tá míchumas foghlama ginearálta measartha ag scoláire níor mhór ábhar mar 'baill ghiniúna' agus 'uchtnocht' a mhúineadh roimh ré ag cinntiú dá réir sin go mbeidh an tasc foghlama comhoiriúnach le réamhfhoghlaim.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go háirithe iadsan a bhfuil disléicse ag dul dóibh, in ann na freagraí ar na ceisteanna i mBileog Oibre 1.1 a léamh/scríobh: Quiz maidir le Pictiúir Phríobháideacha ar líne. Mar gheall ar chomh casta is atá an t-ábhar agus an teanga d'fhéadfaí úsáid a bhaint as teicneolaíocht oiriúnaitheach lena chinntiú gur féidir leis na scoláirí an téacs a thuiscint agus a gcuid smaointe maidir leis an ábhar a chur in iúl. D'fhéadfadh teicneolaíocht Caint go Téacs nó vice versa a bheith áisiúil anseo freisin.
- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhreithiúnas sóisialta ag roinnt déagóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d'fhéadfadh deacracht a bheith acu an difríocht idir rud atá ceart agus rud atá mícheart nó rud atá dleathach agus rud atá mídhleathach a thuiscint i gceart. Chuideodh sé b'fhéidir leis na scoláirí tuiscint cheart a fháil ar an gcoincheap dleathach/mídhleathach dá ndéanfaí scafalra cúramach ar Ghníomhaíocht 2. Tá sé sin tábhachtach go háirithe toisc nach mór do na scoláirí seo na scileanna a fhorbairt chun iad féin a chosaint. Tugann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta oiliúint in Social Stories™ (http://www.sess.ie/social-stories-30).
- Úsáidtear scileanna smaointeoireachta mar smaointeoireacht chriticiúil ar ard-ord níos mó sa díospóireacht siúil i nGníomhaíocht 2. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an tasc chun na scoláirí go léir a chur san áireamh ann.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

## GNÍOMHAÍOCHT 1:


### Quiz maidir le Pictiúir Phríobháideacha ar líne – na fíricí á leagan síos

1. Mínigh do mhic léinn go ndíreoidh rang an lae inniu ar sheoladh ábhar pearsanta ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile (ar a dtugtar de ghnáth 'sexting') agus go háirithe ar aithint nuair a bhíonn an t-iompar seo mídhleathach agus níos mó fadhbanna. Le socrú comhthéacs na ngníomhaíochtaí a thiocfaidh ina dhiaidh sin, faigh an rang chun féach go Deo (www.webwise.ie/lockers).

2. I ndiaidh breathnú ar Forever, mínigh don rang nach bhfuil tú ag súil go mbeidh gach rud faoi ghnéastéacsáil ar eolas acu agus gur mian leat béim a leagan ar an bpointe nach mbíonn gnéastéacsáil á déanamh ag gach duine. Is fíric é, áfach, go bhfuil dlúthábhar gnéis a roinnt gan toiliú a fháil mídhleathach i gcónaí.  Sa chás go bhfuil na rannpháirtithe faoi 18 mbliana d'aois d'fhéadfadh gurb ionann gnéastéacsáil agus sárú ar na dlíthe coiriúla a bhaineann le pornagrafaíocht leanaí. Is é an aidhm atá leis na ceachtanna seo cabhrú le mic léinn a ullmhú sa chás go mbíonn brú á chur orthu dlúthábhar gnéis a sheoladh nó sa chás go mbíonn orthu déileáil le heachtra ghnéastéacsála a imíonn ó smacht.

3. Iarr ar na scoláirí **Bileog Oibre 1.1: a dhéanamh: Quiz maidir le Pictiúir Phríobháideacha ar líne**.

4. Nuair a bheidh an quiz déanta ag na scoláirí, tabhair aiseolas ar na freagraí cearta. Tabharfaidh an **bhileog Mar Eolas Duit** an fhaisnéis duit a theastaíonn uait chun na freagraí cearta a thabhairt do na scoláirí.



## Bileog Oibre 1.1:

# Quiz maidir le Pictiúir Phríobháideacha ar líne

**1.** Céard é gnéastéacsáil? ____________________

____________________

**2.** Tá glacadh, sealbhú nó roinnt íomhánna gnéis de dhuine éigin atá faoi 18 mbliana d'aois mídhleathach.
☐ Fíor ☐ Bréagach

**3.** Tá glacadh, sealbhú nó roinnt íomhánna gnéis de dhuine éigin atá os cionn 18 mbliana d'aois gan toiliú mídhleathach.
☐ Fíor ☐ Bréagach

**4.** Is ionann íomhá ghnéis agus íomhá ina dtaispeántar:
(roghnaigh gach ceann ábhartha)

☐ daoine i mbun gníomh gnéis
☐ buachaill uchtnocht
☐ buachaill ag caitheamh fobhríste dornálaí
☐ cailín uchtnocht
☐ cailín ag caitheamh cíochbhirt
☐ baill ghiniúna buachaill nó cailín




**5.** In Éirinn, tá sé mídhleathach dlúthábhar gnéis a roinnt chun díoltas a bhaint amach.
☐ Fíor ☐ Bréagach

**6.** Céard a chiallaíonn an focal 'toiliú'? ____________________

____________________

**7.** Tabhair roinnt samplaí d'uaireanta a mbeadh ort toiliú a thabhairt. ____________________

____________________

**8.** Tá sé mídhleathach féiníní nochta duine éigin eile a roinnt gan toiliú a fháil.
☐ Fíor ☐ Bréagach

**9.** Céard a chiallaíonn roinnt 'neamh-chomhthoilliúil'? ____________________

____________________

# Mar Eolas: Quiz maidir le Pictiúir Phríobháideacha ar líne

## Na freagraí

1. Is éard atá i gceist le gnéastéacsáil ábhar gnéis a sheoladh i dtéacs, físeáin agus grianghraif trí úsáid a bhaint as fón póca, aipeanna, seirbhísí líonraithe shóisialta agus teicneolaíochtaí idirlín eile.

2. Fíor. Nuair a bhíonn baint ag mionaoisigh le gnéastéacsáil, bíonn éifeacht le hAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998, má tá an t-ábhar gáirsiúil agus ag teacht leis an sainmhíniú ar phornagrafaíocht leanaí. Chomh maith leis sin, beidh sáruithe ar Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 i gceist má tá na híomhánna ag teacht leis an sainmhíniú ar "íomhá ghnéis" faoin Acht agus má glacadh, má dáileadh nó má foilsíodh na híomhánna gan toiliú a fháil.

3. Fíor. Tá An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 bunaithe go sonrach chun pornagrafaíocht díoltais a choiriúlú. Má glacadh, má dáileadh nó má foilsíodh na grianghraif gan toiliú a fháil, beidh cion déanta agus d'fhéadfadh go mbeadh príosúnacht mar thoradh ar chiontú.

4. Cuimsítear daoine i mbun gníomh gnéis, cailín uchtnocht, buachaill ag caitheamh fobhríste dornálaí agus baill ghiniúna buachaill nó cailín sa sainmhíniú ar íomhá ghnéis atá luaite in Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020. Má tá an duine, nó ceann de na daoine sa ghrianghraf faoi 18 mbliana d'aois, glacfar leis gurb ionann an grianghraf agus pornagrafaíocht leanaí faoi Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998. Ní bheadh buachaill uchtnocht ag teacht leis an sainmhíniú ar ghníomh gnéis faoi Acht 2020, ach dá mbeadh sé faoi 18 mbliana d'aois tá féidearthacht ann go nglacfaí leis mar phornagrafaíocht leanaí de bhrí go sonraítear san acht go bhfuil aon ghrianghraf a thugann le fios go bhfuil leanbh ar fáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach mídhleathach. I ndeireadh na dála, ní féidir ach le cúirt cinneadh a dhéanamh maidir lena bhféadfaí glacadh le grianghraf uchtnocht gáirsiúil de bhuachaill nó cailín mar ghrianghraf atá follasach agus mídhleathach faoi Acht 1998.

5. Fíor. In Éirinn tá sé mídhleathach anois íomhánna gnéis a roinnt chun díoltas a bhaint amach ar dhuine éigin (ar a dtugtar 'pornagrafaíocht díoltais' go coitianta) ó achtaíodh Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020. Tráth scríofa an doiciméid seo, (Feabhra, 2021) níl tús curtha leis an Acht fós, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé i bhfeidhm fós, ach táthar ag súil go mbeidh sé á achtú gan mhoill.

6. Is éard atá i gceist le 'toiliú' cead a thabhairt rud éigin a dhéanamh nó comhaontú maidir le rud éigin.

7. Iarrfaidh do scoil ar bhur dtuismitheoirí foirm thoilithe a shíniú go minic chun cead a thabhairt duit dul ar thuras scoile nó grianghraf a ghlacadh díot agus an grianghraf a úsáid ar shuíomh gréasáin na scoile. B'fhéidir go mbeadh an téarma 'toiliú' cloiste agaibh freisin i ndáil leis an aois toilithe chun caidreamh collaí a bheith ag duine. Is ionann an aois toilithe agus an aois a mheastar atá duine sách aibí go dleathach chun comhaontú páirt a ghlacadh i ngníomhartha gnéis.

8. Fíor. Tá sé mídhleathach féiníní nochta duine éigin a roinnt faoi Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020, ar reachtaíocht choiriúil é agus d'fhéadfadh go mbeadh príosúnacht dá barr. Faoi dhlí cosanta sonraí, tá an ceart ag daoine aonair cinneadh a dhéanamh gan a sonraí pearsanta a bhailiú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear a n-íomhá, gan toiliú a fháil uathu. D'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil aon duine a fhoilsíonn ábhar príobháideach, seolta trí ghnéastéacsanna ar líne, ag sárú dlíthe cosanta pearsanta nó dlíthe cóipchirt agus d'fhéadfaí cás dlí sibhialta a thabhairt ina c(h)oinne. Má tá na daoine faoi 18 mbliana d'aois d'fhéadfaí glacadh leis na híomhánna mar phornagrafaíocht leanaí. D'fhéadfadh go mbeadh ionchúiseamh mar thoradh ar íomhanna gnéis follasacha de mhionaoisigh a roinnt chun pornagrafaíocht leanaí a dháileadh. I measc na bpionós a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá seal sa phríosún agus ainm duine a bheith cláraithe ar chlár na gciontóirí gnéis. D'fhéadfaí glacadh le híomhánna a bheith á roinnt arís agus arís eile mar chiapadh.

9. Is éard atá i gceist le roinnt neamh-chomhthoilliúil ábhar a roinnt ar líne gan cead a fháil ón duine atá le feiceáil san fhíseán.

## GNÍOMHAÍOCHT 2:

### Na cineálacha éagsúla iompair a scrúdú

### Nóta don mhúinteoir:

Tá breithiúnas áirithe i gceist nuair atá cinneadh le déanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil cásanna gnéastéacsála mídhleathach. Glacfar le gnéastéacsáil idir mic léinn faoi aois mar shárú ar Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998, is cuma má tá nó mura bhfuil toiliú i gceist. D'fhéadfaí glacadh le "féiníní nochta" gan iarraidh de bhaill ghiniúna mar chionta faoi Acht 1998 agus Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017. Sa chás go bhfuil na híomhánna á roinnt gan toiliú a fháil, beidh sáruithe ar Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 i gceist is cuma má tá nó mura bhfuil na mic léinn níos sine ná 18 mbliana d'aois. Tá cásanna áirithe breá soiléir ach tá cásanna áirithe casta freisin agus go ginearálta tá sé sách deacair aon rud a rá go cinnte maidir leis na hiarmhairtí dlí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. I ndeireadh na dála, is cinntí iad seo a bheadh le déanamh ag breitheamh. Tá sé tábhachtach a chur in iúl do na mic léinn, áfach, go bhfuil aon bhaint a bheith ag mionaoisigh le malartú ábhar follasach mídhleathach agus go bhféadfaí cúisimh choiriúla thromchúiseacha a thabhairt i gcoinne mionaoiseach a bhfuil baint acu lena leithéid. Tá amhras ann maidir le nádúr neamhdhleathach íomhánna gnéis a ghlacadh nó a roinnt gan toiliú a fháil ó tugadh isteach Acht 2020 le déanaí.




1. Nuair a thuigeann mic léinn na huaireanta a bhfuil sé mídhleathach dlúthábhar gnéis a roinnt, tabhair deis dóibh oibriú i bpéirí agus anailís a dhéanamh ar na cás-staidéir atá le fáil ar **Bhileog Oibre 1.2: Dleathach nó Mídhleathach.**

2. Scrúdóidh agus pléifidh mic léinn gach cás-staidéar atá luaite ar an mbileog oibre. Ansin cuirfidh siad in iúl an dóigh leo go bhfuil an méid a tharla mídhleathach nó dleathach.

3. B'fhéidir go gcinnfeá deis a thabhairt do na mic léinn na cásanna seo a phlé mar chuid de dhíospóireacht, seachas a bheith ag obair ina bpéirí. Má chinneann tú díospóireacht a reáchtáil, roinn an rang in dhá thaobh - dleathach agus mídhleathach. Ansin léigh na scéalta difriúla os ard sula dtugann tú deis do na mic léinn bogadh chuig taobhanna difriúla den seomra ag brath ar cibé acu an dóigh leo go bhfuil an méid a tharla dleathach nó mídhleathach. I rith na díospóireachta, pléann mic léinn na cúiseanna a bhí acu taobh amháin seachas taobh eile a roghnú agus tugtar deis dóibh a n-intinn a athrú trí bhogadh chuig an taobh eile den seomra ranga.

4. Pléigh na freagraí cearta leis an rang, agus bí cinnte go dtarraingíonn tú aird ar aon iompar mídhleathach.
   **Cás-staidéar 1:** Mídhleathach. Ní hamháin go bhfuil na híomhánna follasach agus gur duine faoi aois atá le feiceáil iontu (agus tríd an ngrianghraf a ghlacadh agus a sheoladh, tá dhá chion déanta ag Adam faoi Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 agus dhá chion faoi Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017), eadhon "Leanbh ag breathnú ar ghníomhaíocht ghnéis" agus "Nochtadh, iompar gáirsiúil gnéis" ach d'fhéadfaí glacadh le seoladh na n-íomhánna gan iarraidh arís is arís mar fhoirm ciaptha faoi Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 agus d'fhéadfaí gur cion é seoladh cumarsáid atá ró-ghráiniúil faoi A.4 Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020.
   **Cás-staidéar 2:** Dleathach. Níl na híomhánna seo follasach agus tá siad á roinnt go comhthoilliúil.
   **Cás-staidéar 3:** Mídhleathach. Tá na híomhánna mídhleathach, de bhrí go bhfuil Barry faoi 18 mbliana d'aois. Nuair a roinneann Laura na híomhánna gan cead a fháil ó Barry déanann sí cion faoi Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020.
   **Cás-staidéar 4:** Dleathach. Cé go bhfuil Shauna faoi aois, níl na híomhánna seo follasach agus tá siad á roinnt go comhthoilliúil.
   **Cás-staidéar 5:** Mídhleathach. Cé go bhfuil Tommy agus Zoe sách sean chun toiliú a thabhairt chun caidreamh collaí a bheith acu, tá an ghníomhaíocht seo mídhleathach mar nár thug Tommy toiliú chun an taifeadadh a dhéanamh. Is sárú soiléir é seo ar Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020. Chomh maith leis sin, de bhrí gur leanbh í Zoe de réir an tsainmhínithe in Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998, is ionann an taifeadadh agus sampla de phornagrafaíocht leanaí.

BILEOG OIBRE




Bileog Oibre 1.2:

# Dleathach nó Mídhleathach?

## Cás-staidéar 1:

Seolann Adam (16) go leor féinphiceanna ina bhfuil sé nocht chuig Emma (14). Ní raibh sí ag iarraidh na n-íomhánna sin agus cuireann siad isteach uirthi. Tá siad ag cur as di mar tá siad sách gáirsiúil. Leanann Adam ag seoladh na n-íomhánna toisc gur maith leis a bheith ag spochadh as Emma.

**Dleathach/Mídhleathach/Braitheann Sé?**

-------------------------------------------

**Cúis:**

## Cás-staidéar 2:

Seolann Shane (16) go leor féinphiceanna chuig Kevin (15). Tá siad ag dul amach le chéile le 6 mhí anuas agus anois is arís seolann siad grianghraif ina bhfuil siad uchtnocht chuig a chéile.

**Dleathach/Mídhleathach/Braitheann Sé?**

-------------------------------------------

**Cúis:**

## Cás-staidéar 3:

Seolann Barry (17) féinphiceanna ina bhfuil sé nocht chuig Laura (18) ag úsáid aipe óna n-imíonn na grianghraif as radharc laistigh de chúpla soicind. Ní raibh fonn air na pictiúir a sheoladh i ndáiríre ach dúirt Laura leis go stopfadh sí ag dul amach leis mura mbeadh roinnt spraoi aige anois is arís. Sula seolann sé na pictiúir, cuireann sé iallach ar Laura a ghealladh nach dtaifeadfaidh sí aon cheann de na híomhánna. In aghaidh thoil Barry, socraíonn Laura roinnt de na pictiúir a shábháil. An chéad rud eile, tá Barry agus Laura ag troid. Comhroinneann Laura na pictiúir ar líne chun díoltas a fháil ar Barry.

**Dleathach/Mídhleathach/Braitheann Sé?**

-------------------------------------------

**Cúis:**

## Cás-staidéar 4:

Seolann Shauna (16) pictiúir di féin ag déanamh bolg le gréin ar laethanta saoire chuig Conor (18). Tá na pictiúir gnéasach ach níl siad gáirsiúil. Ba bhreá le Shauna a bheith ina mainicín agus mar sin tugann sí cead do Conor roinnt de na pictiúir ghnéasacha di ina bicíní a phostáil chuig comórtas mainicín ar líne.

**Dleathach/Mídhleathach/Braitheann Sé?**

-------------------------------------------

**Cúis:**


## Cás-staidéar 5:

Tá Tommy (19) ag iarraidh roinnt d'fhíseáin earótacha dá chailín ach tá drogall air ceist a chur uirthi. Ina áit sin, déanann sé taifeadadh orthu agus iad i mbun gnéis. Níl tuairim dá laghad ag Zoe (17), a chailín, go bhfuil sé á dtaifeadadh.

**Dleathach/Mídhleathach/Braitheann Sé?**

-------------------------------------------

**Cúis:**



# GNÍOMHAÍOCHT 3:
## An bhfuil toiliú ann?

1. Rud riachtanach roimh phlé ranga ná go gcaithfidh scoláirí comparáid a dhéanamh idir an méid a tharla i gcás-staidéar 2 agus an méid a tharla i gcás-staidéar 3 agus idir an méid a tharla i gcás-staidéar 4 agus an méid a tharla i gcás-staidéar 5.

2. Iarr ar scoláirí a dhéanamh amach cén difear atá idir na cásanna. Cuideoidh an ghníomhaíocht seo le scoláirí a dhéanamh amach go bhfuil comhroinnt ábhair dhlúthphearsanta in ann dochar mór a dhéanamh agus cur as do dhaoine nuair a chomhroinntear íomhánna/físeáin go neamhthoilteanach nó gan cead na ndaoine a bhí rannpháirteach iontu.

3. Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas leis an bplé a threorú:

   **C. Cén difear atá idir na cásanna?**

   Freagra samplach: I gcás 2 agus i gcás 4, comhroinntear íomhánna go toilteanach agus ní dhéantar aon dochar. I gcás 3 agus i gcás 5, ní thugtar aon toiliú. I gcás 3, comhroinneann Laura íomhá Barry gan a thoiliú agus in iarracht díoltas air a bhaint amach. I gcás 5, ní fhaigheann Tommy toiliú Zoe sula gcruthaíonn sé ábhar gáirsiúil. Tá cúis mhaith ag Zoe agus ag Barry le bheith trína chéile faoin méid a tharla. Bhí muinín acu as a bpáirtithe agus baineadh mí-úsáid as an muinín sin.

   **C. Cad atá i gceist le toiliú? An bhfuil sé riachtanach comhaontú ó bhéal nó i scríbhinn a fháil nó an féidir toiliú a thabhairt le fios?**

   Freagra samplach: D'fhonn toiliú a fháil chun grianghraf a phostáil nó a chomhroinnt, ní mór go bhfuair tú cead sainráite chun an grianghraf a chomhroinnt. Ní mór gur thug tú le fios cá bhfuil sé i gceist agat an grianghraf a chomhroinnt agus go bhfuair tú deimhniú ó bhéal nó i scríbhinn á rá go bhfuil cead agat an t-ábhar a chomhroinnt. Ní thugtar le fios nuair a sheoltar ábhar gnéastéacsála go bhfuil toiliú nó cead ag an té a fhaigheann an téacs an íomhá a chomhroinnt i gcomhthéacsanna eile.

   **C. Céard ba cheart do Barry agus Zoe a dhéanamh chun an scéal seo a réiteach?**

   Freagra samplach: Ar dtús, ba cheart do Barry agus Zoe iarracht a dhéanamh labhairt lena bpáirtithe agus an t-ábhar a scriosadh sula scaiptear é in aon áit eile. Má dhiúltaíonn Tommy agus Laura an t-ábhar follasach a bhaint, ba cheart do Zoe agus Barry an eachtra a thuairisciú do na Gardaí mar go bhfuil cionta coiriúla déanta ag Tommy agus Laura.  Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh an phostáil a thuairisciú trí úsáid a bhaint as na huirlisí tuairiscithe atá le fáil ar na líonraí sóisialta ábhartha. Tá polasaí ag formhór na líonraí sóisialta atá i gcoinne íomhánna gnéis a bheith á roinnt go neamh-chomhthoilliúil agus bainfidh siad an t-ábhar anuas nuair a fhaigheann siad scéala maidir lena leithéid. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaidís an eachtra a thuairisciú don Choimisinéir Cosanta Sonraí. Anuas air sin, d'fhéadfadh Barry agus Zoe tacaíocht a lorg ó bhaill teaghlaigh, cairde, múinteoirí agus Childline.



# Ceacht 2:

## Nuair a théann comhroinnt ar líne in aimhréidh



## Ceacht 2: Nuair a théann comhroinnt ar líne in aimhréidh

### Croí-choincheap:

Tugann an ceacht seo deis do na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar na mothúcháin a bhíonn i gceist le cásanna ina ndéantar ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt go neamhthoilteanach agus straitéisí a fhorbairt chun déileáil go héifeachtach agus go tuisceanach leo.

### Toradh:

Beidh na scoláirí in ann freagairt ar bhealach báúil, comhbhách agus éifeachtach dá bheith ina bhfinné nó do bheith rannpháirteach i gcásanna de chomhroinnt neamhthoilteanach.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí:**
**Snáithe 3:** Dul i bpáirt le chéile: An speictream caidrimh

**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:**Caidreamh agus gnéasacht; Cairdeas

### Acmhainní a theastaíonn:

Beochan físe *For Your Eyes Only* (ar fáil le breathnú air agus le híoslódáil ag www.webwise.ie/lockers), bileoga oibre 2.1 agus 2.2

### Modheolaíochtaí:

Anailís ar fhíseán, scríbhneoireacht mhachnamhach sa dialann

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- D'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta an bheochan a thuiscint mar gheall ar a theibí atá sí. Chun cur ar chumas na scoláirí an bheochan a thuiscint, tabhair réamhrá maidir leis an mbeochan, ag míniú an choincheapa agus an ábhair atá á phlé.
- Nuair a bhíonn deacrachtaí liteartha ag scoláirí, féadann sé a bheith dúshlánach dóibh iontráil dialainne a scríobh. Le haghaidh Ghníomhaíocht 2, úsáid an bhileog oibre 2.1 (b) atá difreáilte chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard. Ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.





Taisceadáin » Ceacht 2 » Nuair a théann comhroinnt ar líne in aimhréidh
50

## GNÍOMHAÍOCHT 1:


### Bheith báúil leo siúd a bhí i gceist

beochan físe

1. Mínigh do na scoláirí go ndíreoidh rang an lae inniu ar an gcaoi a gcuireann eachtraí de chomhroinnt neamhthoilteanach isteach orthu siúd a bhíonn i gceist. Beifear ag smaoineamh sa cheacht freisin ar conas cúnamh a thabhairt dóibh siúd a bhíonn páirteach i gcásanna de chomhroinnt neamhthoilteanach dhíobhálach.

2. Tar éis dóibh féachaint ar *For Your Eyes Only (www.webwise.ie/lockers)*, cumfaidh scoláirí comhaid ghearra fírice le haghaidh gach duine de na carachtair sa scannán ach úsáid a bhaint as **Bileog Oibre 2.1 (a) nó (b)** (tá dhá leagan ann den aon bhileog oibre amháin. Tá Bileog Oibre 2.1 (a) dírithe ar mhóramh na scoláirí agus tá Bileog Oibre 2.1 (b) dírithe ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu). Cuideoidh na próifílí sin leis na scoláirí bheith báúil leo sin a gcuireann eachtraí de chomhroinnt neamhthoilteanach isteach orthu.

3. I mbeirteanna, pléifidh scoláirí ansin conas a cheapann siad a mhothódh na carachtair éagsúla agus cuimhneoidh siad ar cad a bhí mar shiocair acu an rud a rinne siad a dhéanamh.



BILEOG OIBRE

## Bileog oibre 2.1 (a):

# Cén fáth ar chomhroinn siad na pictiúir?

**Líon isteach na comhaid fírice le haghaidh gach duine de na carachtair san fhíseán. Déan iarracht tú féin a shamhlú in intinn na gcarachtar difriúil. Úsáid na focail thíos chun cuidiú leat cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh siad.**

Ar bís | Imníoch | Trína chéile | Ríméadach | Croíbhriste | Mórtasach | Gnaoi ag scoláirí eile leo

Muiníneach | Neirbhíseach | Fiosrach | Díograiseach | Uaigneach | Feall déanta orthu

Faoi bhrú | Neamhchinnte | Sásta | Feargach | Náirithe | Díomách

**Ainm:** Bronagh



**Aois:** 15

**Rudaí a thaitníonn léi:**

---------------------------------------------

**An chúis ar sheol mé an pictiúr:**

---------------------------------------------

**Focal agus emoji a dhéanann cur síos:**
ar an gcaoi ar mhothaigh mé sular sheol mé an pictiúr:

---------------------------------------------

ar an gcaoi ar mhothaigh mé nuair a sheol mé an pictiúr:

---------------------------------------------

ar an gcaoi a mothaím anois faoin méid a tharla:

---------------------------------------------

**Ainm:** Seán



**Aois:** 15

**Rudaí a thaitníonn léi:**

---------------------------------------------

**An chúis ar sheol mé an pictiúr:**

---------------------------------------------

**Focal agus emoji a dhéanann cur síos:**
ar an gcaoi ar mhothaigh mé nuair a chomhroinn Bronagh an pictiúr:

---------------------------------------------

ar an gcaoi ar mhothaigh mé nuair a chomhroinn mé an pictiúr:

---------------------------------------------

ar an gcaoi a mothaím anois faoin méid a tharla:

---------------------------------------------

BILEOG OIBRE

Bileog Oibre 2.1 (b):

# Cén fáth ar chomhroinn siad na pictiúir?

**Lig ort féin gur tusa Bronagh nó Seán.**
**Líon isteach an comhad fíricí.**
**Cabhróidh sé sin leat a thuiscint cén fáth ar chomhroinn siad na pictiúir.**

**Ainm:** ☐ Bronagh ☐ Seán

**Aois:** 15

**Sheol mé na pictiúir:**

☐ Chun aird a tharraingt orm féin

☐ Mar gheall go raibh daoine eile ag seoladh pictiúr


☐ De thaisme

☐ Mar gheall go raibh mé ag iarraidh iad a sheoladh


☐ Mar gheall gur iarraidh orm iad a sheoladh

**Cuir ciorcal ar an emoji a dhéanann cur síos:**


Ar an gcaoi ar mhothaigh mé sular sheol mé na pictiúir:



Ar an gcaoi ar mhothaigh mé nuair a sheol mé na pictiúir:



Ar an gcaoi a mothaím anois faoin méid a tharla:



## GNÍOMHAÍOCHT 2:
### Ag déileáil le rudaí ina dhiaidh sin

1. Iarr ar na scoláirí a machnamh a dhéanamh ar *For Your Eyes Only* (*www.webwise.ie/lockers*) trí iontráil a chur ina ndialann (ach úsáid a bhaint as **Bileog Oibre 2.2 (a) nó (b)**) ó pheirspictíocht Bronagh.

2. Tar éis an ghníomhaíocht a chur i gcrích, léifidh na scoláirí na hiontrálacha dialainne dá chéile agus pléifidh siad na saincheisteanna a ardaíodh.

3. Pléifidh scoláirí go sonrach cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cabhrú le híospartaigh déileáil le cásanna de chomhroinnt neamhthoilteanach ábhair dhlúthphearsanta. Bí cinnte go gcuirfidh tú na scoláirí i dtreo na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil sa scoil agus i dtreo na n-eagraíochtaí a thugann cabhair atá liostaithe in Aguisín 2.



Bileog Oibre 2.2 (a):

# A dhialann dhil,




**Scríobh iontráil dialainne ó pheirspictíocht Bronagh. San iontráil dialainne, labhair faoin gcaoi ar mhothaigh tú agus tú ag dul isteach ar scoil tar éis an grianghraf a bheith comhroinnte. San iontráil dialainne, smaoinigh ar aon eagla atá ort faoi cad a tharlóidh anois agus conas atá sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar an eagla sin. Ar deireadh, smaoinigh ar a bhféadfaí a dhéanamh chun an saol a dhéanamh níos éasca do dhaoine a ndéantar ábhar dlúthphearsanta leo a chomhroinnt go neamhthoilteanach.**

A dhialann dhil,

Rinne mé é! Thug mé aghaidh ar gach duine ar scoil inniu. Seans gurb é an rud ba dheacra a bhí orm a dhéanamh riamh... m'aghaidh a thabhairt ar na daoine sin go léir, agus fios agam go bhfaca siad ar an gcaoi sin mé.

Níl a fhios agam i ndáiríre an mbeidh an lá amárach aon phioc níos fearr. Tá imní orm go...

Chun teacht slán as an uafás seo ar fad táim chun:

Faraor nach bhféadfadh rudaí a bheith difriúil i mo chás féin agus i gcás na n-íospartach go léir.

Go mbeidh an lá amárach níos éasca!

Bronagh ☆

BILEOG OIBRE

Bileog Oibre 2.2 (b):

# A dhialann dhil,

**Lig ort féin gur tusa Bronagh. Scríobh iontráil dialainne. San iontráil dialainne, déan cur síos ar an méid a tharla nuair a chuaigh tú ar scoil tar éis an grianghraf a bheith comhroinnte.**


*A dhialann dhil,*

*Bhí an lá inniu ar an lá ba mheasa riamh ar scoil. Bhí an grianghraf feicthe ag gach duine.*

*Mhothaigh mé* ..........

*Nuair a chonaic mé Seán* ..........

*Chabhraigh sé liom nuair:* ..........




*Tá súil agam go mbeidh rudaí níos éasca amárach!*

Bronagh ☆

# Ceacht 3:

## Milleán ar an íospartach



## Ceacht 3: Milleán ar an íospartach

### Croí-choincheap:

Tugann an ceacht seo deis do na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar chás ina gcuirtear an milleán ar an íospartach, rud a tharlaíonn go minic i gcásanna ina ndéantar ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt go neamhthoilteanach.

### Toradh:

Beidh na scoláirí in ann freagairt ar bhealach báúil, éifeachtach gan an milleán a chur ar an íospartach dá bheith ina bhfinné nó do bheith rannpháirteach i gcásanna de chomhroinnt neamhthoilteanach.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí:**
**Snáithe 3:** Dul i bpáirt le chéile: Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht
**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:** Caidreamh agus gnéasacht; Cairdeas; Tionchair agus cinntí

### Acmhainní a theastaíonn:

Beochan físe *For Your Eyes Only* (ar fáil le breathnú air agus le híoslódáil ag www.webwise.ie/lockers), sliocht as *Asking For It*, bileog oibre 3.1

### Modheolaíochtaí:

Anailís ar fhíseán, léamhthuiscint, plé ranga

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- Smaoinigh ar na pictiúir a úsáid san acmhainn seo chun míniú a thabhairt ar an gcoincheap ina gcuirtear an milleán ar an íospartach. D'fhéadfadh gá a bheith leis sin má tá cumas an scoláire chun faisnéis a phróiseáil, noda sóisialta a thabhairt faoi deara nó naisc theibí a dhéanamh laghdaithe ar bhealach éigin.
- Gníomhaíocht 2: Sliocht roghnach is ea Asking For It. Is é thart ar 16 bliana d'aois aois léitheoireachta an tsleachta. Mar sin de, tá sé níos oiriúnaí le húsáid le scoláirí níos sine nó le scoláirí a bhfuil cumas ard acu.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

## GNÍOMHAÍOCHT 1:
### Milleán ar an íospartach

beochan físe

1. Féach arís ar *For Your Eyes Only* (*www.webwise.ie/lockers*). *In For Your Eyes Only*, chosain Seán é féin á rá nár cheart do Bronagh na téacsanna gnéastéacsála a sheoladh ar an gcéad dul síos. Sin sampla de chás ina bhfuil an milleán á chur ar an íospartach.

2. Síos tríd an stair ar fad agus i sochaí na linne seo, tá neart samplaí de chásanna nuair a chuirtear an milleán ar fad ar an íospartach as an sárú a rinneadh air/uirthi féin. Ar chuala tú riamh an frása "ó, nach é a bhí sé/sí ag iarraidh"? Is minic go gcuirtear milleán ar an íospartach in iúl i bhfrása den sórt sin. Uaireanta cuirtear an milleán ar íospartaigh éignithe as an éigniú mar gheall ar a rogha éadaí nó mar gheall nár throid siad ar ais. Mothaíonn daoine nár cheart do dhuine a bhuailtear nó a robáiltear agus é/í ag siúl abhaile istoíche a bheith ag siúl trí áit chontúirteach leo féin ar aon nós. Nuair a ghoidtear airgead as taisceadán ar scoil, uaireanta cuirtear an milleán ar an íospartach as a bheith míchúramach agus an taisceadán a fhágáil oscailte gan ghlas ar an gcéad dul síos. Is féidir an milleán a chur ar fhear a fhaigheann buille óna chéile comhraic ar an bpáirc peile as a bheith ag spochadh as nó ag tabhairt íde béil ar an gcéad dul síos.

3. Cuir plé ranga ar bun ar na ceisteanna seo a leanas:

**C. An féidir leat samplaí eile a thabhairt de chásanna ina gcuirtear an milleán ar an íospartach?**

**C. Cén fáth a gceapann tú go raibh claonadh ag Seán agus ag na scoláirí eile an milleán a chur ar Bronagh as an méid a tharla?**

*Freagra samplach: Bhí claonadh ag Seán an milleán a chur ar Bronagh as an méid a tharla chun an milleán a choinneáil uaidh féin agus é féin a chosaint. Ar cheann de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag na scoláirí eile an milleán a chur ar Bronagh ná chun iad féin a fhágáil amach as an méid a tharla. Leis sin*

*b'fhéidir go mothódh na scoláirí eile nach dtarlódh a leithéid de rud dóibh féin, rud nach bhfuil fíor ar ndóigh. Cúis eile a chuireann daoine an milleán ar íospartach ná go mbíonn eagla orthu roimh athrú agus nach mbíonn siad ag iarraidh aird a tharraingt ar an gcoir atá tarlaithe.*

**C. An dóigh leat go raibh na teachtaireachtaí a scríobhadh ar na taisceadáin ceart nó cóir?**

*Freagra samplach: Bhí na teachtaireachtaí a scríobhadh ar na taisceadáin thar a bheith mailíseach. Níor cheart riamh a bheith ag glaoch leasainmneacha ar aon duine mar a rinneadh le Bronagh agus is cineál bulaíochta é ar cheart tuairisc a thabhairt air do lucht bainistíochta na scoile láithreach. B'fhéidir go ndéarfadh roinnt daoine gur cheart do Bronagh a bheith freagrach go pearsanta í féin as an méid a tharla, ag glacadh leis gurb ise a ghlac an grianghraf an chéad lá riamh. Mar sin féin, níor thug Bronagh a toiliú riamh chun an grianghraf a chomhroinnt agus ní shamhlódh sí go deo go gcomhroinnfí an grianghraf mar a rinneadh.*

4. Iarr ar na scoláirí a shamhlú gur cara le Bronagh iad. Iarr ar na scoláirí **Bileog Oibre 3.1** a úsáid chun nóta a scríobh chuig Bronagh, ag léiriú a gcuid tacaíochta agus ag tabhairt comhairle di faoi cá rachaidh sí i gcomhair cúnaimh. B'fhéidir gurbh fhiú an liosta de na heagraíochtaí cabhracha atá in Aguisín 2 a dháileadh.



BILEOG OIBRE

Bileog Oibre 3.1:

# A Bronagh dhil,

**Cara le Bronagh thú agus tá uafás ort faoin mí-úsáid atá fulaingthe aici. Socraíonn tú nóta a chur ina taisceadán in iarracht meangadh gáire a chur uirthi agus tacú léi. Sa teachtaireacht, ba cheart duit comhairle a thabhairt di faoi cé a bheadh in ann cabhrú léi. Tarraing pictiúr má cheapann tú go mbeadh sé sin níos éifeachtaí.**

## NÓTA Ó...



# GNÍOMHAÍOCHT 2:

**(gníomhaíocht roghnach, oiriúnach dá húsáid le scoláirí na sraithe sinsearaí):**

## Asking For It

1. Iarr ar na scoláirí an **sliocht as leabhar Louise O'Neill** *Asking For It*, a léamh. Nuair a éigníonn cúpla duine as an bhfoireann peile áitiúil cailín óg 18 mbliana d'aois, tugann a pobal féin a gcúl di. Comhroinntear pictiúir de na buachaillí ag éigniú Emma, an t-íospartach, ar fud na meán sóisialta agus fós féin ceapann an pobal nach raibh aon neart ag lucht na peile ar a n-iompar toisc go raibh Emma ar meisce, agus go raibh éadaí gríosaitheacha á gcaitheamh aici, agus go raibh sí "á chuardach". Is tuairim atá sa sliocht seo as an leabhar atá le feiceáil sa nuachtán áitiúil.

2. Tar éis an sliocht a léamh, iarr ar scoláirí smaoineamh ar Emma agus conas a mhothaíonn sise tar éis an milleán a bheith curtha uirthi agus tar éis na hailt nuachtáin a bheith léite aici. Is í Emma a d'fhulaing an t-éigniú. Pléigh an tsaincheist sin ach úsáid a bhaint as na ceisteanna seo a leanas chun an plé a stiúradh.

**C. Meas tú cén chaoi a mothódh Emma tar éis di an t-alt seo a léamh?**

**C. Cén fáth a gceapann tú go gcuireann daoine milleán ar na híospartaigh as an gcoir a rinneadh ina gcoinne?**

*Freagra samplach: Cúis amháin a chuireann daoine an milleán ar íospartach/marthanóir ná chun iad féin a scaradh amach ó rud gránna atá tarlaithe. Mothaíonn daoine dá réir sin nach bhféadfadh rud mar sin tarlú dóibh féin. Ar ndóigh níl an ceart acu in aon chor. Cúis eile a chuireann daoine an milleán ar íospartach ná go mbíonn eagla orthu roimh athrú, go mbíonn náire orthu agus nach mbíonn siad ag iarraidh aird a tharraingt ar an gcoir atá tarlaithe.*

**C. Mínigh conas atá an sliocht ina shampla de chás ina bhfuil an milleán á chur ar an íospartach.**

*Freagra samplach: Tá údar an phíosa seo cúramach agus í ag roghnú na sonraí a chuireann sí isteach sa phíosa. Tarraingíonn sé aird ar an bhfolláine mhothúchánach íseal atá ag máthair a fuair leanbh léi bás chun an léitheoir a spreagadh comhbhá a bheith aige leis an té a bhfuil na líomhaintí déanta ina choinne. Ní thugann sí tuairisc ar bith faoin gcaoi ar chuir an choir isteach ar Emma, an t-íospartach, ná ar a teaghlach, áfach. Ina ionad sin, úsáideann an t-iriseoir abairt hipearbóileach deiridh chun an milleán as an gcoir a chur go daingean ar an íospartach agus, dá réir sin, cuireann sí dallamullóg ar na léitheoirí ionas go mbeidh siad ar aon intinn léi.*

3. Iarr ar na scoláirí tuairisc nuachta don teilifís a ullmhú ar chás Ballinatoom. Tá an cás le héisteacht sa chúirt go luath. Sa tuairisc, ní mór do na scoláirí gan milleán a chur ar an íospartach agus níor cheart dóibh teanga a úsáid a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chás ach oiread.

SLIOCHT

# GNÍOMHAÍOCHT 2:

## Sliocht as Asking For It le Louise O'Neill

cead PIC???

**Nuair a éigníonn cúpla duine as an bhfoireann peile áitiúil cailín óg 18 mbliana d'aois, tugann a pobal féin a gcúl di. Comhroinntear pictiúir de na buachaillí ag éigniú Emma, an t-íospartach, ar fud na meán sóisialta agus fós féin ceapann an pobal nach raibh aon neart ag lucht na peile ar a n-iompar toisc go raibh Emma ar meisce, agus go raibh éadaí gríosaitheacha á gcaitheamh aici, agus go raibh sí "á chuardach". Is tuairim atá sa sliocht seo as an leabhar atá le feiceáil sa nuachtán áitiúil. Tar éis an sliocht a léamh, déan machnamh ar na ceisteanna a leanann é.**

Tugaim sracfhéachaint ar an bpáipéar (grianghraf de Bernadette agus Sheila ag ócáid charthanachta – cá raibh Mama?), braon ola olóige ag cur dath trédhearcach ar an bpáipéar i lár an leathanaigh, agus stop mé nuair a d'aimsigh mé an méid a raibh mé ag cuardach ina leith. 'Mar is eol do chuid mhaith de mo chuid léitheoirí dílse', a scríobhann Veronica Horan, 'táim ag scríobh faoi dhíghrádú chóras luachanna eiticiúla na hÉireann le tamall maith anois. Bhí óige na linne seo millte ag a gcuid tuismitheoirí ag ceannach gach ruda dóibh i rith bhlianta an Tíogair Cheiltigh, agus níl spiorad pobail ná dualgas poiblí ar bith le brath iontu. Tá sé sin le feiceáil níos soiléire inár mná óga ná in aon dream eile. Feicfidh tú iad amuigh oíche Shathairn, iad ag titim thar a chéile ina mbróga sála arda, sciortaí chomh gearr orthu gur féidir a gcuid brístíní a fheiceáil. Sin má thograíonn siad fo-éadaí a chaitheamh in aon chor. Féadfaidh tú a bheith ag seafóid leat ag caint ar chearta comhionannais, ach is é fírinne an scéil ná go gcaithfidh mná a bheith freagrach dóibh féin agus dá sábháilteacht féin. Mura sásóidh dada eile iad ach éadaí den sórt sin a chaitheamh, má tá siad meáite ar a bheith chomh mór ar meisce is gurb ar éigean atá siad in ann seasamh suas, ansin caithfidh siad cur suas leis na hiarmhairtí a bheidh ag na rudaí sin orthu. Ba cheart do "Chailín Ballinatoom" mar a thugtar uirthi cúpla ceist a chur uirthi féin. Ar chuir aon duine iallach uirthi an oiread sin a ól? Ar chuir aon duine iallach uirthi drugaí mídhleathacha a thógáil, mar atá ráite a rinne sí? Níor chuir. Ach fós féin tá sí ag iarraidh orainne an milleán a chur ar cheathrar fear óg. Tá na hógánaigh seo fós ag maíomh go bhfuil siad féin neamhchiontach. Agus creidim iad. Ní fhaca mé a leithéid de rud riamh. Bhí mé ag breathnú agus a saol iompaithe bunoscionn orthu, chonaic mé an drochbhail atá an cúiseamh uafásach seo ag cur ar a dteaghlach. Tá sé ráite go bhfuil máthair duine de na fir, atá lag cheana féin tar éis di mac léi a chailleadh blianta fada ó shin, ag fulaingt ó chliseadh néarógach. Ar smaoinigh Cailín Ballinatoom ar an mbean bhocht sin agus ar a folláine mhothúchánach? Ní dóigh liom gur smaoinigh. Is beag seans go gcuireann sé isteach uirthi go bhfuil ár bpobal tarraingthe óna chéile mar gheall ar an méid atá déanta aici.'

**C. Meas tú cén chaoi a mothódh Emma tar éis di an t-alt seo a léamh?**

**C. Cén fáth a gceapann tú go gcuireann daoine milleán ar na híospartaigh as an gcoir a rinneadh ina gcoinne?**


**C. Mínigh conas atá an sliocht ina shampla de chás ina bhfuil an milleán á chur ar an íospartach.**

Aistriúchán ar shliocht as ***Asking For It*** **le Louise O'Neill. Cóipcheart © Louise O'Neill, 2015. Arna atáirgeadh le cead ó Louise O'Neill f/ch Georgina Capel Associates Ltd., 29 Wardour Street, Londain, W1D 6PS.**


MILLEÁN?
SKIRTS

# Ceacht 4:

## Brú piarghrúpa agus comhroinnt neamhthoilteanach



## Ceacht 4: Brú piarghrúpa agus comhroinnt neamhthoilteanach

### Croí-choincheap:

Tarlaíonn comhroinnt neamhthoilteanach agus cuirtear an milleán ar an íospartach ina dhiaidh sin de bharr roinnt steiréitíopaí inscne, thionchar na meán agus brú piarghrúpa. Tugann an ceacht seo deis do na scoláirí anailís a dhéanamh ar thionchar piaraí i gcásanna ina dtarlaíonn comhroinnt neamhthoilteanach.

### Toradh:

Beidh díospóireacht déanta ag na scoláirí ar conas a chuireann brú piarghrúpa le chomh coitianta is atá comhroinnt neamhthoilteanach ábhar dlúthphearsanta agus le cultúr ina gcuirtear an milleán ar an íospartach.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí:**
**Snáithe 3:** Dul i bpáirt le chéile: An speictream caidrimh
**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:** Caidreamh agus gnéasacht; Tionchair agus cinntí

### Acmhainní a theastaíonn:

Beochan físe *Just For Fun* (ar fáil le breathnú air agus le híoslódáil ag www.webwise.ie/lockers), Bileog Oibre 4.1

### Modheolaíochtaí:

Anailís ar fhíseán, díospóireacht

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- D'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta an bheochan a thuiscint mar gheall ar a theibí atá an bheochan. Chun cur ar chumas na scoláirí an bheochan a thuiscint, tabhair réamhrá maidir leis an mbeochan, ag míniú an choincheapa agus an ábhair atá á phlé.
- D'fhéadfadh ceachtanna faoi leith a bheith ag teastáil chun an coincheap maidir le brú piarghrúpa a mhíniú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag brath ar na riachtanais atá acu.
- D'fhéadfadh scafalra suntasach a bheith de dhíth chun cur ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith rannpháirteach sna díospóireachtaí i nGníomhaíocht 2.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

## GNÍOMHAÍOCHT 1:
### Nuair a théann an spraoi ó smacht – dul i ngleic le brú piarghrúpa

beochan físe

1. Mínigh do na scoláirí go ndíreoidh rang an lae inniu ar na brúnna a chuireann ar dhuine ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt gan chead.

2. Tar éis dóibh amharc ar *Just For Fun* (*www.webwise.ie/lockers*), úsáidfidh na scoláirí **Bileog Oibre 4.1** chun scrúdú a dhéanamh ar conas a bhí tionchar ag brú piarghrúpa ar an méid a rinne Seán. Cabhróidh an bhileog oibre freisin leis na scoláirí na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do Sheán a aithint.

3. I mbeirteanna, pléifidh scoláirí ansin a gcuid freagraí agus déanfaidh siad machnamh ar na himthosca éagsúla a chuireann ar dhuine ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt gan chead.




## Bileog Oibre 4.1:

# Nuair a théann an spraoi ó smacht – dul i ngleic le brú piarghrúpa


**Agus tú ag amharc arís ar Just For Fun, líon isteach na méadair torainn thíos lena fháil amach cad a bhraith an lucht féachana ag trí phríomhphointe.**

### a. Ag tús an tseó cluichí





Cén tionchar a bhí ag an bhfreagra sin ar Sheán? ______________________________

### b. Nuair a ghlacann agus a sheolann Seán an chéad féinphic




Cén tionchar a bhí ag an bhfreagra sin ar Sheán? ______________________________

### c. Díreach sular chomhroinn Seán pictiúr Bronagh




Cén tionchar a bhí ag an bhfreagra sin ar Sheán? ______________________________

*(an bhileog oibre ar lean thall)*

BILEOG OIBRE

## Bileog Oibre 4.1:

## Nuair a théann an spraoi ó smacht – dul i ngleic le brú piarghrúpa

*(ar lean)*

1. Cén uair a chuaigh Seán thar fóir?

2. Céimníonn lucht féachana an stiúideo sa chúlra nuair is léir na hiarmhairtí atá ag an méid a rinne Seán. Cén teachtaireacht a thugann an meafar seo?

3. Cad a cheapann tú a tharlóidh mar gheall ar an méid a rinne Seán?

4. An bhfuil aon rud a d'fhéadfadh Seán a dhéanamh chun an scéal a leigheas?

## GNÍOMHAÍOCHT 2:

### Brú piarghrúpa chun ábhar dlúthphearsanta a sheoladh


1. D'fhonn scrúdú breise a dhéanamh ar na dearcthaí agus ar na brúnna a chuireann ar dhuine ábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt, treoraigh díospóireacht ranga ar na topaicí seo a leanas:

   **Dá dtaitneofá chomh mór sin leis an duine, ní chuirfeadh sé/sí iallach ort féinphic ina bhfuil tú nocht a sheoladh**

   **Bíonn daoine óga faoi bhrú íomhánna dlúthphearsanta a sheoladh**

   **Bíonn níos mó brú ar chailíní ná ar bhuachaillí a bheith i mbun gnéastéacsála**

2. Déan cinnte go gcuirfidh tú béim ar an bpointe leis na scoláirí go bhfuil íomhánna agus grianghraif ghairsiúla de mhionaoisigh mídhleathach de réir an Achta um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht. Is cuma cá mhéad brú a chuirtear ar dhaoine óga, níor cheart na híomhánna sin a chruthú ná a dháileadh. Chomh maith leis sin, meabhraigh do na scoláirí nach mbíonn gach duine ag gnéastéacsáil agus ag malartú íomhánna gáirsiúla, cé go bhfuil an chuma sin ar an scéal uaireanta. Ní bhíonn ach fíorbheagán scoláirí ag gabháil don iompar sin.



# Ceacht 5:

## Tionchar na meán agus steiréitíopaí inscne



## Ceacht 5: Tionchar na meán agus steiréitíopaí inscne

### Croí-choincheap:

Tarlaíonn comhroinnt neamhthoilteanach agus cuirtear an milleán ar an íospartach ina dhiaidh sin de bharr roinnt steiréitíopaí inscne, thionchar na meán agus brú piarghrúpa. Tugann an ceacht seo deis do na scoláirí anailís a dhéanamh ar na tionchair, ar na brúnna agus ar na steiréitíopaí sin agus straitéisí a fhorbairt chun cultúr ómóis níos mó a chruthú i gcumarsáid ar líne.

### Toradh:

Beidh anailís déanta ag na scoláirí ar conas is féidir leis na meáin agus steiréitíopaí inscne cur le chomh coitianta is atá gnéastéacsáil neamhthoilteanach agus le cultúr ina gcuirtear an milleán ar an íospartach. Forbróidh na scoláirí straitéisí chun dul i ngleic le brú piarghrúpa atá díobhálach.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí:**
**Snáithe 3:** Dul i bpáirt le chéile: Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht
**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:** Caidreamh agus gnéasacht; Tionchair agus cinntí

### Acmhainní a theastaíonn:

Nuachtáin agus irisí, an bhileog chomhairle ar Leideanna chun seasamh i gcoinne an bhrú, Bileog Oibre 5.2, liosta de na heagraíochtaí a chabhróidh leat ó Aguisín 2

### Modheolaíochtaí:

Anailís ar fhíseán, díospóireacht, anailís ar na meáin

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- D'fhéadfadh ceachtanna faoi leith a bheith ag teastáil chun na coincheapa maidir le steiréitíopaí inscne agus tionchair na meán a mhíniú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag brath ar na riachtanais atá acu.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

## GNÍOMHAÍOCHT 1:
### Saincheisteanna inscne

1. Cuideoidh an ceacht seo leis na scoláirí straitéisí a fhorbairt chun na brúnna, na steiréitíopaí agus na tionchair a bhféadfadh comhroinnt neamhthoilteanach tarlú dá mbarr a aithint agus seasamh ina gcoinne.

2. Bhí an méid a rinne Seán sna beochaintí, rud a chonaiceamar i ranganna roimhe seo, meargánta agus díobhálach. Déanfaidh Seán a mhachnamh ar an gceist seo a leanas:

**C. Ón méid a rinne Seán, an bhfuil sé éasca a fheiceáil cén dearcadh atá aige ar mhná?**

*Freagra samplach: Léiríonn an méid a rinne Seán nach bhfuil a dhóthain ómóis aige do Bronagh agus dá ceart chun príobháideachais. Sáraíonn sé an mhuinín a bhí aici ann trí na pictiúir a sheoladh ar aghaidh chuig a chairde. Úsáideann sé na pictiúir chun gaisce a dhéanamh os comhair a chairde. B'fhéidir nach raibh sé i gceist aige é a dhéanamh, ach taispeánann an méid a rinne Seán go bhféachann sé ar mhná mar dhuaiseanna le gaisce a dhéanamh astu.*

3. Iarr ar na scoláirí scrúdú a dhéanamh ar roinnt irisí, nuachtán agus cineálacha eile meán lena fháil amach cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin ar an mbealach a chaith Seán le Bronagh agus lena fháil amach an bhfuil dearcadh Sheáin ag daoine i gcoitinne nó nach bhfuil.

**C. An bhfuil difríochtaí idir an bealach a chaitheann na meáin le colainn agus le gnéasacht ban, i gcomparáid le fir?**

*Freagra samplach: Is minice a thugann iriseoirí tuairimí faoi cholainn ban agus a thugann siad breithiúnas agus tuairisc ar bhean mór le rá sna meáin bunaithe ar a tréithe fisiceacha. I bhfoilseacháin áirithe tá go leor samplaí de chásanna ina n-úsáidtear áilleacht agus mealltacht-ghnéis mná chun táirge a dhíol. Is annamh a úsáidtear fir ar an mbealach sin. Mar gheall ar chomh mór is a cheanglaítear cúrsaí gnéis le colainn mná, déantar gnáthrud den chleachtas mná a fheiceáil mar ábhair ghnéis. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an dearcadh sin ar an gcaoi a gcaitheann fir leis na mná ina saol.*

**C. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun daoine óga a spreagadh caitheamh le chéile ar bhealach níos ómósaí?**

*Freagra samplach: Tá sé tábhachtach go mbeadh oideachas ar dhaoine óga maidir le caitheamh le chéile le hómós, ar líne agus as líne. Anseo, tá sé áisiúil cabhrú le daoine óga a bheith báúil le daoine eile agus breathnú ar chásanna ó pheirspictíochtaí éagsúla. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí daoine óga ar an eolas faoi na brúnna agus na steiréitíopaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an méid a dhéanann siad agus go dtugtar comhairle dóibh maidir leis an gceann is fearr a fháil ar na brúnna sin. Chomh fada is a bhaineann sé le pictiúir ina bhfuil siad nocht a sheoladh, tá sé tábhachtach go smaoineodh daoine óga i ndáiríre ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag seoladh na dteachtaireachtaí. Ba cheart dóibh fanacht go dtí go mbeidh siad in aois agus i gcaidreamh grámhar muiníneach sula seolann siad pictiúir díobh féin agus iad nocht.*


# GNÍOMHAÍOCHT 2:

## Seasamh i gcoinne an bhrú

1. Tabhair bileog amach do gach scoláire ina bhfuil **Leideanna chun seasamh i gcoinne an bhrú** agus spreag iad na leideanna a léamh (arís, tá leaganacha difreáilte den bhileog chomhairle faoi iamh).

2. Iarr ar gach scoláire **Bileog Oibre 5.2** a líonadh isteach. Iarrtar ar scoláirí sa bhileog oibre seo téacs a chumadh ina léiríonn siad cumas a bheith treallúsach agus a bheith in ann seasamh i gcoinne brú piarghrúpa.

3. Iarr ar na scoláirí smaointe a mhalartú maidir le freagra a thabhairt ar an téacs.



BILEOG OIBRE

## Bileog Oibre 5.2:

# Seasamh i gcoinne an bhrú


**Tá brú á chur ar Seán pictiúir dhlúthphearsanta de Bronagh, a chailín, a sheoladh chuig a chairde. Scríobh an téacs a sheolann Seán mar fhreagra ar an teachtaireacht ghrúpa sin. Sa teachtaireacht, caithfidh Seán seasamh i gcoinne an bhrú piarghrúpa agus a rá nach mbeidh sé ag seoladh na n-íomhánna príobháideacha. B'fhéidir go mbainfeá leas as an mbileog chomhairle ar Leideanna chun seasamh i gcoinne an bhrú.**

**COMHRÁ GRÚPA: Na Buachaillí Báire**

Ní chreidim Seán. Ar ndóigh ní sheolfadh aon chailín pictiúr di féin agus í nocht chuige siúd go brách?! Ní bhreathnaíonn sé ach thart ar 10 mbliana d'aois. Taispeáin na pictiúir, a Sheáin, nó ní chreidfimid thú!!!

Leideanna chun seasamh i gcoinne an bhrú (a)

# Féach ar na leideanna seo a chuideoidh leat seasamh i gcoinne brú piarghrúpa



**NÁ DÉAN AN SCÉAL NÍOS MEASA:**
Ná cuir aon rud i leith an duine eile agus ná cuir an milleán air nó uirthi, léirigh do thuairimí agus an rud is mian leat a dhéanamh. Éist lena bhfuil le rá acu agus tabhair aitheantas dá dtuairim. “Cloisim a bhfuil á rá agat, ach fós nílim chun...”

**BÍ AG SÚIL GO NGLACFAIDH AN DUINE LENA BHFUIL Á RÁ AGAT:**
Má tá meas ag an duine seo ort, glacfaidh sé nó sí lena bhfuil á rá agat agus ní chuirfidh sé nó sí aon bhrú ort as seo amach.

**COINNIGH SÚIL AR AN GCAINT TÉACS:**
An bulaíocht í nó an nathaíocht í? Gan comharthaíocht choirp agus gothaí gnúise a bheith ann, is minic a bhíonn sé deacair an difríocht idir bulaíocht agus nathaíocht a aithint. Déan cinnte go bhfuil a fhios agat go beacht cad atá á rá ag an duine eile sula dtugann tú freagra. B’fhéidir gurbh fhearr i gcásanna áirithe rudaí a shoiléiriú go pearsanta.

**ABAIR RUD ÉIGIN DEARFACH AR DTÚS:**
Tosaigh trí rud éigin dearfach a rá leis an duine eile, mar shampla:
“Cara liom atá ionat ach...”
“Táim ag iarraidh píosa spraoi a bheith agam ach...”
“Is maith liom thú, ach nílim ag iarraidh...”

**NÍ GÁ DUIT CÚIS A THABHAIRT:**
Ná lig dó/di tabhairt ort mínithe breise a thabhairt. Má iarrann an duine cúis, tabhair ráiteas gearr soiléir arís, rud éigin mar: “Dúirt mé cheana féin nach bhfuilim ag iarraidh agus nach bhfuilim chun m’intinn a athrú.”

**ÚSÁID RÁITIS GHEARRA SHOILÉIRE:**
“Níl aon fhonn orm...” “Ní dóigh liom go bhfuil sé ceart nó cóir...” “Nílim chun...”

**SIÚIL LEAT NÓ CUIR BAC AR AN SEOLTÓIR TEACHTAIREACHTA:**
Cuireann síortheachtaireachtaí go leor brú ort rud éigin a dhéanamh nach bhfuil fonn ort a dhéanamh. I gcásanna millteanacha, nuair nach bhfuiltear ag éisteacht leat agus go bhfuil do shábháilteacht i mbaol, b’fhéidir gur cheart duit siúl uaidh nó uaithi nó bac a chur ar an duine atá ag cur brú ort.

Forbraíodh an bhileog leideanna sin ó acmhainn den chineál céanna a úsáideadh sa chlár B4UDecide, le caoinchead ó Chlár um Shláinte Ghnéis agus um Thoirchis Ghéarchéime Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Leideanna chun seasamh i gcoinne an bhrú (b)

# Féach ar na leideanna seo a chuideoidh leat seasamh i gcoinne brú piarghrúpa

Úsáid ráitis ghearra shoiléire.

Ná cuir an milleán ar an duine eile. D’fhéadfadh sé an scéal a dhéanamh níos measa.


Má tá meas ag an duine ort, glacfaidh sé nó sí lena bhfuil á rá agat.

Coinnigh súil ar an gcaint téacs: An bulaíocht í nó an nathaíocht i?

Abair rud éigin dearfach ar dtús:

Ní gá duit cúis a thabhairt.

Má tá eagla ort, siúil leat nó cuir bac ar an seoltóir teachtaireachta.


YUM
DECENT!!
BOOM
Bronagh is a
SLUT

# Ceacht 6:

## Cúnamh a fháil nuair a mhaireann d'ábhar digiteach go brách is cosúil



## Ceacht 6: Cúnamh a fháil nuair a mhaireann d'ábhar digiteach go brách is cosúil

### Croí-choincheap:

Trí iniúchadh a dhéanamh ar chomh buan atá ábhar digiteach, cabhrófar le scoláirí a bheith níos freagraí nuair atá siad ag gnéastéacsáil agus ag comhroinnt grianghraf.

### Toradh:

Cruthóidh na scoláirí feachtas feasachta chun tacú le daoine atá thíos le comhroinnt neamhthoilteanach ábhar dlúthphearsanta. Beidh na scoláirí in ann tuairisc a thabhairt ar chásanna inar tharla comhroinnt neamhthoilteanach agus céimeanna a ghlacadh chun cosc a chur ar an ábhar díobhálach scaipeadh níos faide agus teacht ar sheirbhísí tacaíochta.

### Naisc churaclaim:

**Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí:**
**Snáithe 2 Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile:** Frithbhulaíocht agus **Snáithe 3 Dul i bpáirt le chéile:** An speictream caidrimh
**OSPS na Sraithe Sóisearaí: Modúil:** Cairdeas; Oideachas caidrimh agus gnéasachta

### Acmhainní a theastaíonn:

Rólghlacadh ar Bhileog Oibre 6.1, liosta de na heagraíochtaí a chabhróidh leat ó Aguisín 2

### Modheolaíochtaí:

Rólghlacadh, obair ghrúpa

### An ceacht seo a oiriúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- Beidh rannpháirtíocht mhaith i nGníomhaíocht 1 ag brath ar scileanna maithe litearthachta a bheith ag na scoláirí. Tá róil Dheirdre, Paul agus Jack difreáilte ionas go mbeidh fáil ag léitheoirí níos laige orthu. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard. Ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.
- I gcás scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, d'fhéadfadh Gníomhaíocht 3 a bheith níos éasca ná Gníomhaíocht 1 agus Gníomhaíocht 2 agus d'fhéadfaidís an t-eolas a fuarthas sna ceachtanna roimhe seo a atreisiú. Úsáid Bileog Oibre 6.3 (b), an bhileog oibre dhifreáilte, le haghaidh scoláirí a bhfuil scileanna litearthachta níos laige acu.

### Nóta don mhúinteoir:

Moltar na **treoirlínte dea-chleachtais** a léamh sula dtugtar faoin gceacht. Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go bhfuil bunrialacha soiléire leagtha síos agat leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin. Abair leo agus déan pointe de má thugann aon duine le fios go bhfuil gníomh gnéasach faoi aois ag tarlú, go mbeidh sé de dhualgas ort tuairisc maidir leis sin a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe. Is fearr gan cásanna a tharla i ndáiríre, a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu, a phlé. Ina ionad sin b'fhearr an plé a dhíriú ar na cásanna a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

## GNÍOMHAÍOCHT 1:
### Seasmhacht ábhar digiteach

1. Tabhair carachtar difriúil d'aon scoláire dhéag sa rang. Ba cheart do gach scoláire an script atá ar **Bhileog Oibre 6.1** a léamh. Níl aon chumadóireacht le déanamh ag na scoláirí sa ghníomhaíocht seo.

2. Mínítear i ngach script conas a chonaic an carachtar na híomhánna gnéastéacsála sa deireadh. Léifidh scoláire i ndiaidh scoláire a gcuid scripteanna agus de réir a chéile foghlaimeoidh an rang chomh buan atá ábhar digiteach agus cé chomh deacair atá sé smacht a fháil ar cé a fheiceann ábhar gnéastéacsála tar éis é a chomhroinnt go digiteach.

### Nóta don mhúinteoir:

Ní mór duit a bheith an-chúramach nuair a bheidh tú ag sannadh ról le haghaidh na gníomhaíochta seo. D'fhéadfadh taithí dhíreach a bheith ag roinnt scoláirí ar eachtra den chineál céanna iad féin. B'fhéidir gurbh fhearr iarraidh ar dhaoine ar mian leo na scripteanna a léamh déanamh amhlaidh, nuair is féidir.

Arís, ba cheart duit béim a chur ar an bhfíric go bhfuil sé mídhleathach íomhánna gnéastéacsála a bhaineann le mionaoisigh a chruthú, a chomhroinnt nó a shealbhú.



**Bileog Oibre 6.1:**

# Seasmhacht ábhar digiteach

BILEOG OIBRE

## 1. Deirdre (Íospartach)

Haigh! Is mise Deirdre agus táim 16 bliana d'aois. Is breá liom hip hap, a bheith ag dearadh cártaí agus Paul, mo bhuachaill iontach. Táimid le chéile le bliain anois. Bíonn an oiread spraoi againn le chéile. Bíonn go leor brú orm ar scoil agus ag cónaí le mo mhuintir. Tugann Paul cúnamh dom an lá a chur tharam! Cé go bhfuil cion mo chroí agam air, nílim réidh le caidreamh collaí a bheith agam leis. Tá a fhios agam go dtarlóidh sé lá éigin. Faoi láthair, seolaim grianghraif chuige ach níl cead ag aon duine eile iad a fheiceáil! Is maith leis iad agus nuair atá seisean sásta tá mise sásta.

## 2. Paul (Buachaill)

Bail ó Dhia ort, mise Paul agus táim 16 bliana d'aois. Ba mhaith liom scannáin a stiúradh lá éigin. Táim féin agus Deirdre ina gcónaí in aice lena chéile ach níor bhuaileamar le chéile go ndeachamar chuig an nGaeltacht. Bímid mór le chéile mar tá an bheirt againn réchúiseach agus cruthaitheach. Is cantalach an rud é a bheith i do dhéagóir uaireanta. Bíonn sé deacair do spás féin a fháil. Ar a laghad ar bith nuair a chuirimid teachtaireachtaí agus snapanna chuig a chéile tá a fhios agam nach bhfeicfidh na deirfiúracha fiosracha níos sine atá agam na pictiúir. Príobháideach atá siad!

## 3. Gavin (an cara is fearr atá ag Paul)

Dia duit, is mise Gav agus is mise an cara is fearr atá ag Paul... nó an cara ab fhearr a bhí aige, gur bhuail sé le Deirdre. Chaithimis ár laethanta ag déanamh físeáin éachtaí le haghaidh YouTube, ag iarraidh go scaipfidís ar fud an idirlín ach níl aon am aige na laethanta seo. An lá cheana bhí mé ag féachaint ar roinnt de na píosaí scannáin a rinneamar, i bhfilltéán comhroinnte ar líne, nuair a tháinig mé ar roinnt pictiúr gáirsiúil de Dheirdre. Ba chosúil go raibh sioncronú déanta ag Paul, an t-amadán, ionas go ndéantar cóip chúltaca dá chuid grianghraf ar líne. Scaipfidh siad seo ar fud an idirlín nuair a phostálaim iad, nach é sin a bhí Paul ag iarraidh ar aon nós. B'fhéidir go dtiocfadh ciall aige sa deireadh thiar.

## 4.Ellie (col ceathrar níos óige le Deirdre)

Ó dhiabhail, tá siad seo lofa! Ní chreidim é seo. Is mise Ellie agus táim sa chéad bhliain. Tá cairde iontacha déanta agam sa deireadh, d'éirigh liom cúl a thabhairt do na hamadáin a bhíodh in éineacht liom sa bhunscoil agus anois tá sé seo tarlaithe. Tá pictiúir nochta de Dheirdre, col ceathrar liom, ar fud na scoile agus ar fud an idirlín. Nach dtuigeann sí go bhfuilimse ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh anseo? Níor mhiste liom ach táimid cosúil lena chéile agus is iomaí duine a cheapann gur deirfiúracha sinn. Anois ceapfaidh gach duine nach bhfuil ionam ach striapach agus go rachainn le duine ar bith. Cuireann sí déistin orm.

## 5. Iníon Uí Chionnaith (Múinteoir i scoil Dheirdre)

Ceann de na laethanta sin nach múintear dada duit faoi ag an gcoláiste! Is múinteoir Fraincise agus staire mé anseo i Scoil Naomh Muire ach is fearr liom cispheil ná aon rud eile. Tá ag teip orainn le blianta dul thar chéimeanna an ghrúpa in aon chomórtas agus ansin d'éirigh linn inniu! Bhuaigh cailíní na foirne mionúir an craobhchomórtas réigiúnach. Ní chreidim é! Ina dhiaidh, bhí na cailíní ag iarraidh grianghraif a ghlacadh leis an trófaí. Thóg mé ceann dá gcuid fóin chun pictiúir a ghlacadh. Nuair a phioc mé suas é le pictiúr a thógáil, tháinig na híomhánna is déanaí suas ar an scáileán. Ina measc bhí cúpla pictiúr nocht de chailín a aithním ón scoil. Tá sí i gceann de na ranganna móra. Caithfidh mé na pictiúir seo a thaispeáint don phríomhoide. Déarfainn go bhféadfadh sé seo a bheith an-tromchúiseach.

## 6. Mark (athair Dheirdre)

Chomh maith is nach raibh lá sách crua agam, tá an príomhoide tar éis iarraidh orm dul isteach chuig scoil Dheirdre. Ar theacht chun na hoibre dom ar maidin bhí nasc chuig suíomh idirlín seolta ag duine éigin anaithnid chugam. Ghlac mé leis gur turscar a bhí ann, agus scrios mé an teachtaireacht. Mar sin féin, chuir mo mhac is sine téacs chugam á rá go raibh grianghraif nochta de Dheirdre ar fud an tsuímh idirlín seo agus go gcaithfinn rud éigin a dhéanamh faoi. An samhlófá a leithéid de rud? Pictiúir de mo chailín beag ar shuíomh idirlín agus cead ag duine ar bith a bheith ag stánadh uirthi! Ar ndóigh tá sí trína chéile. Tá an mhaidin caite agam ag iarraidh na grianghraif a bhaint anuas, ag iarraidh rudaí a chur ina gceart mar a dhéanann tuismitheoirí i gcónaí, ach is cosúil go bhfuil úinéirí an tsuímh lonnaithe ar an taobh eile den domhan agus níl siad do mo fhreagairt. Fan go bhfaighidh mé greim ar an té a rinne é seo uirthi.

(an bhileog oibre ar lean thall)

BILEOG OIBRE

# Bileog Oibre 6.1:

# Seasmhacht ábhar digiteach

### 7. An Garda Fitzpatrick

Ar an drochuair, tá cásanna mar seo sách coitianta na laethanta seo. Chuir an príomhoide thuas i scoil Naomh Muire na grianghraif de Dheirdre faoi mo bhráid, nuair a chuala sí faoin eachtra ar dtús. Cé go ndearnamar ár ndícheall na pictiúir a bhaint anuas chomh tapa agus ab fhéidir, bhí an damáiste déanta ag an bpointe sin ar aon nós. Nuair a scaiptear na grianghraif, bíonn sé beagnach dodhéanta iad a bhaint go hiomlán. Tá comhad curtha le chéile againn ar an gcás ach is deacair a rá cad a tharlóidh anois. Tá muintir Dheirdre ag iarraidh pionós a chur ar Gavin faoin méid a rinne sé. Má ionchúisítear é, measaim go ndéanfar Paul a ionchúiseamh freisin, cé nach raibh sé i gceist ag Paul riamh Deirdre a ghortú.

### 8. Orla (comrádaí ranga ag an Ollscoil)

Nuair a bhuail mé le Deirdre an chéad lá riamh, bhí a fhios agam go bhfaca mé cheana í. Cheap mé go raibh mé á cheapadh sin mar gheall ar chomh cosúil lena chéile is atáimid. Tá an bheirt againn i mbun staidéir ar Léann na nDámh in UCD ach is breá leis an mbeirt againn na taibhealaíona. D'éiríomar an-mhór le chéile tar éis dúinn a bheith ag obair le chéile i gcumann ceoil an choláiste. Is duine spraíúil í Deirdre agus tá sí an-dathúil. Caithfidh mé a rá gur cheap mé go raibh sé cineál aisteach chomh neirbhíseach is a bhíonn sí timpeall ar bhuachaillí, go speisialta nuair a bhímid amuigh oícheanta. Sa dara seimeastar a bhíomar nuair a chuireamar dó agus dó le chéile. Ar ndóigh, bhí na pictiúir go léir feicthe againn sa 6ú bliain nuair a bhí siad ar fud an idirlín. Níor labhair aon duine againn le Deirdre faoi. Ceann de na rudaí sin atá nach labhraítear fúthu riamh atá ann.

### 9. Stephanie (Earcaí)

Bímid an-ghnóthach i mí Eanáir. Déanann daoine rúin don Bhliain Nua chun poist a athrú. Idir an dá linn, tá go leor cuideachtaí ag cur tograí nua ar bun agus ag cuardach go leor daoine chun poist a líonadh. Bhí post iontach le líonadh againn le gairid sa tionscal caidrimh phoiblí (PR). Nuair a bhuaileamar le Deirdre, bhí cuma mhaith uirthi mar iarrthóir. Tá sí an-nuálach agus bhí sí ina bainisteoir cumarsáide le cumann mór ceoil. Bhíomar díreach ar tí an post a thairiscint di nuair a tháinig rud éigin chun solais. Mar chuid de na scrúduithe cúlra a dhéanaimid ar gach iarrthóir ionchais, d'aimsíomar roinnt pictiúir ghháirsiúla di a bhí ar líne. Bhí duine ar bith in ann iad a aimsiú ach cuardach simplí a dhéanamh. Toisc go bhfuil bainistiú clú agus cáil ríthábhachtach don ghnó seo, bhí drogall mór orainn Deirdre a fhostú tar éis dúinn na pictiúir a fheiceáil.

### 10. Cathal (Fear céile Dheirdre)

Chas mé féin is Dee ar a chéile nuair a bhíomar 30. Tar éis dom 30 bliain a bhaint amach thuig mé go raibh sé thar am agam socrú síos. Chláraigh mé le seirbhís geandála ar líne agus chas mé le Dee. Bhí sí cúthail ar dtús shílfeá. Ní mórán a bhí le rá aici ina cuid téacsanna agus bhí mé ag ceapadh gur beag spéis a bhí aici ionam. Shocraigh mé bualadh léi, ar aon chaoi, agus, mar a deir siad, ní gá a thuilleadh a rá! Bhíomar ag siúl amach le chéile ar feadh thart ar bliain nuair a d'inis sí dom faoi na grianghraif agus an drochbhail a d'fhág siad uirthi le blianta. Ar ndóigh, b'fhearr liom i bhfad nach mbeadh uirthi dul tríd an gcruachás sin ach ní athraíonn sé an chion atá agamsa uirthi. Nach iomaí duine a bhfuil pictiúir acu den saol atá caite ab fhearr leo a chur i bhfolach?

### 11. Jack (Garmhac Deirdre)

Dia duit, is mise Jack agus táim 12 bhliain d'aois. Sa rang staire, caithfidh gach duine i rang a sé tionscadal a dhéanamh ar an duine is sine a bhfuil aithne acu air. Táim ag déanamh mo thionscadail ar mo Mhamó Dee. Táim chun cúpla ceist a chur uirthi. D'úsáid mé an t-idirlíon chun féachaint ar roinnt de na feidhmchláir a bhíodh in úsáid ag Mamó Dee. Níl go leor de na feidhmchláir ann níos mó! Is iontach an rud a bheith ag breathnú ar na teachtaireachtaí a sheol Mamó Dee chuig a cairde nuair a bhí sí ar comhaois liomsa. Bhí roinnt pictiúir agus í nocht ann freisin. Scanraigh siad sin mé i dtosach! Ach tá siad i ndroch-chaoi, nílim cinnte fiú an pictiúir chearta iad. Is dóigh nach raibh mórán imní ar dhaoine faoina bpríobháideachas an uair sin.

## GNÍOMHAÍOCHT 2:

### Conas déileáil agus cúnamh a fháil

1. I ngrúpaí, déanfaidh na scoláirí anailís ar na scéalta a d'inis na carachtair éagsúla i nGníomhaíocht 1. Tabharfar scéal beirt charachtar do gach grúpa le scrúdú.

2. Déanfaidh na grúpaí difriúla iarracht ansin na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

**C. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas nach rachadh an cás ó smacht, mar a tharla?**

*Freagra samplach: I measc na réiteach: tuairisc a thabhairt faoin ábhar don tseirbhís atá ag óstáil an ábhair, iarraidh ar an gciontóir an t-ábhar a bhaint, éileamh um an gceart go ligfí i ndearmad a chur isteach, an méid a tharla a thuairisciú do scoil/na Gardaí, tacaíocht a lorg ón teaghlach/cairde/múinteoirí/Líne Chabhrach na Leanaí.*

**C. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas nach bhfeicfeadh do charachtar na híomhánna?**

**C. Cén tacaíocht a bheadh ag teastáil ó na carachtair, chun déileáil leis an eachtra?**

3. Nuair a bhíonn roinnt ama ag na grúpaí plé a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a ghlacadh chun cosc a chur ar an eachtra dul ó smacht, ba cheart dóibh na gníomhaíochtaí sin a chur os comhair an ranga ar fad agus iad a phlé leo.




# GNÍOMHAÍOCHT 3:
## (roghnach): Cuir feachtas feasachta ar bun

1. Ag úsáid na gceachtanna a foghlaimíodh i nGníomhaíochtaí 1 agus 2, cruthóidh scoláirí a bhfeachtais feasachta féin chun dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna.

2. Oibreoidh na scoláirí le chéile arís i ngrúpaí agus roghnóidh siad díriú ar aon cheann de na topaicí seo a leanas:

- Cuidiú le híospartaigh tacaíocht a aimsiú agus a chur in iúl dóibh nach orthusan atá an locht.
- Cuideoidh siad le ciontóirí/daoine sa slua a aithint nach mbíonn sé ceart go leor riamh íomhánna príobháideacha daoine eile a chomhroinnt.
- Tacú le híospartaigh ar comhroinneadh íomhánna dlúthphearsanta leo go neamhthoilteanach.
- Cur in iúl cén sórt éifeachtaí a bhíonn ag comhroinnt neamhthoilteanach ar an íospartach.
- Aird a tharraingt ar an gcaoi a bhfuil sé mídhleathach do dhaoine faoi 17 mbliana d'aois íomhánna gáirsiúla a chomhroinnt.
- Aird a tharraingt ar bheartas na scoil maidir le gnéastéacsáil.
- Aon ábhar eile ábhartha.

3. Cuideoidh **Bileog oibre 6.3** le scoláirí a bhfeachtas feasachta a phleanáil agus a bheachtú (tá leagan difreáilte den bhileog oibre seo faoi iamh freisin).



Bileog oibre 6.3 (a):

# Feachtas feasachta a fhorbairt

BILEOG OIBRE

**Úsáid an bhileog oibre seo chun cuidiú leat d'fheachtas feasachta a fhorbairt.**

**1.** Cén sórt scileanna atá agat? D'fhéadfaidís sin a bheith áisiúil le haghaidh d'fheachtais.

☐ Ealaín ☐ Ceol ☐ Físghrafadóireacht

☐ Caint phoiblí ☐ Drámaíocht ☐ Scríbhneoireacht

☐ Dearadh ☐ Meáin dhigiteacha ☐ Meáin shóisialta

☐ Eile: ______________________________________

**2.** Cén gníomh a bhfuil suim agat a fhiosrú i d'fheachtas?

A chur in iúl d'íospartaigh nach bhfuil an locht orthu.

Cuidiú le daoine a aithint nach bhfuil sé ceart riamh íomhánna pearsanta daoine eile a chomhroinnt.

Tacú le híospartaigh a ndéantar comhroinnt neamhthoilteanach ar ábhar dlúth phearsanta leo.

An tionchar a bhíonn ag comhroinnt neamhthoilteanach a chur in iúl.

Béim a leagan ar an dlí, go bhfuil sé mídhleathach ag daoine faoi 17 mbliana d'aois íomhánna gáirsiúla a chomhroinnt.

Topaic ábhartha eile: ______________________________________________________________

**3.** Spriocphobal?______________________________________________________________________

**4.** Teachtaireacht d'fheachtais?___________________________________________________________

**5.** Cén treoir chun gnímh a bheidh ag d'fheachtas? (e.g. Déan teagmháil, Déan é mar sin, Seas in aghaidh...)

_____________________________________________________________________________________

**6.** Seo cúpla moladh d'fheachtas frithbhulaíochta ar fud na scoile. Roghnaigh ceann amháin nó forbair do bhealach uathúil féin.

Reáchtáil feachtas póstaeir.

Cruthaigh bileoga eolais nó irisí.

Reáchtáil feachtas sna meáin shóisialta

Cruthaigh acmhainní físe a chuireann comhroinnt fhreagrach grianghraf chun cinn.

Iarr ar scoláirí gealltanas a dhéanamh agus a thaifeadadh go mbeidh siad ómósach ar líne.

Tabhair óráid do phiaraí agus do scoláirí níos óige.

Eile: ______________________________________

**7.** Déan taighde ar fheachtais feasachta eile. Tá smaointe ar www.watchyourspace.ie agus ar www.saferinternetday.ie le haghaidh feachtas feasachta sábháilteachta idirlín éagsúla.

BILEOG OIBRE

## Bileog oibre 6.3 (b):

# Feachtas feasachta a fhorbairt

**Úsáid an bhileog oibre seo chun cuidiú leat d'fheachtas feasachta a fhorbairt.**

1. Cén sórt scileanna atá agat? D'fhéadfaidís sin a bheith áisiúil le haghaidh d'fheachtais.

   ☐ Ealaín ☐ Ceol ☐ Físghrafadóireacht
   ☐ Caint phoiblí ☐ Drámaíocht ☐ Meáin shóisialta
   ☐ Eile:______________________________

2. Spriocphobal?

   ☐ Leanaí ☐ Déagóirí ☐ Daoine Fásta

3. Teachtaireacht d'fheachtais?__________________________________________________

4. Seo cúpla moladh d'fheachtas frithbhulaíochta ar fud na scoile.
   Roghnaigh ceann amháin nó roghnaigh do bhealach uathúil féin.
   Reáchtáil feachtas póstaeir.
   Cruthaigh bileoga eolais nó irisí.
   Reáchtáil feachtas sna meáin shóisialta
   Cruthaigh físeán maidir le comhroinnt shábháilte grianghraf.
   Iarr ar scoláirí gealltanas a thabhairt go mbeidh siad cineálta ar líne.
   Tabhair óráid do scoláirí níos óige.
   Eile: ________________________________________________________________________

5. Déan taighde ar fheachtais feasachta eile. Tá smaointe ar www.watchyourspace.ie agus ar www.saferinternetday.ie le haghaidh gníomhaíochtaí sábháilteachta idirlín éagsúla.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Bunrialacha samplacha

- Léirigh meas ar chách.
- Tabhair deis labhartha do gach duine.
- Éist go gníomhach agus go géar le gach duine.
- An rud a roinntear sa rang, fanadh sé sa rang.
- Iarr soiléiriú má tá mearbhall ort.
- Ná cuir isteach ar dhuine eile atá ag caint.
- Tabhair dúshlán do chomhscoláirí, ach déan é go measúil.
- Tabhair critíc ar smaointe, ní ar dhaoine.
- Ná tabhair tuairimí gan fianaise tacaíochta.
- Ná caith anuas ar aon duine (fiú más ag magadh atá tú).
- Glac freagracht as caighdeán na cainte.
- Tóg ar an méid a deir do chomhscoláirí; oibrigh i dtreo tuiscint roinnte.
- Bíodh na hábhair a theastaíonn don rang agat i gcónaí.
- Ná monaplaigh na cainteanna.
- Úsáid ráitis maidir liom féin: Measaim, mothaím, creidim.
- Ná tabhair samplaí de do thaithí féin ná samplaí de rudaí a tharla do dhaoine eile.
- Féadfaidh gach duine a dtuairim a athrú bunaithe ar an bplé machnamhach.
- Má mhaslaíonn aon rud a deirtear i rith na díospóireachta thú, abair láithreach é.

# Aguisín 2: Cé a thabharfaidh cabhair duit

## Ginearálta

**Barnardos**
Oibríonn Barnardos le leanaí leochaileacha agus lena dteaghlaigh in Éirinn agus bíonn siad páirteach i bhfeachtais ar son chearta gach linbh.
www.barnardos.ie
1850 222300

**Líne Chabhrach na Leanaí**
Cuireann Líne Chabhrach na Leanaí seirbhís fóin, seirbhís tacaíochta téacs (seol téacs a deir 'Talk' chuig 50101) agus seirbhís comhrá ar líne ar fáil le tacú le daoine óga. Tá seirbhís téacs speisialta ar fáil chomh maith do dhaoine óga a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu (seol téacs a deir 'Bully' chuig 50101).
www.childline.ie
1800 666666

**SpunOut**
Is suíomh gréasáin dírithe ar an óige atá i SpunOut. Díríonn sé ar fholláine agus ar mhaireachtáil shláintiúil a chur chun cinn i measc daoine óga.
www.spunout.ie

**Teen-Line Ireland**
Is seirbhís tacaíochta fóin atá saor in aisce atá i Teen-Line Ireland do dhéagóirí ar mian leo labhairt le duine éigin.
www.teenline.ie
1800 833634

## Meabhairshláinte agus folláine

**Aware**
Cuireann Aware seirbhísí tacaíochta dúlagair agus neamhord giúmair lena mbaineann ar fáil i bhfoirm grúpaí tacaíochta áitiúla, líne chabhrach agus cúrsaí éagsúla oideachais.
www.aware.ie
1890 303302

**Console**
Tacaíonn Console, an carthanas féinmharaithe náisiúnta, le daoine i ngéarchéim féinmharaithe agus leo siúd ar cailleadh daoine muinteartha nó cairde leo mar gheall ar fhéinmharú trí sheirbhísí comhairleoireachta, tacaíochta agus línte cabhracha a chur ar fáil.
www.console.ie
1800 201890

**GROW**
Is eagraíocht mheabhairshláinte é GROW a chuidíonn le daoine a d'fhulaing nó atá ag fulaingt de bharr fadhbanna meabhairshláinte. Cuireann sé líne chabhrach agus grúpaí tacaíochta ar fáil go náisiúnta.

www.grow.ie
1890 474474

**Headstrong**
Is eagraíocht neamhbhrabúis é Headstrong a thacaíonn le meabhairshláinte daoine óga in Éirinn trí abhcóideacht, trí thaighde agus trí fhorbairt seirbhíse (trí thionscadail Jigsaw).

www.headstrong.ie
01 4727010

**MyMind**
Is soláthraí seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe é MyMind.

www.mymind.org
076 6801060

**Your Mental Health**
Díríonn an suíomh gréasáin seo, a d'fhorbair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar fheasacht agus ar thuiscint ar mheabhairshláinte agus ar fholláine in Éirinn a fheabhsú.

www.yourmentalhealth.ie

**An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc**
Déanann an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc forbhreathnú ar fhorfheidhmiú 'ReachOut', comhordaíonn sí iarrachtaí chun féinmharú a chosc agus labhraíonn sí le gníomhaireachtaí agus le daoine aonair atá gníomhach i bhféinmharú a chosc.

www.nosp.ie
01 6201672

**Pieta House**
Is ionad cónaithe atá i Pieta House chun féindochar nó féinmharú a chosc. Tá sé suite i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá ionaid for-rochtana agus ionaid barr feabhais acu ar fud na hÉireann.

www.pieta.ie
01 6010000

**ReachOut**
Tá sé d'aidhm ag ReachOut faisnéis mheabhairshláinte d'ardchaighdeán agus scéalta spreagúla daoine óga a chur ar fáil chun cabhrú le daoine óga eile atá faoi anacair.

ie.reachout.com
01 7645666

**Na Samáraigh**
Tugann na Samáraigh tacaíocht do dhaoine atá ag streachailt, lena n-áirítear daoine atá ag smaoineamh ar fhéinmharú, trí líne chabhrach.

www.samaritans.org
1850 609090

## Neamhoird itheacháin

**Bodywhys**
Tacaíonn Bodywhys le daoine a bhfuil tionchar ag neamhoird itheacháin orthu. Cuireann sé seirbhísí faisnéise agus tacaíochta rúnda ar fáil do dhaoine a bhfuil tionchar ag neamhoird itheacháin orthu.
www.bodywhys.ie
1890 200444

## Inscne agus gnéasacht

**Gay Switchboard Dublin**
Cuireann Gay Switchboard Dublin tacaíocht éisteachta neamhthreorach ar fáil.
www.gayswitchboard.ie
01 8721055

**BeLonG To Youth Project**
Tacaíonn BeLonG To Youth Project le daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha in Éirinn.
www.belongto.org
01 8734184

**Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)**
Tá sé mar aidhm ag TENI coinníollacha a fheabhsú agus cearta agus cothroime daoine trasinscneacha agus a dteaghlaigh a chur ar aghaidh.
www.teni.ie
085 1477166

**Líne Chabhrach LGBT**
Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.
www.lgbt.ie
1890 929539

## Sábháilteacht idirlín

**Hotline.ie**
Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.
www.hotline.ie
1890 610710

**Bí Aireach faoi do Spás**
Is suíomh gréasáin é Bí Aireach faoi do Spás a léiríonn agus a thacaíonn le hobair daoine óga a bhfuil a dtionscnaimh féin á rith acu ina scoileanna agus ina ngrúpaí óige chun deireadh a chur leis an gcibearbhulaíocht.
www.watchyourspace.ie

**Webwise**
Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an gClár um Idirlíon níos Sábháilte de chuid an AE. Ardaíonn sé feasacht ar shaincheisteanna sábháilteachta ar líne agus ar dhea-chleachtas i measc scoláirí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí.

www.webwise.ie

**An Coimisinéir Cosanta Sonraí**
Cinntíonn an Coimisinéir um Chosaint Sonraí go gcloíonn na daoine sin a choinníonn faisnéis le prionsabail na cosanta sonraí. Tugtar faisnéis ar an suíomh gréasáin faoi chearta daoine aonair agus ar fhreagrachtaí eagraíochtaí.

www.dataprotection.ie

## Rannóga um shábháilteacht idirlín

**YouTube**
www.youtube.com/yt/policyandsafety/en-GB/

**Facebook**
www.facebook.com/help/

**Twitter**
about.twitter.com/safety

## Ionsaí gnéasach

**Cosc**
Is é Cosc an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.

www.cosc.ie

**Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath**
Is eagraíocht náisiúnta é Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath a thairgeann raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigniú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

www.drcc.ie
1800 77 88 88

**Líonra Forbartha na bhFear**
Oibríonn Líonra Forbartha na bhFear le fir chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhíonn os a gcomhair féin agus os comhair a dteaghlaigh, a bpobail agus na sochaí. Is cuid ollmhór dá gcuid oibre é an drochúsáid agus an foréigean teaghlaigh a bhíonn ar siúl ag fir in éadan ban a stopadh.

www.mens-network.net

**Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann**
Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

www.rcni.ie

**SAFE Ireland**
Is é SAFE Ireland an t-aon eagraíocht náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar sheirbhísí foréigean teaghlaigh túslíne in Éirinn.
www.safeireland.ie

**An Clár um Shláinte Ghnéis agus um Thoirchis Ghéarchéime**
Is clár náisiúnta é an Clár um Shláinte Ghnéis & um Thoirchis Ghéarchéime de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhfuil sé de chúram air straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le toirchis ghéarchéime in Éirinn.
www.crisispregnancy.ie

## Aguisín 3: Treoirlínte maidir le cuairteanna ar scoileanna

*Ciorclán 0023/2010 na Roinne Oideachais*
Caithfidh cainteanna agus cláir a thugann gníomhaireachtaí nó cainteoirí seachtracha a bheith comhsheasmhach agus comhlántach le héiteas na scoile agus leis an gclár OSPS nó OSG. Ba cheart cuairteanna a phleanáil, taighde a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú i gcomhar le pearsanra na scoile.

Tá sé ríthábhachtach go bhfanann múinteoirí ranga sa rang leis na scoláirí. Ba cheart go gcinnteodh láithreacht an mhúinteora sa rang go leanann an scoil na nósanna imeachta cuí le déileáil le haon saincheisteanna a eascraíonn as ionchur seachtrach.

Caithfidh na múinteoirí cuí idirchaidreamh a dhéanamh leis an cuairteoirí agus na gníomhaireachtaí seachtracha ar fad atá ag oibriú leis an scoil agus caithfidh an fhoireann ar fad a bheith ar an eolas fúthu.

Moltar go láidir go rachfaí i gcomhairle le tuismitheoirí agus go gcuirfí ar an eolas iad faoi chuairt ar bith ó dhaoine nó gníomhaireachtaí chuig seomraí ranga agus scoileanna.

Caithfear modheolaíochtaí cuí, fianaisebhunaithe le torthaí oideachais soiléire a úsáid i ngach clár agus imeacht a sheachadann cuairteoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha. Is fearr a sheachadann daoine atá cáilithe go sonrach le hoibriú leis na daoine óga ar dearadh na cláir dóibh na cláir sin.

Ba cheart go ndéanfadh scoláirí agus múinteoirí measúnú ar gach clár, caint, idirghabháil agus imeacht i dtéarmaí an ábhair, na dteachtaireachtaí, struchtúir, modheolaíochta agus torthaí foghlama beartaithe.

**Áirítear le cur chuige teagaisc míchuí nár cheart do chuairteoirí chun na scoile a úsáid:**

**Bearta scanraithe:** Tá faisnéis a scanraíonn daoine agus a dhéanann áibhéil ar iarmhairtí diúltacha míchuí agus fritorthúil.

**Idirghabhálacha méaldrámatacha:** Tá idirghabhálacha a thugann léargas dearfach nó spreagúil ar iompar baolach míchuí agus d'fhéadfaidís daoine a spreagadh le rioscaí míchuí a thógáil.

**Teistiméireachtaí:** Féadfaidh scéalta faoi stíl mhaireachtála chontúirteach an t-iompar a theastaigh uathu a chosc a spreagadh trí ghaiscígh a dhéanamh de na daoine a thugann na teistiméireachtaí.

**Faisnéis nach bhfuil feiliúnach don aois:** D'fhéadfadh sé bheith fritorthúil faisnéis a thabhairt do scoláirí maidir le hiompair nach dócha go mbeidh siad páirteach iontu mar go bhféadfaí luachanna, meon agus iompar a athrú.

**Idirghabhálacha aonuaire nó gearrthéarma:** Ní bhíonn idirghabhálacha gearrthéarma, bídís pleanáilte nó ina bhfreagra ar ghéarchéim, éifeachtach.

**Iompar baolach daoine óga a normalú:**Má chuirtear in iúl do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go mbeidh a bpiaraí ar fad páirteach in iompar baolach d'fhéadfadh sé brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin.

# Aguisín 4: Litir shamplach chuig tuismitheoirí

A Thuismitheoir, a chara,

Tá sé i gceist againn leas a bhaint as clár ar a dtugtar 'Taisceadáin' mar chuid de chlár Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) do linbh. Is acmhainn oideachais é Taisceadáin a forbraíodh chun tacú le scoileanna agus iad ag dul i ngleic leis an tsaincheist a bhaineann le comhroinnt neamhthoilteanach íomhánna dlúthphearsanta (ar a dtugtar 'gnéastéacsáil' uaireanta) i gcomhthéacs an ranga OSPS.

Leagtar béim san acmhainn seo go bhfuil sé mídhleathach ag mionaoisigh pictiúir agus físeáin dhlúthphearsanta a chruthú agus a chomhroinnt. Tá sé i gceist freisin san acmhainn comhbhá, ómós agus teacht aniar a chothú i measc daoine óga a gcuireann comhroinnt neamhthoilteanach isteach orthu agus cuidiú le daoine óga na hiarmhairtí a bhíonn le hábhar dlúthphearsanta a chomhroinnt ar líne a thuiscint.

Is é Webwise, tionscnamh sábháilteacht idirlín na Roinne Oideachais agus Scileanna, a d'fhorbair an clár Taisceadáin agus mhol na comhpháirtithe go léir san oideachas é.

Toisc gur tusa príomhoideachasóir do linbh sa réimse caidrimh agus gnéasachta, tá sé an-tábhachtach ár gclár OCG a leagan amach i gcomhairle leatsa. Caith súil ar ábhar an chláir Taisceadáin, ar www.webwise.ie/ga/muinteoiri/faigh-acmhainni, agus déan teagmháil leis an scoil dá mba mhaith leat an clár a phlé tuilleadh/do leanbh a tharraingt siar ó na ranganna OSPS fad is atá an clár seo ar siúl.

Le dea-mhéin,

____________________________________

# Aguisín 5: Gluais

**aip:** Is é is aip (feidhmchlár) ann, clár bogearraí. Tagraíonn aip de ghnáth do bhogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste, ar tháibléid nó ar ghairis shoghluaiste eile. Is iondúil go mbíonn aipeanna ar fáil trí ardáin seachadta feidhmchláir cosúil le Apple App Store agus Google Play. Tá roinnt aipeanna saor in aisce agus caithfear roinnt eile a cheannach.

**toilteanach:** Bíonn gníomh toilteanach nuair a chomhaontaíonn gach páirtí é a dhéanamh.

**cibearbhulaíocht:** Bulaíocht a dhéantar trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus teicneolaíochtaí eile ar líne. Féachfar ar theachtaireacht, ar íomhá nó ar ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar líonra meán sóisialta nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

**dí-urchoilleadh:** Easpa srianta atá i ndí-urchoilleadh a tharlaíonn nuair nach bhfeiceann daoine na drochiarmhairtí a bhaineann le hiompar bulaíochta ar líne go díreach. Ní bhraitheann daoine a chuireann teachtaireachtaí ar an idirlíon chomh freagrach as a gcuid gníomhartha ná focal ar líne agus a bhraithfidís ar shlí eile.

**emoji/straoiseog:** Léiriú ar ghothaí gnúise, cosúil le miongháire nó grainc, a chruthaítear trí mheascáin de charachtair mhéarchláir. Is iondúil go n-úsáidtear emoji i gcumarsáid leictreonach chun mothúcháin nó tuin an scríbhneora a chur in iúl.

**aip éadrom:** Aip ina bhféinscriostar teachtaireachtaí nó ina dtéann siad as radharc ó fhón an fhaighteora tar éis cúpla soicind.

**ábhar gáirsiúil:** Dar leis an Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, aon ghrianghraf, físeán nó taifeadadh fuaime ina dtaispeántar leanbh ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach, nó ina ndírítear go sonrach ar bhaill ghiniúna linbh, meastar gur pornagrafaíocht leanaí é agus go bhfuil sé mídhleathach dá bhrí sin. Níl sé chomh soiléir cibé an bhfuil ábhar atá gríosaitheach, seachas gáirsiúil ar bhonn gnéasach, mídhleathach. D'fhéadfaí Cuid (d) den acht a léiriú ionas go bhféadfaí beagnach aon ábhar gríosaitheach á tháirgeadh nó á sheoladh ag leanbh a mheas mar phornagrafaíocht leanaí. Is í an chúirt amháin a chinnfeadh sa deireadh thiar cibé an bhféadfaí ábhar ar leith a mheas mar ábhar mídhleathach faoin rannán seo.

**comhrá grúpa:** Gné teachtaireachta a ligeann d'úsáideoirí labhairt le grúpa cairde ag aon am amháin.

**ciapadh:** Cion coiriúil a tharlaíonn nuair a dhéanann duine ciapadh ar dhuine eile, gan údarás dlíthiúil, trí chur isteach air, imdhruid air nó cumarsáid a dhéanamh leis go leanúnach. Meastar go mbíonn duine á chiapadh i gcásanna ina gcuireann duine eile isteach go mór ar shíocháin agus ar phríobháideachas an duine sin nó i gcásanna ina scanraíonn duine eile an duine sin, ina ngoilleann duine eile ar an duine sin nó ina ndéanann duine eile dochar ar an duine sin. Baineadh úsáid as an reachtaíocht seo chun daoine a ionchúiseamh i gcásanna a bhain le ciapadh teileafóin agus le stalcaireacht agus ciapadh a rinneadh ar an idirlíon.

**seirbhísí teachtaireachta:** Ceadaíonn seo d'úsáideoirí téacsanna a sheoladh i bhfíor-am, tríd an idirlíon. Nuair a úsáidtear na feidhmchláir seo ar fhón póca, úsáidtear in áit gnáth-theachtaireachtaí téacs iad go minic toisc go mbíonn siad níos saoire.

**mionaoiseach:** Leanbh faoi 17 mbliana d'aois.

**neamhthoilteanach:** Comhroinnt ábhar ar líne gan cead ón duine ar leis/léi an t-ábhar (pictiúir nó físeáin de ghnáth).

**féinphiceanna de dhuine nocht/'nude selfie':** Íomhánna dlúthphearsanta a chruthaíonn an duine féin. Téarma coitianta is ea 'nude selfie' a úsáideann déagóirí chun cur síos a dhéanamh ar a leithéid d'íomhá.

**tuairiscigh:** Nuair a thagann úsáideoirí ar ábhar mídhleathach, ionsaitheach nó míchuí ar sheirbhís líonraithe shóisialta, ba cheart dóibh leas a bhaint as na próisis tuairiscithe drochíde chun an t-ábhar a chur in iúl don tseirbhís líonraithe shóisialta. Athbhreithníonn modhnóirí na seirbhíse faoi chaibidil an t-ábhar ansin i bhfianaise na tuairisce agus baineann siad ábhar ar bith a sháraíonn a mbeartais.

**pornagrafaíocht díoltais:** Cleachtas ina ndéantar ábhar gnéastéacsála a scaipeadh go mailíseach, gan chead, d'fhonn díoltas a bhaint amach agus d'fhonn duine a náiriú os comhair an phobail.

**an ceart go ligfí i ndearmad:** Faoi rialacháin cosanta sonraí na hEorpa, tá sé de cheart ag saoránaigh go ligfí i ndearmad iad agus iarraidh go mbainfí faisnéis áirithe fúthu ó thorthaí innill chuardaigh.

**féinphiceanna/íomhánna a chruthaigh an duine féin:** Cineál grianghraif díot féin, a thógtar de ghnáth le ceamara digiteach nó le guthán le ceamara.

**gnéastéacsáil:** Téacs gnéasach, físeán gnéasach, agus ábhar fótagrafach gnéasach a mhalartú agus a chomhroinnt ag úsáid fóin phóca, feidhmchlár, seirbhísí líonraithe shóisialta agus teicneolaíochtaí eile ar an idirlíon. Cé go n-áirítear le sainmhínithe teicniúla uaireanta malartú ábhar pornagrafaíochta, úsáidimid an téarma gnéastéacsáil chun cur síos a dhéanamh ar chomhroinnt íomhánna gáirsiúla a chruthaigh an duine féin.

**gnéas-sracadh:** Cineál sracaidh nuair a bhagraíonn an coirpeach go scaipfear ábhar gáirsiúil den íospartach mura n-íocann an t-íospartach suim airgid nó mura seolann sé/sí tuilleadh ábhar gáirsiúil

**comhroinnt/dáileadh:** Ábhar a tháirgeann nó a sheachadann úsáideoir eile ar líonra sóisialta a chomhroinnt le cairde nó le leantóirí líonra shóisialta. Méadaíonn roinnt go mór an líon daoine a fheiceann an t-ábhar.

**fón cliste:** Fón póca atá in ann go leor d'fheidhmeanna an ríomhaire a chomhlíonadh. Go hiondúil bíonn scáileán mór ar fhón cliste agus córas feidhmithe atá in ann aipeanna ilfheidhmeacha a rith.

**líonrú sóisialta:** Ceangal, cumarsáid agus comhoibriú le daoine eile ar an idirlíon trí phobail ar líne. Is féidir le daoine a bheith cruthaitheach agus tuairimí a léiriú ar sheirbhísí líonraithe shóisialta. Ní mór do scoláirí a bheith cúramach agus iad ag cur faisnéis phearsanta ar sheirbhísí líonraithe shóisialta.

**milleán ar an íospartach:** Nuair a chuirtear an milleán ar an íospartach as rud a rinne duine eile air/uirthi. Sampla de chás ina gcuirtear an milleán ar an íospartach is ea nuair a chomhroinntear ábhar gáirsiúil le duine go neamhthoilteanach ach go gcuirtear an milleán ar an duine as an ábhar a chomhroinnt ar an gcéad dul síos.

# Eolas fúinn

Is cuid d'fhoireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é an tionscnamh Webwise. Tacaíonn an fhoireann sin le comhtháthú ICT sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna in Éirinn agus déanann sé é a chur chun cinn. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas raon de thacaí ICT a sholáthar do scoileanna, lena n-áirítear forbairt beartas ICT, comhairle, forbairt ghairmiúil, ábhar agus feidhmeanna eiseamláire.

Is seirbhís tacaíochta trasearnála í SFGM atá faoi bhainistíocht Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí agus na Rannóige um Beartas ICT sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireann an obair a dhéanann SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar shaincheisteanna curaclaim agus oideachais agus trí chleachtas athmhachnamhach agus forbairt leanúnach a chothú i measc múinteoirí.

Ba i mí Mheán Fómhair 2010 a bunaíodh SFGM mar sheirbhís tacaíochta nua, chineálach, chomhtháite agus trasearnála do scoileanna. D'eascair bunú SFGM as roinnt seirbhísí tacaíochta neamhspleácha a chónascadh. Sa lá atá inniu ann, cuimsíonn SFGM na tacaí a chuir seirbhísí tacaíochta agus cláir thacaíochta eile ar fáil roimhe seo, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas anois).

Oibríonn Webwise go dlúth leis an bhfoireann Sláinte agus Folláine in SFGM. Soláthraíonn an fhoireann sin tacaí do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le bulaíocht a chosc agus le hidirghabháil a dhéanamh i gcás bulaíochta. Tacaíonn sí freisin le forfheidhmiú OSPS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) ina chomhpháirtí i gClár um Idirlíon níos Sábháilte arna maoiniú ag an AE ón mbliain 2000 i leith. Bhunaigh an NCTE an tionscnamh Webwise sa bhliain 2005 chun go ngníomhódh Webwise mar ionad náisiúnta feasachta ar shábháilteacht Idirlín in Éirinn. Tá an tionscnamh á chómhaoinithe ag Clár an AE um Idirlíon níos Sábháilte agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá Webwise ina chomhalta Éireannach de ghréasán Insafe ó shin i leith. Tá sé mar ról ag an ionad náisiúnta feasachta leanaí in Éirinn a spreagadh chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an idirlíon.

Ag gníomhú dó mar Ionad um Idirlíon níos Sábháilte do Phoblacht na hÉireann, cuireann an tIonad um Idirlíon níos Sábháilte, Éire, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, Beolíne agus líne chabhrach ar fáil sa tír seo. Is tríd an tionscnamh Webwise dá cuid a thugann SFGM faoi ardú feasachta.

Cuibhreannas é an tionscadal sin ina bhfuil comhpháirtithe tionscail, oideachais, leas leanaí agus rialtais a sholáthraíonn feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, beolíne agus líne chabhrach do Phoblacht na hÉireann. Is iad na comhpháirtithe sa chuibhreannas an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), tríd an tionscnamh Webwise dá cuid, Líne Chabhrach na Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus Cumann Soláthróirí Seirbhísí Idirlín na hÉireann. Comhordaíonn an Oifig Sábháilteachta Idirlín é chun tionscnaimh náisiúnta a fhorbairt lena gcuirtear úsáid níos sábháilte na meán leictreonach chun cinn agus chun iad siúd is mó i mbaol, go háirithe leanaí, a chosaint níos mó in aghaidh na ngnéithe diúltacha den Idirlíon. Cuireann an cuibhreannas seo leis an taithí a gnóthaíodh sna tionscadail maidir le hIdirlíon níos Sábháilte a bhí fíor-rathúil ach neamhspleách a reáchtáladh roimhe seo.

# Lá na Sábháilteachta Idirlín

Eagraítear Lá na Sábháilteachta Idirlín i mí Feabhra gach bliain ar mhaithe le leanaí agus le daoine óga ar fud an domhain a spreagadh le húsáid níos sábháilte agus níos freagraí a bhaint as an teicneolaíocht ar líne agus as fóin phóca. Glacann níos mó ná 76 tír i ngach cearn den domhan páirt ann.

Is é an príomhchuspóir atá le Lá na Sábháilteachta Idirlín na páirtithe leasmhara ábhartha a thabhairt le chéile ar mhaithe le leanaí a spreagadh le húsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an Idirlíon.

Ceiliúrfar Lá na Sábháilteachta Idirlín 2016 Dé Máirt, an 9 Feabhra 2016 leis an gceannlíne, 'Déan do chuid chun idirlíon níos fearr a chruthú'.

Trí Lá na Sábháilteachta Idirlín a cheiliúradh i do scoil, cabhrófar go mór le haird a tharraingt ar dhearcadh na scoile nach nglacfar ar chor ar bith le hiompar bulaíochta. Ag an am céanna, cuirfear dearcthaí dearfacha ar nós comhair, cairdis agus cóimheasa chun cinn ar fud na gcaidreamh ar fad i bpobal na scoile. Cuimsíonn an obair sin an curaclam ar fad agus tugann sí ról don mhórphobal tuismitheoirí freisin. Má reáchtáiltear an lá go maith, is féidir leis an scoil an-tairbhe a bhaint as ó thaobh spleodair agus spraoi de. Níos tábhachtaí fós, is féidir leis an lá feabhas a chur ar an atmaisféar agus ar an éiteas laistigh den scoil agus a thaispeáint go soiléir don fhoireann ar fad agus do na scoláirí agus do na tuismitheoirí go léir go bhfuil an scoil ag cur go gníomhach in aghaidh na cibearbhulaíochta, nach nglacfar ar chor ar bith le cibearbhulaíocht, go bhfuil sé ceart go leor labhairt faoi bhulaíocht agus go dtabharfar cabhair do dhaoine a ndéantar bulaíocht orthu.

Chuireamar pacaí le chéile do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon, pacaí ina bhfuil cuid mhór dea-smaointe a chabhróidh le scoileanna páirt a ghlacadh i Lá na Sábháilteachta Idirlín. Is féidir na pacaí sin a fháil ar an suíomh idirlín www.saferinternetday.ie. Ar shuíomh idirlín Lá na Sábháilteachta Idirlín, taispeántar roinnt de na gníomhaíochtaí agus de na himeachtaí spleodracha a reáchtáladh in Éirinn chun an lá a cheiliúradh roimhe seo agus tugtar acmhainní is féidir leat a úsáid ar scoil.

# Na hacmhainní eile atá againn d'iar-bhunscoileanna

D'oibrigh tionscadail roimhe seo a bhí á gcómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus sraith de Chláir AE um Idirlíon níos Sábháilte le comhlachtaí forfheidhmithe curaclaim (amhail an tseirbhís tacaíochta OSPS) ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar shraith acmhainní is féidir a úsáid chun scileanna Idirlín a theagasc agus atá oiriúnach do gach céim ábhartha d'fhorbairt chognaíoch agus d'úsáid teicneolaíochta.

Ba iad an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) a bhí ann roimhe seo agus atá mar chuid den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí anois agus an Chomhairle um Chearta an Duine a d'fhorbair **Think Before You Click** i gcomhpháirt lena chéile ar mhaithe lena úsáid ar churaclam OSSP an Teastais Shóisearaigh. Déanann an clár iniúchadh ar shaincheisteanna príobháideachais ar líne agus tugann sé spreagadh do dhaoine óga bearta a dhéanamh chun a bpríobháideachas féin, agus príobháideachas a gcuid cairde scoile, a chosaint.

Treoraíonn an mhodheolaíocht a úsáidtear san acmhainn seo scoláirí trí na saincheisteanna seo trí mhodhanna foghlama gníomhaíche a úsáid chun plé a spreagadh. A bhuí leis na cineálacha cuir chuige agus leis na modhanna teagaisc sin, bíonn deis ag scoláirí machnamh a dhéanamh ar an dóigh a dtéann na saincheisteanna seo i bhfeidhm orthu go pearsanta, ar an dóigh lena gcearta ar líne a léiriú, agus ar an dóigh le meas a léiriú ar chearta a bpiaraí. Cuimsítear san acmhainn deich gceacht, an bhileog faisnéise agus chomhairle, Bí Aireach faoi do Spás, smaointe i gcomhair tionscadail ghníomhaíochta, agus leagan de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh atá éasca le húsáid.

Acmhainn do mhúinteoirí agus do scoláirí na Sraithe Sóisearaí OSPS is ea an **Paca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us**. Rinne Ruairí Quinn, an tAire Oideachais, é a sheoladh ar Lá na Sábháilteachta Idirlín 2014. Is é aidhm na n-uirlisí ná an chumhacht a thabhairt do scoláirí iar-bhunscoile dul i ngleic leis an mbulaíocht, an chibearbhulaíocht ach go háirithe, ina bpobail áitiúla.

Áirítear san acmhainn an Lámhleabhar do Mhúinteoirí #Up2Us a bhfuil ceachtanna ann a chlúdaíonn rannóg frithbhulaíochta chúrsa nua na Sraithe Sóisearaí OSPS. Féachann na ceachtanna le hidirphlé a dhéanamh le scoláirí ar an gcibearbhulaíocht trí úsáid a bhaint as modhanna gníomhacha tarraingteacha agus as faisnéis atá cothrom chun dáta agus ábhartha. Trí phlé agus trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí beaga, cuireann an clár seo gníomh agus iompar dearfach chun cinn a chabhróidh le scoláirí timpeallacht frith-chibearbhulaíochta a chruthú ar fud na scoile agus sa domhan mór.

An dara cuid den Phaca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us is ea an ghníomhaíocht déanta póstaeir a ligeann do scoláirí dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht go hidirghníomhach.

Is féidir teacht ar gach acmhainn teagaisc de chuid Webwise ag www.webwise.ie/ga/muinteoiri/faigh-acmhainni




webwise.ie

An Roinn Oideachais
Department of Education

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

Á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Aontas Eorpach,
tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF). Tacaíonn an Roinn Dlí agus Cirt leis an Tionscadal seo.